Téarmaí & Coinníollacha Fostaíochta do Mhúinteoirí Cláraithe i mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna Aitheanta

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Eagrán 2

27 Meitheamh 2017

RÉAMHRÁ 2
FORÁLACHA GINEARÁLTA 3
SAINMHÍNITHE 4
CAIBIDIL A hAON - RIACHTANAS UM CHLÁRÚ LEIS AN gCOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA 5
CAIBIDIL A DÓ - SAOIRE BHLIANTÚIL REACHTÚIL/TEIDILÍOCHTAÍ SAOIRE POIBLÍ 14
CAIBIDIL A TRÍ - SCÉIM SAOIRE BREOITEACHTA 16
CAIBIDIL A CEATHAIR - TEIDLÍOCHTAÍ UM CHOSAINT MHÁITHREACHAIS 35
Foirm Iarratais ar Theidlíochtaí Saoire Máithreachais 46
CAIBIDIL A CUIG - SCÉIM SAOIRE ATHARTHACHTA 51
Foirm Iarratais ar Shaoire Atharthachta 56
CAIBIDIL A SÉ – TEIDLÍOCHTAÍ SAOIRE UCHTÁLA 58
Foirm Iarratais le haghaidh Teidlíochtaí Saoire Uchtála 66
CAIBIDIL A SEACHT - TEIDLÍOCHTAÍ SAOIRE TUISMITHEORA 71
Iarratais ar Shaoire Do Thuismitheoirí 80
Doiciméad Dearbhaithe i gcomhair Saoire Do Thuismitheoirí 81
CAIBIDIL A hOCHT - SCÉIM SOSA GHAIRME 83
CAIBIDIL A NAOI - SCÉIM PHOSTROINNTE 88
Foirm Iarratais ar Phostroinnt 96
CAIBIDIL A DEICH – SCÉIM SHAOIRE DO CHÚRAMÓIRÍ 100
Foirm Iarratais ar Shaoire do Chúramóirí 106
Doiciméad Dearbhaithe i gcomhair Saoire Do Chúramóirí 107
CAIBIDIL A hAON DÉAG - SAOIRE GAN PHÁ 108

RÉAMHRÁ

CHUIG: ÚDARÁIS BHAINISTÍOCHTA BUNSCOILEANNA, MEÁNSCOILEANNA, SCOILEANNA POBAIL AGUS SCOILEANNA CUIMSITHEACHA AITHEANTA AGUS CHUIG PRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA AGUS DO GACH MHÚINTEOIR CLÁRAITHE ATÁ FOSTAITHE I MBUNSCOILEANNA AGUS IARBHUNSCOILEANNA AITHEANTA.

TÉARMAÍ & COINNÍOLLACHA FOSTAÍOCHTA DO MHÚINTEOIRÍ CLÁRAITHE I mBUNSCOILEANNA AGUS IARBHUNSCOILEANNA AITHEANTA

Tagann an leabhar seo in ionad an eagráin roimhe seo den Leabhar Gréasáin seo agus in ionad gach imlitreach, meamraim, rialach agus rialacháin sna réimsí atá pléite ann.

De bhun na cumhachta atá in Alt 24 den Acht Oideachais (mar a leasaíodh), tugann an tAire Oideachais agus Scileanna ordú d'fhostóirí na rialacháin agus na nósanna imeachta a chur i bhfeidhm atá leagtha síos maidir le múinteoirí cláraithe i bpoist teagaisc faofa atá maoinithe ag airgead a chuireann an tOireachtas ar fáil. Baineann na nósanna imeachta seo le múinteoirí a fhaigheann tuarastal breisíoch ar chonradh buan, ar chonradh tréimhse éiginnte (CID), ar chonradh téarma seasta (m.sh. lánaimseartha sealadach (TWT), páirtaimseartha rialta (RPT)) mar a shainmhínítear san Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003. Ní mór do gach múinteoir cloí leis na téarmaí agus na coinníollacha comhaontaithe mar atá luaite.

Cinntigh go gcuirtear ábhar an leabhair seo ar a súle do gach ball den Bhord Bainistíochta/de na Boird Oideachais agus Oiliúna agus do gach múinteoir atá fostaithe agat, iad siúd atá ar saoire neamhláithreachta san áireamh.

Alfie Barrett
Príomhoifigeach
Téarmaí & Coinníollacha do Mhúinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta
27 Meitheamh 2017

Pádraig Maloney
Príomhoifigeach
An Rannóg Phárolla
27 Meitheamh 2017

FORÁLACHA GINEARÁLTA

1. Beartas Scoile/BOO ar neamhláithreacht múinteoirí, scéimeanna saoire neamhreachtúla san áireamh.

1.1 Forbróidh agus coinneoidh gach fostóir beartas ar neamhláithreachtaí múinteoirí lena n-áirítear scéimeanna neamhreachtúla, is é sin, postroinnt, sosanna gairme, saoire gan pá, a bhaineann go sonrach le riachtanais údarás na scoile.

1.2 Agus an beartas á chumadh tabharfar tosaíocht do leas agus riachtanais oideachais na ndaltaí thar gach breithniú eile.

1.3 Sa bheartas seo tabharfar aird chuí do chumas na scoile a cuid dualgas dá cuid daltaí a chomhlíonadh. Dá bhrí sin d'fhéadfaí teorainn a chur le líon na mball foirne teagaisc ar féidir leo leas a bhaint as an scéimeanna saoire neamhreachtúla ag aon am áirithe ar bith. Ní mór d'fhostóirí féachaint ar iarratais i gcomhthéacs saoire neamhreachtúla eile agus saoire reachtúla agus glacadh san áireamh leis má tá múinteoir ionaid atá cáilithe go cuí ar fáil.

2. Seoladh Comhfhreagrais

2.1 Seolfaidh an fostóir gach comhfhreagras riachtanach chuig an múinteoir ag an seoladh r-phoist/ baile is déanaí a cuireadh in iúl. Ní bheidh aon locht ar an bhfostóir sa chás nach bhfaigheann an múinteoir an comhfhreagras sin.

3. Comhall

3.1 Ní mór do gach múinteoir/fostóir cloí leis na rialacháin agus na nósanna imeachta a leagtar amach anseo. Sa chás nach gcloítear leis na rialacháin agus na nósanna imeachta, déileálfar leis faoi na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe agus féadfaidh sé a bheith ina chúis le stad tuarastail i gcás múinteoirí agus/nó le tarraingt siar an chlúdaigh múinteoirí ionaid do scoileanna.

4. Doiciméadú a choinneáil

4.1 Ní mór don bhfostóir gach doiciméadú maidir le neamhláithreachtaí múinteoirí a choinneáil sna taifid phearsanra ábhartha agus de réir beartas na scoile um chosaint sonraí. Ba chóir gach taifead a bheith ag teacht le hionchur sonraí ar an OLCS (Córas Éilimh Ar Líne)/Córas BOO lena mbaineann. Is féidir le hoifigigh ainmnithe na Roinne na taifid seo a iniúchadh. Más saoire tuismitheora atá i gceist tá dualgas reachtúil ar an bhfostóir na taifid seo a choinneáil ar feadh 8 mbliana ar a laghad.

5. Tuilleadh Eolais

5.1 De réir na míre tosaigh ní mór don bhfostóir na rialacháin sa leabhar seo a chur i bhfeidhm. Ba chóir gach ceist a chur ar a shúile don bhfostóir i dtús báire agus b'fhéidir gur mian leo dul i gcomhairle lena n-eagraíocht ionadaíochta a rachaidh i gcomhairle leis an Roinn, b'fhéidir, ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas: teachersna@education.gov.ie

SAINMHÍNITHE

Chun críocha an leabhair seo beidh na bríonna seo leis na téarmaí seo a leanas ach amháin má chuireann an comhthéacs a mhalairt in iúl:

Cáilithe go cuí - tá cáilíochtaí ag an múinteoir a oireann don bpost agus tá sé/sí cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta don earnáil ina bhfuil sé/sí fostaithe.

Conradh 'Ceann i nDiaidh a Chéile' – ciallaíonn sé conradh a leanann díreach i ndiaidh an chonartha roimhe gan aon bhriseadh sa tseirbhís: m.sh críochnaíonn conradh amháin an 31 Lúnasa agus tosóidh an conradh nua ó 1 Meán Fómhair den bhliain chéanna.

RCS - ciallaíonn sé An Roinn Coimirce Sóisialaí.

Fostóir - ciallaíonn sé Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) do ghairmscoileanna/coláistí pobail, pobalscoileanna náisiúnta agus Bord Bainistíochta/Bainisteoir más bunscoileanna (seachas pobalscoileanna náisiúnta), meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna nó scoileanna cuimsitheacha atá i gceist. Féadann an Bord Oideachais agus Oiliúna nó an Bord Bainistíochta/Bainisteoir freagracht a tharmligean mar is cuí maidir le gnóthaí atá leagtha amach sa leabhar seo.

Bliain Saoire - ciallaíonn sé an tréimhse 1 Meán Fómhair go 31 Lúnasa san áireamh i ngach bliain.

An Córas Éilimh Ar Líne (OLCS) - ciallaíonn sé an córas chun neamhláithreachtaí a thaifeadadh agus éilimh ar íocaíocht le múinteoirí ionaid agus múinteoirí neamhrialta páirtaimseartha a chur isteach. I láthair na huaire oibríonn sé i mbunscoileanna, meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha.

Pámháistir - ciallaíonn sé an duine/eagraíocht atá i gceannas ar tuarastail a íoc. An Roinn Oideachais agus Scileanna i gcás múinteoirí bunscoile, meánscoile deonaí, pobalscoile agus scoile cuimsithí agus Boird Oideachais agus Oiliúna i gcás múinteoirí gairmscoile/coláiste phobail.

Scoilbhliain - mar a shonraíonn an tAire Oideachais agus Scileanna ó am go chéile í - an tréimhse dar tús 1ú Meán Fómhair agus dar críoch 31 Lúnasa.

Uchtaitheoir Fir Aonair – ciallaíonn sé fostaí fireann ar cuireadh nó a gcuirfear leanbh faoina chúram aonair, faoi réir cheadú Údarás Uchtála na hÉireann.

Múinteoir Ionaid - ciallaíonn sé múinteoir atá cáilithe go cuí agus a earcaíodh i gcomhair a bhfuil fágtha d'uaireanta a cuireadh ar fáil faoi chonradh cuspóra sonraithe (téarma seasta).

Scoil Aitheanta – ciallaíonn sé scoil atá aitheanta ag an Aire Oideachais agus Scileanna de réir Ailt 10 den Acht Oideachais 1998.

Múinteoir - duine atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

An Roinn – ciallaíonn sé Roinn Oideachais agus Scileanna.

Tá Ciorclán 0044/2019 (Earcú/Ardú Céime agus Ceannaireacht do Mhúinteoirí i mBunscoileanna Aitheanta) tagtha in áit na caibidle seo.

Tá an chaibidil seo fós gníomhach don earnáil iar-bhunscoile.

CAIBIDIL A hAON - RIACHTANAS UM CHLÁRÚ LEIS AN gCOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA

(Ba chóir an méid seo a léamh i dteannta leis an Réamhrá, Forálacha Ginearálta do gach Scéim, agus na Sainmhínithe)

1. An tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001

1.1 Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta faoin Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

1.2 Tháinig tosach feidhme le Alt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta le héifeacht ón 28 Eanáir 2014 faoi I.R. Uimh. 419/2013 – Ordú 2013 an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001 (Tosach Feidhme).

1.3 Seachas na heisceachtaí teoranta a cheadaítear faoi Rialacháin an Aire cuireann Alt 30 cosc ar íocaíocht as cistí an Oireachtais le daoine atá fostaithe mar mhúinteoirí i scoileanna aitheanta ach amháin má tá siad cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Cuirtear sonraí maidir le stair cláraithe ar fáil ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus coinníonn an Pámháistir é. Níl cead ag an Roinn/BOO íocaíochtaí tuarastail a dhéanamh más rud é go bhfuair múinteoir cead ó fhostóir dul i mbun teagaisc ach gan a bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta ag an am sin.

1.4 Ní bhaineann Alt 30 le duine atá fostaithe:

a) mar mhúinteoir in ionad oideachais seachas scoil, ionad a chuireann oideachas ollscoile ar fáil nó oideachas tríú leibhéil eile, suíomh oideachais nó oiliúna (m. sh. ógtheagmháil, soláthar áirithe SDOG), nó

b) i scoil aitheanta i ról eile seachas ról múinteoireachta (féach Cuid 4 thíos)

1.5 Mura athnuaitear an clárú faoin dáta athnuachana bainfidh an Chomhairle an múinteoir den gClár de réir Ailt 34. Caithfidh múinteoir a baineadh den gClár ath-iarratas a dhéanamh ar chlárú faoi Alt 31 den Acht. Mar chuid den iarratas seo déanfar grinnfhiosrúchán an Bhiúró Náisiúnta Ghrinnfhiosrúcháin agus scrúdú na gcáilíochtaí.

1.6 De réir Ailt 36 den Acht cuirfidh múinteoir cáilithe an Chomhairle Mhúinteoireachta ar an eolas a luaithe agus is féidir faoi athrú ar bith a bhfuil gá leis maidir leis na sonraí atá sa chlár. Seolfar gach comhfhreagras maidir leis an gclárú chuig an seoladh atá taifeadta sa chlár chun na críche sin. Seolfar gach comhfhreagras chun críocha íocaíochta chuig an seoladh atá taifeadta ar phárolla na Roinne/an BOO. Ní bheidh aon locht ar an gComhairle/Pámháistir más rud é nach bhfaightear comhfhreagras má tá na sonraí coinnithe cothrom le dáta.

2. Earcaíocht Múinteoirí

2.1 Agus daoine á n-earcú chuig poist mhúinteoireachta ní mór d'fhostóirí riachtanais chlárúcháin an Achta um an Chomhairle Mhúinteoireachta agus an I.R. Uimh. 32/2014 a chomhlíonadh.

2.2 Go sonrach, ba chóir d'fhostóirí a chinntiú go bhfuil clárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta san áireamh mar riachtanas nuair a fhógraítear folúntais mhúinteoireachta. Ba chóir fianaise ar chlárú reatha a lorg leis sula dtairgtear an post; (m. sh. is féidir leis an bhfostóir féachaint ar admháil íocaíochta an athnuachana clárúcháin leis an gComhairle Mhúinteoireachta, nó is féidir stádas clárúcháin an mhúinteora a dheimhniú tríd an bhfeidhm Cuardaigh an Clár ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta ag teachingcouncil.ie).

2.3 Ní mór d'fhostóirí a chinntiú go gcuirtear an riachtanas chun clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta a choinneáil a chur isteach mar choinníoll i ngach conradh.

2.4 Seachas na cúinsí teoranta eisceachtúla atá ceadaithe faoi Rialacháin an Aire agus atá leagtha amach anseo thíos ní féidir íocaíocht as airgead poiblí a thabhairt do dhuine neamhchláraithe atá fostaithe in ionad múinteora i scoil aitheanta.

3. Eisceachtaí teoranta faoi Rialachán an Aire ón riachtanas múinteoir cláraithe a fhostú

3.1 Tá na heisceachtaí teoranta ar alt 1.3 mar atáid leagtha amach anseo ceadaithe faoi Rialacháin an Aire, (I.R. Uimh. 32/2014, Rialacháin 2014 an Acht Oideachais 1998 (Daoine neamhchláraithe).

3.2 Forálann na Rialacháin mar seo a leanas:

a) Is féidir le duine neamhchláraithe a cheapadh má tá gach iarracht réasúnta déanta ag fostóir múinteoir cláraithe a cheapadh de réir na ngnáthnósanna imeachta ceapacháin agus níl aon mhúinteoir cláraithe ar fáil chun glacadh leis an bpost faoi chaibidil.

b) Íocfar ráta íocaíochta aonair do dhaoine neamhchláraithe le duine neamhchláraithe, a fhostaítear faoi na rialacháin seo. Beidh an ráta íocaíochta seo níos ísle ná an ceann atá iníoctha le múinteoirí cláraithe (ráta neamhchláraithe).

c) Ní féidir íocaíocht as cistí poiblí a thabhairt do dhuine atá ceaptha mar seo ar feadh tréimhse leanúnaí níos faide ná 5 lá scoile as a chéile.

d) Ní mór don bhfostóir a bheith cinnte go bhfuil duine neamhchláraithe a cheaptar mar seo cumasach agus in ann gníomhú in ionad múinteora chláraithe sa scoil.

e) Má éilíonn cúinsí duine neamhchláraithe a fhostú leanfaidh an fostóir air ag déanamh gach iarrachta réasúnaí chun múinteoir cláraithe a fhostú.

f) Ní mór gur téarma agus coinníoll i gconradh fostaíochta an duine neamhchláraithe é go gcríochnófar é láithreach bonn más féidir leis an bhfostóir múinteoir cláraithe a chur ina ionad nó ag deireadh 5 lá scoile as a chéile, cibé acu is túisce.

g) De bhun Rialachán 10(1) agus 10(2), d'I.R. Uimh. 32/2014 ní mór don bhfostóir fianaise a choinneáil agus ní mór a bheith ar a chumas an fhianaise a thaispeáint don Aire, nach raibh ar a chumas múinteoir cláraithe a fhostú in ionad múinteora chláraithe i scoil aitheanta.

3.3 Duine neamhchláraithe

a) Tá duine neamhchláraithe a ceapadh mar seo faoi réir grinnfhiosrúcháin ón Biúró Náisiúnta Ghrinnfhiosrúcháin.

b) Ní mór do dhuine neamhchláraithe a ceapadh mar seo cáilíocht ag leibhéal 7 ar Chreatlach Náisiúnta na gCáilíochtaí a bheith aige/aici (de réir brí an Achta um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012).

c) Ní mór do Phríomhoide na scoile taifead a choimeád i scríbhinn gur rinneadh ceapachán ar bith mar seo de réir na Rialacháin agus cuirfidh sé an fostóir ar an eolas. Ba chóir seo a bhreacadh síos i miontuairiscí an chéad chruinnithe eile de chuid an Bhoird Bhainistíochta/BOO.

3.4 Ní cheadaíonn Rialacháin an Aire íocaíocht as cistí poiblí le múinteoir cláraithe atá curtha ar fionraí nó a baineadh den gclár de réir Coda 5 (Feidhmiúlacht chun Múineadh) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001.

3.5 Tá de dhualgas ar Éirinn ag an leibhéal Eorpach soláthar saineolaí teanga (teanga dhúchais) a chur ar fáil do pháistí de chuid oifigigh institiúidí áirithe an AE. Tá dualgas leanúnach ar an Stát an soláthar seo a sheachadadh. D'fhonn an gealltanas leanúnach seo a chomhlíonadh tá eisceacht curtha ar fáil maidir le Rialacháin an Aire chun fostaíocht duine neamhchláraithe a cheadú ar cainteoir dúchais na teanga é/í atá le seachadadh (féach Rialachán 5), ar feadh tréimhse nach faide ná scoilbhliain amháin in aon bhabhta amháin (féach Rialachán 7). De réir Rialacháin an Aire ní cóir an duine céanna a athfhostú sa bhfeidhm seo i gconarthaí ina dhiaidh a chéile.

3.6 Cuireann na Rialacháin de cheangal ar an Roinn agus ar an BOO agus coisceann an dlí eisceachtaí a dhéanamh i gcásanna aonair. Níl aon rogha ann imeacht ó na Rialacháin.

4. Aicmiú post áirithe mar phoist neamhtheagaisc

4.1 I gcás post áirithe is é an duine is oiriúnaí a cheapfar ná duine ag a bhfuil sainchailíochtaí nó taithí ar leith, gan aird ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil cáilíocht teagaisc aige/aici. Tá sé chun leas oideachais scoláirí go bhfuil na sainchailíochtaí nó an taithí ar leith sin ag na daoine a sheachadann na cúrsaí agus tá sé chun leas an phobail go gcuirtear na cúrsaí agus na gníomhaíochtaí sin ar fáil. Lena chois sin d'fhéadfadh nach bhfuil bunchéim nó a coibhéis de cháilíocht sa réimse ábhair faoi chaibidil atá aitheanta ag an gComhairle Mhúinteoireachta ar fáil, rud as a éiríonn imní maidir le soláthar leanúnach baill fhoirne cháilithe.

4.2 Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta: Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta
Cuirtear cúrsaí áirithe ar fáil mar chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta a oireann níos fearr do dhaoine nach múinteoirí iad ach ag a bhfuil sainchailíochtaí nó taithí ar leith acu san ábhar chun iad a sheachadadh. Tá na poist seo aitheanta ag an Roinn i gcomhairle leis na comhlachtaí bainistíochta. Níl na poist sin faoi réir riachtanais Ailt 30. Tá na poist go léir a sheachadann na réimsí ábhair liostáilte rangaithe mar phoist teagascóra. I réimse na gcúrsaí Iar-Ardteistiméireachta is féidir le múinteoirí modúil áirithe a sheachadadh sna réimsí a luaitear thíos, más cion beag d'iomlán a gcuid uaireanta é seo.

Liosta na gcúrsaí/modúil Iar-Ardteistiméireachta arna ath-ainmniú chun go seachadann teagascóir iad (Is féidir an liosta seo a mionathrú ó am go chéile):

- Teiripe Scéimhe (Is iad na riachtanais cháilíochta i gcomhair Teiripe Scéimhe agus Gruagaireacht iad siúd a leagadh amach roimhe seo in Imlitir 47/2000.)
- Gruagaireacht
- Staidéar Slándála
- Cúram Ainmhithe/Grúmaeireacht
- Garchabhair

4.3 Róil speisialtóra áirithe i scoileanna speisialta
Tá líon beag ról a dhéantar i scoileanna speisialta oiriúnach i gcomhair seachadta ag daoine nach múinteoirí iad ach a bhfuil sainchailíochtaí nó taithí ar leith acu. Ní fhéachtar ar na poist seo mar phoist teagaisc. Dá bhrí sin níl siad faoi réir Ailt 30. Coinníonn daoine a fostaíodh sna poist seo roimh thosach Ailt 30 an ráta pá agus na coinníollacha fostaíochta a bhí acu roimhe sin. Íoctar daoine a ceapadh ó thosach Ailt 30 ar an 28ú Eanáir 2014 mar phoist teagascóra agus rangaítear iad amhlaidh.

Liosta cúrsaí/modúil Oideachais Speisialta arna athainmniú i gcomhair seachadta ag teagascóir

(Is féidir an liosta seo a mhionathrú ó am go chéile):

- Teanga Chomharthaíochta na hÉireann

- Teagascóir Snámha
- Gairneoireacht/Garraíodóireacht
- Súgradh agus Tacaíocht Idirghníomhach
- Staidéir Ríomhaire TF
- Teiripe Ceoil
- Ceardaíocht

4.4 Réimsí Speisialtóra Eile

Beidh réimsí eile ann ina mbeidh gá le saineolaí tionscail nó saineolaí earnála a fhostú chun ábhar an chláir a sheachadadh. Mar shampla, ábhar as a leanann cáilíochtaí a bhronnann an tionscal, cosúil le líonrú Cisco, nó Innealtóir atá deimhnithe ag Microsoft. Cásanna iad seo ina sainíonn an comhlacht bronnta an cháilíocht chun an clár a sheachadadh. Beidh réimsí eile forbartha agus réimsí eile speisialtóra ann i réimse na TFC agus i réimsí cosúil le ceirdeanna rí-speisialaithe ag a bhfuil ábhar as a leanann dámhachtainí eagraíochtaí spóirt agus eagraíochtaí eile. Fostófar daoine sna réimsí seo mar theagascóirí nó ar bhonn conradh seirbhíse. Ní mór gach moladh chun earcú chun na críche seo a bheith faofa ag an Roinn roimh ré.

4.5 Ní mór faomhadh na Roinne a bheith tugtha i gcomhair athrangú poist/post. Is féidir riachtanais cháilíochta chuí a chur le chéile i gcomhair ceapacháin teagascóra sna réimsí seo ó am go chéile agus riachtanais an tionscail a ghlacadh san áireamh.

4.6 Séiplínigh scoile

Má íocann an Stát séiplínigh scoile féachtar ar na poist seo mar phoist mhúinteoireachta agus dá bhrí sin ba chóir dóibh siúd a ceaptar iontu a bheith ina múinteoirí cláraithe. Aithníodh áfach, nach é teagasc an ghné is tábhachtaí i ról agus am an tséiplínigh ach soláthar cúraim thréadaigh i scoileanna aitheanta. Le haird chuí don chuspóir seo ligeadh do shéiplíneach scoile ar bith a bhí fostaithe roimh thosach Ailt 30 agus nach raibh incháilithe i gcomhair a chláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta leanúint ina p(h)ríomhról i gcúram tréadach ach níl cead aige/aici múineadh. Ó thosach Ailt 30 caithfidh daoine nua a cheaptar i bpoist shéiplínigh a bheith ina múinteoirí cláraithe.

5. An Chomhairle Mhúinteoireachta

5.1 Éilíonn an tAcht ar an gComhairle Mhúinteoireachta a chur i gcuimhne do gach múinteoir cláraithe i scríbhinn an clárúchán a athnuachan. Mura ndéanann múinteoir an clárúchán a athnuachan ní mór don gcomhairle fógra míosa a thabhairt i scríbhinn nach athnuafar an clárúchán ach amháin má chuirfear an t-iarratas agus an táille athnuachana isteach laistigh den mhí sin. Cuireann an comhfhreagras seo i gcuimhne dóibh siúd a fhaigheann é nach féidir tuarastal ó chistí an Oireachtais a íoc ach le múinteoirí cláraithe agus spreagann sé múinteoirí cláraithe lena gclárúchán a choinneáil. Tá dualgas láithreach ar an múinteoir a chur in iúl dá fhostóir nach bhfuil an clárúchán athnuaite aige.

5.2 Seolfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta fógra meabhrúcháin agus foirm athnuachana chuig gach múinteoir gach bliain roimh a d(h)áta athnuachana. Seolfar an chéad litir fógra amháin chuig an seoladh comhfhreagrais is déanaí a cuireadh in iúl. Lena chois sin eisíonn an Chomhairle meabhrúcháin trí r-phost. Ba chóir do mhúinteoir cláraithe nóta dá d(h)áta athnuachana a bhreacadh síos agus ba chóir dó teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle mura bhfaightear an fógra athnuachana tráth ba chóir don bhfógra seo teacht.

5.3 Sa chás nach athnuaitear an clárúchán faoin dáta athnuachana seolfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta fógra chuig an múinteoir chun a chur in iúl go mbainfear é/í den gclár mura n-athnuaitear an clárúchán. Sa bhfógra saineofar na torthaí atá i gceist má bhaintear múinteoir cláraithe i mbun fostaíochta den gclár, scor tuarastail san áireamh.

6. An Pámháistir

6.1 Tabharfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta sonraí clárúcháin maidir le gach múinteoir don bPámháistir ar bhonn leanúnach.

6.2 Scrúdóidh an Pámháistir stair chlárúcháin gach duine atá chun tuarastal a fháil roimh dó an párolla a phróiseáil, chun an clárúchán a dheimhniú. Seachas roinnt bheag eisceachtaí (a ndéantar foráil dóibh i Rialacháin an Aire a leagadh amach roimhe seo i gCuid 3), ní íocfaidh an Pámháistir tuarastal le duine ar bith nach bhfuil cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Ní dhéanfar aon íocaíocht shiarghabhálach i leith na tréimhse nach raibh duine cláraithe inti.

6.3 Ní mór don bPámháistir tuarastal ar bith a íocadh i leith tréimhse ina raibh clárúchán éagtha a aisghabháil. Ós rud é go bhforálann Alt 30 nach bhfuil teideal chuig tuarastal ann sa chás sin tá an aisghabháil sin de réir an reachta agus ní dhéileálfar leis faoi ghnáthnósanna imeachta um ró-íocaíocht de réir mar atá leagtha amach faoi láthair in Imlitir 0084/2015 “Beartas agus Nósanna Imeachta chun ró-íocaíochtaí tuarastail nó pinsin a Aisghabháil” agus i gcás BOO, Imlitir 0032/2016,“Policy and Procedures for dealing with the recovery of overpayments of salary”. Más féidir ní mór an tsuim ar fad a aisghabháil in aon chnapshuim amháin. Mura bhfuil dóthain cistí ar fáil in aon íocaíocht tuarastail chun an tsuim ar fad a chlúdach, leathfar an aisghabháil thar an líon íosta íocaíochtaí tuarastail is gá chun an tsuim ar fad a aisghabháil.

6.4 Atosóidh an Pámháistir ar íocaíocht an tuarastail ón dáta a bhfilleann an múinteoir ar a chuid dualgas tar éis dó clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

7. Poist Fhreagrachta

7.1 Ní féidir duine a cheapadh i bpost freagrachta ach amháin má tá sé cláraithe.

8. Saoire Neamhláithreachta Íoctha

8.1 Ní mór do gach múinteoir atá ar shaoire neamhláithreachta íoctha de shaghas ar bith a bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus an clárúchán seo a choinneáil

gach uile thráth. Sa chás go n-éagann clárúchán duine le linn dó a bheith ar shaoire neamhláithreachta íoctha ní íocfar an tuarastal ar feadh na tréimhse a bhfuil sé/sí gan chlárú agus fanann an duine ar an gcineál saoire bunaidh.

9. Poiblíocht agus Fógraí Maidir le Clárúchán

9.1 Tá mír chuimsitheach ar Cheisteanna Coitianta ag an gComhairle Mhúinteoireachta ar a suíomh gréasáin a phléann ceisteanna ar nós clárúcháin, athnuachan agus Alt 30. Tá leathanach eolaisar suíomh gréasáin na Roinne leis, ar an gá le bheith cláraithe.

9.2 Ba chóir gach ceist maidir le clárúchán a chur chuig an gComhairle Mhúinteoireachta ag an seoladh r-phoist seo: Section30@teachingcouncil.ie.

9.3 Is féidir ceisteanna faoin gCaibidil seo a chur chuig an Roinn ag an seoladh r-phoist seo a leanas: section30_queries@education.gov.ie

10. Saoire um Neamhchlárúcháin leis an gComhairle Mhúinteoireachta (TCNR)

10.1 Ní mór do mhúinteoir a fhaigheann fógra ón gComhairle Mhúinteoireachta go mbainfear é/í den gclár mura n-athnuafar an clárúchán é seo a chur in iúl dá f(h)ostóir láithreach bonn agus iarratas a dhéanamh chuig a f(h)ostóir ar shaoire um Neamhchlárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta (TCNR).

10.2 Is é is Saoire TCNR ann ná Saoire Neamhláithreachta gan phá a thugtar chun gur féidir leis na daoine lena mbaineann déileáil le ceisteanna um chlárúchán. Ba chóir don bhfostóir múinteoir a chur ar shaoire TCNR má thuigeann sé go bhfuil clárúcháin an mhúinteora leis an gComhairle Mhúinteoireachta éagtha, faoi réir na rudaí seo a leanas:

a) Is féidir tréimhse saoire TCNR gan phá a dheonú dóibh siúd nach bhfuil cláraithe ach atá cáilithe agus incháilithe i gcomhair clárúcháin, faoi réir tréimhse 6 mhí ar a mhéid, d'fhonn déileáil le ceisteanna ar bith a chuireann moill ar chlárúchán/athnuachan.

b) Maidir leo siúd nach raibh incháilithe i gcomhair clárúcháin nuair a achtaíodh Alt 30 ar an 28 Eanáir 2014, ach ar mhian leo clárú, bhí tréimhse saoire TCNR gan phá ar fáil dóibh chun na cáilíochtaí a fháil atá riachtanach chun clárú. Bhí an tsaoire TCNR srianta sa chás seo sa mhéid nach raibh breis is 6 bliana i gceist, é sin nó go deireadh a c(h)onradh fostaíochta ag an am sin, cibé acu ba thúisce.

c) Chun saoire TCNR a fháil ní mór fianaise a chur isteach chuig an bhfostóir go bhfuil clárúchán á lorg i ndáiríre. Ní mór don bhfostóir deimhniú don bPámháistir gur deonaíodh tréimhse saoire gan phá faoin bhforáil seo.

10.3 **Ceapachán Múinteoir Ionaid** - má táthar chun múinteoir ionaid a fhostú chun saoire TCNR a chlúdach tairgfear conradh téarma sheasta/conradh cuspóra sainithe dó/di ar féidir críoch a chur leis nuair a fhilleann an duine atá ar saoire, nuair a théann an duine sin ar scor nó nuair a bhíonn deireadh le conradh an duine sin, ach tráth nach déanaí ná deireadh na scoilbhliana.

10.4 **Filleadh ar na Dualgais** - ní mór do dhuine atá ar saoire TCNR a chur in iúl don bhfostóir láithreach bonn ar chlárú dó leis an gComhairle Mhúinteoireachta socrófar dáta leis an bhfostóir i gcomhair an dáta is túisce is féidir chun filleadh ar na dualgais.

10.5 Tá d'fhreagracht ar an bhfostóir an Pámháistir a chur ar an eolas faoi dháta fillte an mhúinteora ar a chuid dualgas tar éis a bheith ar saoire TCNR.

10.6 Rachaidh duine a fhilleann ó shaoire TCNR tar éis breis is dhá scoilbhliana faoi scagthástáil ag an tSeirbhís Sláinte Ceirde. Is réamhchoinníoll é chun an tuarastal a chur ar ais go measann an tSeirbhís Sláinte Ceirde go bhfuil an duine ábalta de réir leighis dul i mbun a dhualgais sula gceadaítear dó/di filleadh ar a p(h)ost.

10.7 Beidh feidhm ag na téarmaí agus coinníollacha do mhúinteoirí go ginearálta, téarmaí scéime athlonnaithe atá ann tráth a fhillte san áireamh, i leith an duine a fhilleann ar a chuid dualgais tar éis saoire TCNR.

10.8 Íocfar múinteoir cláraithe a fhilleann ó shaoire TCNR ón dáta a fhilleann sé ar a chuid dualgas.

10.9 **Creidmheas breisíoch** - ní áirítear tréimhse saoire neamhláithreachta TCNR chun críocha creidmheasa bhreisíoch.

10.10 Ní áirítear seirbhís a chuirtear isteach faoi na heisceachtaí teoranta atá ceadaithe ag Rialachán an Aire (leagtha amach i mír 3 thuas) chun críocha creidmheasa bhreisíoch.

10.11 **Teidlíochtaí Leasa Shóisialaigh** - Ba chóir do dhuine ar mian leis/léi a chuid teidlíochtaí leasa shóisialaigh a choinneáil le linn saoire TCNR teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí chun comhairle a fháil.

10.12 Is fostaí an fhostóra é duine atá ar saoire TCNR ar feadh tréimhse na neamhláithreachta agus ní hionann an neamhláithreacht agus briseadh seirbhíse chun críocha Aicme ÁSPC a shocrú.

10.13 **Pinsin** - ní áirítear tréimhse saoire neamhláithreachta TCNR chun críocha pinsin. Faoi réir forálacha na Scéime do Cheannach Seirbhíse Barúlaí is féidir an tréimhse a áireamh chun críocha pinsin má íoctar ranníocaíochtaí ag lánchostas achtúireach tar éis filleadh ar dhualgais.

10.14 Tá tuilleadh eolais ar cheannach Seirbhíse Barúlaí ar fáil ó shuíomh gréasáin na Roinne. Is féidir ceisteanna faoin tseirbhís bharúlach a sheoladh trí r-phost chuig pensions@education.gov.ie nó a chur chuig Aonad Pinsin na Roinne. Ba chóir do mhúinteoirí atá fostaithe ag Bord Oideachais agus Oiliúna a gcuid ceisteanna a chur ar an BOO lena mbaineann.

10.15 Thosaigh Scéim Aonair Pinsean na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair") le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Baineann an Scéim le gach iontrálaí céad-uaire chuig an tSeirbhís Phoiblí ar an dáta seo nó ina dhiaidh agus le fostaithe sa tseirbhís phoiblí a fhilleann ar an tseirbhís phoiblí tar éis sosa i seirbhís inphinsin a mhair ní b'fhaide ná 26 seachtaine. (Ní hionann

tréimhse saoire TCNR cheadaithe agus sos seirbhíse chun críocha na Scéime Aonair.) Tá tuilleadh eolais ar Scéim Aonair Pinsean na Seirbhíse Poiblí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag Leabhrán Scéime Aonair (Single Scheme Booklet).

10.16 **Asbhaintí Deonacha ag an bhFoinse** - má ghlacann duine saoire TCNR tagann deireadh lena t(h)uarastal.

10.17 Is ar an duine atá ar saoire TCNR amháin atá an fhreagracht a chinntiú nach rachaidh asbhaintí deonacha ar nós polasaithe árachas leighis, árachas um leanúnachas ioncaim, ranníocaíochtaí ceardchumainn, aontas creidmheasa agus íocaíochtaí cáin mhaoine áitiúil srl i léig.

10.18 Níl aon fhreagracht ar an bPámháistir i leith polasaithe de shaghas ar bith a éagann. Tá tuilleadh sonraí maidir le hasbhaintí deonacha ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Asbhaintí Deonacha

CAIBIDIL A DÓ - SAOIRE BHLIANTÚIL REACHTÚIL/TEIDILÍOCHTAÍ SAOIRE POIBLÍ

(Ba chóir an méid seo a léamh i dteannta leis an Réamhrá, Forálacha Ginearálta do gach Scéim, agus na Sainmhínithe)

1. Saoire Bhliantúil Reachtúil/Teidilíochtaí Saoire Poiblí

1.1 De ghnáth bíonn fostaithe lánaimseartha i dteidil 20 lá saoire in aghaidh na bliana

1.2 Tá fostaithe a oibríonn níos lú ná uaireanta lánaimseartha i dteidil saoire bliantúla ar bhonn pro ráta.

1.3 Déileálfar le teidlíochtaí ar bith maidir le saoire phoiblí trí saoire bhreise a thabhairt más rud é go bhfuil an Lá Saoire Phoiblí ar lá a bhfuil an múinteoir as láthair ar cheann ar bith díobh seo a leanas:

- Saoire Bhreoiteachta
- Saoire Mháithreachais
- Saoire Uchtála
- Saoire do Thuismitheoirí
- Sos Gairme
- Postroinnt
- Saoire do Chúramóirí

1.4 Ní mór teidlíochtaí saoire bliantúla a ghlacadh ar laethanta dúnadh scoile a tharlaíonn sa bhliain saoire faoi chaibidil agus roimh nó i ndiaidh na tréimhse saoire a glacadh agus ag am lasmuigh den tréimhse saoire (m. sh. Saoire Bhreoiteachta/Saoire Mháithreachais.)

1.5 Mura bhfuil dóthain laethanta ar a bhfuil an scoil dúnta i mbliain na saoire chun na teidlíochtaí saoire bliantúla a ídiú tá cead na laethanta riachtanacha a ghlacadh díreach

- roimh Mháithreachas, Saoire Uchtála agus Tuismitheora agus
- i ndiaidh Saoire Breoiteachta

De mhalairt air seo tá cead ag múinteoirí an t-iarmhéid a thabhairt ar aghaidh chuig an bhliain saoire dar gcionn ach caithfear na laethanta a ghlacadh ansin le linn tréimhsí ina bhfuil an scoil dúnta.

1.6 D'fhéadfadh go bhfuil teidlíocht ag múinteoirí a éiríonn as a bpost/a théann ar scor nó a dtagann deireadh lena bhfostaíocht chuig íocaíocht bhreise in ionad na saoire atá carntha acu.

2. Carnadh Saoire Bliantúla le linn Saoire Breoiteachta

2.1 Ón 1 Lúnasa 2015 tá feidhm ag an méid seo a leanas mar thoradh ar Leasú ar an Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997:

- Leanann an teidlíocht chuig saoire bhliantúil reachtúil uirthi ag carnadh le linn tréimhse saoire breoiteachta deimhnithe. Beidh mar theidlíocht ann gur féidir an tsaoire bhliantúil charntha seo a thabhairt anonn go ceann oiread is 15 mhí tar éis na bliana saoire faoi chaibidil.

- Ní mór an teidlíocht seo a úsáid laistigh de 15 mhí tar éis deireadh na bliana saoire lena mbaineann sí.

- D'fhéadfadh teidlíocht a bheith ag múinteoirí nach féidir a saoire bhliantúil a ghlacadh ag an am cuí de dheasca breoiteachta deimhnithe agus a chuireann deireadh lena bhfostaíocht/sroicheann deireadh a gconartha/éiríonn as an bpost laistigh de 15 mhí tar éis deireadh na bliana ina bhfuil an tsaoire bhliantúil carntha, chuig íocaíocht in ionad na saoire seo ar choinníoll nach aistríonn siad go díreach chuig post eile sa Stát atá á mhaoiniú ag an Oireachtas.

Tá na sonraí go léir maidir leis an leasú seo ar fáil in Alt 86(1) den Acht um Chaidreamhsan áit oibre 2015. Tabhair faoi deara le do thoil, nach féidir an tsaoire bhliantúil a thabhairt ar aghaidh ach amháin laistigh den teidlíocht reachtúil agus áireofar tréimhsí dúnta scoile ábhartha mar thréimhsí a fhreastalaíonn ar charnadh na saoire bliantúla sin.

CAIBIDIL A TRÍ - SCÉIM SAOIRE BREOITEACHTA

(Ba chóir an méid seo a léamh i dteannta leis an Réamhrá, Forálacha Ginearálta do gach Scéim, agus na Sainmhínithe)

1. Scéim Saoire Breoiteachta

1.1 Tá Straitéis Sláinte Ceirde i bhfeidhm mar acmhainn tacaíochta do mhúinteoirí. Is é is aidhm don straitéis seo sláinte na múinteoirí a chur chun cinn san ionad oibre, agus dírítear go príomha ar chosc in ionad réitigh. Cuimsíonn an Straitéis Sláinte Ceirde an Clár um Chúnaimh agus Folláine d'Fhostaithe agus an tSeirbhís Sláinte Ceirde (OHS) do mhúinteoirí.

Is é atá sa Chlár um Chúnaimh agus Folláine d'Fhostaithe comhairliú rúnda ar shaincheisteanna ar nós na sláinte, caidreamh, méala, strus, coinbhleacht, teagmhas criticiúil agus tráma. De bhreis ar chomhairliú tá seirbhísí eile ann ar nós comhairle saol teaghlaigh, sainfhaisnéis agus tacaíocht do bhainisteoirí. Is é atá i gceist leis an tSeirbhís Sláinte Ceirde measúnuithe sláinte réamhfhostaíochta, atreoruithe maidir le neamhláithreacht breoiteachta, measúnuithe ar ábaltacht de réir leighis i gcomhair oibre agus measúnuithe scor drochshláinte.

Is féidir tuilleadh faisnéise faoin tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe agus faoin tSeirbhís Sláinte Ceirde a aimsiú ar an leathanach um an Straitéis Sláinte Ceirde ar shuíomh gréasáin na Roinne.

1.2 Is é an sainmhíniú atá ar thréimhse breoiteachta ná aon tréimhse ina bhfuil múinteoir neamhábalta de réir leighis a dhualgais/ a dualgais iomlána a chomhlíonadh beag beann ar cé acu go bhfuil, nó nach bhfuil, an scoil is fostóir ar oscailt le haghaidh gnáthghnó.

1.3 Féadfar saoire bhreoiteachta a thabhairt do mhúinteoir nach bhfuil ábalta a dhualgais/ a dualgais a chomhlíonadh

- de dheasca breoiteachta, gortaithe nó
- nuair atá sé/sí as láthair chun críche seirbhísí a bhaineann leis an tsláinte (m.sh. Dochtúir/Fiaclóir) a fháil ar choinníoll nach bhféadfaí na coinní sin a shocrú lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre nó de ghnáthlaethanta oibre.

1.4 Tá an deonú saoire breoiteachta do mhúinteoir atá breoite beartaithe chun deis imleor a chur ar fáil don mhúinteoir sin téarnamh ón mbreoiteacht agus óna hiarmhairtí le go bhféadfaidh sé/sí filleadh ar dualgas go luath gan dóchúlacht go dtiocfaidh an bhreoiteacht air/uirthi athuair. Dá bhrí sin, rachadh sé in aghaidh cuspóra sainráite na scéime seo dá ngabhfaí d'aon ghníomhaíocht (m.sh. taisteal thar lear, fostaíocht bhrabúsach nó féinfhostaíocht) a d'fhéadfadh an tSeirbhís Sláinte

Ceirde a mheas mar ghníomhaíocht a chuireann bac ar théarnamh an mhúinteora sin.

1.5 Ní mór ceadú an fhostóra a iarraidh sula dtaistealaíonn múinteoir thar lear agus é/í ar saoire bhreoiteachta. Ní mór don bhfostóir, dá réir sin, comhairle na Seirbhíse Sláinte Ceirde a lorg sula ndéanann sé cinneadh ar an ngnó.

1.6 Ríomhtar tréimhsí saoire breoiteachta go cúlghabhálach agus áirítear leo deireadh seachtaine, laethanta dúnta scoile agus laethanta nach bhfuil múinteoir le bheith i láthair de réir an tráthchláir (m.sh. múinteoirí a roinneann post) a tharlaíonn laistigh de thréimhse neamhláithreachta.

1.7 Scoirfear de theidlíocht múinteora i leith na bhforálacha saoire breoiteachta a leagtar amach istigh anseo ar éagadh an chonartha nuair nár athnuaíodh an conradh sin.

2. Teidlíocht chuig Forálacha Gnáthbhreoiteachta

2.1 Féadfar saoire bhreoiteachta íoctha mar seo a leanas a dheonú do mhúinteoir atá as láthair ón dualgas de dheasca breoiteachta pearsanta nó gortaithe phearsanta:

- 3 mhí (92 lá) ar a mhéid ar phá iomlán i mbliain amháin
- agus 3 mhí (91 lá) ar a mhéid ar leathphá ina dhiaidh sin
- Faoi réir saoire bhreoiteachta íoctha 6 mhí (183 lá) ar a mhéid i dtréimhse rollach ceithre bliana.

3. Teidlíocht chuig Forálacha Breoiteachta Criticiúla

Féach ar Chiorclán 0025/2018 "An Scéim Saoire Breoiteachta do Mhúinteoirí – Athruithe ar Fhorálacha do Thinneas Criticiúil (FTC) ón 31 Márta, 2018"

3.1 Féadfar saoire bhreoiteachta íoctha fhadaithe a dheonú do mhúinteoirí atá ar éagumas mar thoradh ar bhreoiteacht chriticiúil nó ar ghortú criticiúil choirp i gcásanna eisceachtúla mar seo a leanas:

- 6 mhí (183 lá) ar a mhéid ar phá iomlán i mbliain
- Agus 6 mhí (182 lá) ar a mhéid ar leathphá ina dhiaidh sin
- Faoi réir saoire bhreoiteachta íoctha 12 mhí (365 lá) ar a mhéid i dtréimhse rollach ceithre bliana.

3.2 Is faoin bhfostóir atá sé an cinneadh a dhéanamh i dtaobh saoire breoiteachta fadaithe a dheonú le haghaidh breoiteachta criticiúla nó gortaithe chriticiúil choirp, tar éis comhairle leighis a fháil ón tSeirbhís Sláinte Ceirde.

3.3 Más rud é go bhfuil gnáthbhreoiteacht ar mhúinteoir (breoiteacht nach bhféachtar uirthi mar bhreoiteacht chriticiúil) laistigh de thréimhse 12 mhí tar éis dháta tosaigh dheonú na saoire breoiteachta criticiúla, beidh feidhm ag na forálacha breoiteachta criticiúla.

3.4 Tá tuilleadh faisnéise faoi na próisis iarratais, atreoraithe agus achomhairc ar fáil sa lámhleabhar Gnáthnósanna Imeachta Oibriúcháin um Sheirbhís Sláinte Ceirde.

4. Socruithe Idirlinne le Pá Breoiteachta Sínte a bhronnadh in Imthosca Eisceachtúla

4.1 D'fhonn cúinse ina mbeadh a rochtain ar phá breoiteachta íoctha caite ag múinteoir de thoradh breoiteachta tromchúisí a tharlaíonn sna 4 bliana seirbhíse roimh thionscain Scéim Saoire Breoiteachta na Seirbhíse Poiblí (PSSLS) tugadh isteach socrú idirlinne. Dá réir sin, is féidir pá breoiteachta sínte a dheonú i gcás neamhláithreacht breoiteachta reatha ina raibh breoiteacht chriticiúil ar mhúinteoir a thosaíonn sa tréimhse seirbhíse 4 bliana roimh 1 Meán Fómhair 2014. Níl aon ghá go mbeadh baint ag an neamhláithreacht reatha, a thosaigh ar an 1 Meán Fómhair 2014 nó ina dhiaidh sin, leis an mbreoiteacht chriticiúil.

4.2 Mar nach raibh na Forálacha um Bhreoiteacht Chriticiúil atá mínithe i mír 3 (thuas) ann roimh 1 Meán Fómhair 2014, ní féidir aon bhreoiteacht/gortú a tharla roimh an dáta sin a rangú mar bhreoiteacht chriticiúil ar mhaithe le rochtain a fháil ar shaoire bhreoiteachta sínte.

Is féidir le fostóirí a lánrogha féin a úsáid áfach, le pá breoiteachta sínte a bhronnadh faoi na Forálacha um Bhreoiteacht Chriticiúil mar is cuí, le haghaidh neamhláithreachta deimhnithe a tharlaíonn tar éis 1 Meán Fómhair 2014 ar an mbonn go raibh breoiteacht thromchúiseach ar an múinteoir a chomhlíonann na critéir seo a leanas:

- gur thosaigh an bhreoiteacht thromchúiseach laistigh den tréimhse seirbhíse 4 bliana roimh 1 Meán Fómhair 2014 agus
- gur thosaigh sí laistigh de thréimhse 4 bliana roimh thús na neamhláitheachta reatha agus
- go ndéantar atreorú chuig an OHS de réir Nósanna Imeachta Oibriúcháin Caighdeánacha an OHS.

4.3 Táthar ag súil nach n-úsáidfear an socrú idirlinne seo ach i gcúinsí eisceachtúla. I gcásanna ina mbaintear úsáid as lánrogha na bainistíochta, beidh rochtain ar shaoire bhreoiteachta íoctha fós faoi réir ag na huasteorannacha CIP (Prótacal um Bhreoiteacht Chriticiúil) a fhoráiltear i Scéim Saoire Breoiteachta Íoctha na Seirbhíse Poiblí.

4.4 Tá sé curtha in iúl ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go bhfuil sé ar intinn acu athbhreithniú a dhéanamh ar rialacháin saoire breoiteachta. Dá réir sin,

má bhronntar saoire bhreoiteachta shínte faoin socrú idirlinne seo, ní mór d'fhostóirí an fhaisnéis seo a leanas a thaifeadadh agus a chur ar fáil i gcomhthéacs an athbhreithnithe:

- Dáta tosaithe na breoiteachta/an ghortaithe reatha
- Dáta tosaithe na breoiteachta tromchúisí dheimhnithe roimhe seo

Cé nach bhfuil sé éigeantach nádúr na breoiteachta a lua ar theastas dochtúra, mura luaitear an fhaisnéis sin d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ann maidir le cinneadh a dhéanamh faoi rochtain ar na Forálacha um Bhreoiteacht Thromchúiseach a bhronnadh.

5. Luach Saothair Sealadach Athshlánúcháin (TRR)

5.1 I gcás ina mbeidh deireadh tagtha leis an tréimhse iomchuí saoire bhreoiteachta, féadfar saoire bhreise le Luach Saothair Sealadach Athshlánúcháin (TRR) a dheonú do mhúinteoir ag a bhfuil seirbhís 5 bliana ar a laghad (i bpost inphinsin i gcáil lánaimseartha nó pháirtaimseartha) ag deireadh na tréimhse saoire bhreoiteachta le pá, ach tá sin faoi réir coinníollacha áirithe. Déanfar TRR a ríomh ar

- phá inphinsin, agus
- sheirbhís inphinsin íoctha arna carnadh sa bhfostaíocht tráth ar ídíodh an tsaoire bhreoiteachta íoctha, i dteannta na mblianta breise a dheonófaí dá ndeonaíodh scor drochshláinte.

Níor cheart an méid de TRR a íoctar a ghlacadh mar léiriú cruinn ar an méid a d'fhéadfadh an ball a fháil ar scor mar go bhféadfadh na himthosca bheith difriúil.

5.2 Ní tréimhse seirbhíse inphinsin í an tréimhse a n-íoctar TRR lena linn.

5.3 Beidh an deonú TRR ag brath i gcónaí ar dheimhniú ón OHS go bhfuil ionchas réasúnach ann go dtéarnóidh an múinteoir agus go bhfillfidh sé/sí ar an obair. Cuirfidh an OHS in iúl ag an gcéim atreoraithe 28 lá cé acu an bhfuil, nó nach bhfuil, ionchas réasúnach ann go dtéarnóidh an múinteoir agus go bhfillfidh sé/sí ar an obair. Sa chás go molann an OHS nach bhfuil, ina tuairim féin, aon ionchas réasúnach ann go dtéarnóidh an múinteoir agus go bhfillfidh sé/sí ar an obair,

- sa chás go bhfuil múinteoirí fostaithe ag scoileanna agus ag fáil íocaíochta go díreach ón Roinn, ní mór don bhfostóir fógra a thabhairt don Roinn láithreach agus an beart tráthúil a mheasann sí a bheith cuí a dhéanamh, lena n-áirítear foirceannadh an chonartha fostaíochta ach gan a bheith teoranta dó.
- I gcás BOO, ba cheart don lucht bainistíochta gníomh tráthúil a dhéanamh de réir mar is cuí leis, lena n-áirítear an conradh fostaíochta a fhoirceannadh, gan a bheith teoranta dó.

5.4 Ní mhairfidh TRR níos faide ná 18 mí (548 lá) i gcás gnáthbhreoiteachta.

5.5 I gcás múinteora ar deonaíodh pá breoiteachta fadaithe dó/di faoi na forálacha um bhreoiteacht chriticiúil, d'fhéadfadh go mbeidh rochtain aige/aici ar TRR ar feadh 12 mhí (365 lá) roimh thréimhse bhreise TRR nach mairfidh níos faide ná 24 mí (730 lá). Tá an tréimhse bhreise sin de TRR faoi réir athbhreithnithe a dhéanfaidh an OHS gach sé mhí.

6. Teidlíocht chuig Saoire Bhreoiteachta gan phá

6.1 Aon mhúinteoir atá neamhábalta de réir leighis dualgas a atosú agus ar mian leis/léi a phost/ a post sa scoil/scéim a choinneáil, tar éis dó/di an tréimhse uasta saoire breoiteachta íoctha a ídiú (agus nachgcáilíonn le haghaidh TRR), ní mór dó/di fógra a thabhairt don bhfostóir go bhfuil sé mar chuspóir aige/aici leas a bhaint as tréimhse saoire breoiteachta gan phá a bhféadfadh sé/sí múinteoireacht a atosú lena linn má dheimhnítear go bhfuil sé/sí ábalta déanamh amhlaidh. De ghnáth, ní sháróidh an tréimhse saoire breoiteachta neamhíoctha na teorainneacha TRR a leagtar amach i mír 5.

6.2 Ní mór do mhúinteoir a thréimhse saoire breoiteachta íoctha a ídiú sula bhféadann sé/sí iarratas a dhéanamh ar shaoire breoiteachta gan phá. Tá deonú na tréimhse saoire breoiteachta gan phá faoi réir deimhniú leighis inghlactha a chur faoi bhráid an fhostóra ar bhonn rialta (3 mhí ar a mhéid).

6.3 Sula dtéann an tsaoire bhreoiteachta gan phá as feidhm, ní mór d'fhostóirí comhairle an OHS a iarraidh maidir leis an ionchas go dtéarnóidh an múinteoir agus go bhfillfidh sé/sí ar an obair. Sa chás nach meastar filleadh ar dhualgas a bheith inmharthana, déanfaidh an fostóir an beart tráthúil sin a mheasann sé a bheith cuí, lena n-áirítear foirceannadh an chonartha fostaíochta ach gan a bheith teoranta dó.

7. Iarbhreithniú Déach

7.1 Chun ráta cuí pá múinteora a ríomh nuair atá sé/sí as láthair de bharr breoiteachta nó gortaithe, beidh córas um iarbhreithniú déach i bhfeidhm mar seo a leanas:

<u>Gnáthbhreoiteacht</u>

- Céim 1: A chinneadh cé acu an bhfuil, nó nach bhfuil, rochtain ag an múinteoir ar shaoire bhreoiteachta íoctha

  Déantar athbhreithniú ar shaoire bhreoiteachta an mhúinteora thar an tréimhse 4 bliana ó dháta reatha na neamhláithreachta. Mura bhfuil saoire

bhreoiteachta íoctha 6 mhí (183 lá) ídithe thar an tréimhse 4 bliana sin, féadfar rochtain ar shaoire bhreoiteachta íoctha a dheonú.

- Céim 2: A chinneadh cé acu atá i bhfeidhm, pá iomlán, leathphá nó TRR

Má léiríonn Céim 1 go bhfuil rochtain ag an múinteoir ar shaoire bhreoiteachta íoctha, déanfar a thaifead/a taifead saoire breoiteachta a athbhreithniú ina dhiaidh sin thar an tréimhse 1 bhliana ón dáta reatha neamhláithreachta chun an ráta ar a bhféadfaí saoire bhreoiteachta a íoc a shocrú. Murar ídíodh an teorainn tosaigh 3 mhí (92 lá) ar phá iomlán, féadfar pá iomlán a dheonú go dtí an teorainn 3 mhí (92 lá). Ina dhiaidh sin, ríomhfar an méid a íoctar bunaithe ar leathphá nó TRR, de réir mar is cuí.

<u>Breoiteacht Chriticiúil</u>

- Céim 1: A chinneadh cé acu an bhfuil, nó nach bhfuil, rochtain ag an múinteoir ar shaoire bhreoiteachta íoctha

  Déantar athbhreithniú ar shaoire bhreoiteachta an mhúinteora thar an tréimhse 4 bliana ó dháta reatha na neamhláithreachta. Murar ídíodh saoire bhreoiteachta íoctha 12 mhí (365 lá) thar an tréimhse 4 bliana sin, féadfar rochtain ar shaoire bhreoiteachta íoctha a dheonú.

- Céim 2: A chinneadh cé acu atá i bhfeidhm, pá iomlán, leathphá nó TRR

  Más léir ó Chéim 1 go bhfuil rochtain ag an múinteoir ar shaoire bhreoiteachta íoctha, déanfar a thaifead/a taifead saoire breoiteachta a athbhreithniú ina dhiaidh sin thar an tréimhse 1 bhliana ón dáta reatha neamhláithreachta chun an ráta ar a bhféadfaí saoire bhreoiteachta a íoc a shocrú. Murar ídíodh an teorainn tosaigh 6 mhí (183 lá) ar phá iomlán, féadfar pá iomlán a dheonú go dtí an teorainn 6 mhí (183 lá). Ina dhiaidh sin, beidh ríomh an méid a íocfar bunaithe ar leathphá nó TRR, de réir mar is cuí.

7.2 Léiríonn na cásanna a leagtar amach in Aguisín A den gCaibidil seo conas a oibreoidh an socrúchán um iarbhreithniú déach.

8. Socruithe Idirlinne roimh Mheán Fómhair 2014 faoi théarmaí 60/2010

8.1 Sa chás gur thosaigh múinteoir tréimhse saoire breoiteachta roimh 1 Meán Fómhair 2014 agus go leanann an tsaoire bhreoiteachta ar aghaidh ar an dáta sin agus ina

dhiaidh, leanfaidh sé/sí de leas a bhaint as na socruithe saoire breoiteachta roimh I.R. Uimh. 124 de 2014 le haghaidh na neamhláithreachta sin i.e. 365 lá de shaoire bhreoiteachta íoctha i dtréimhse rollach 4 bliana. Tar éis dualgais a atosú, déileálfar le haon neamhláithreacht saoire breoiteachta ina dhiaidh sin faoi théarmaí na scéime saoire breoiteachta mar a leagtar amach sa Téarmaí & Coinníollacha Fostaíochta do Mhúinteoirí Cláraithe i mBunscoileanna agus Iarbunscoileanna aitheanta.

9. Déileáil le tréimhsí Saoire Breoiteachta roimhe faoin Scéim Nua

9.1 Mar a bhí amhlaidh i gcónaí roimhe seo, leanfar le taifid saoire breoiteachta a athbhreithniú thar tréimhse rollach 4 bliana. Ciallaíonn sé sin go mbogfar an múinteoir láithreach bonn go leathphá nó go TRR, de réir mar is cuí, sa chás go bhfuil neamhláithreacht breoiteachta ag an múinteoir sin ar 1 Meán Fómhair 2014 nó ina dhiaidh agus gur íocadh níos mó ná saoire breoiteachta 183 lá i dtréimhse rollach 4 bliana.

10. Saoire Bhreoiteachta Fhéindeimhnithe

10.1 Is é 7 lá an t-uaslíon laethanta saoire breoiteachta féindeimhnithe atá ceadaithe in aon tréimhse rollach 2 bhliain leantacha de sheirbhís mhúinteoireachta ag ríomh siar ón neamhláithreacht saoire breoiteachta féindeimhnithe is déanaí. Ní íocfar aon neamhláithreacht saoire bhreoiteachta féindeimhnithe níos faide ná an t-uaslíon 7 lá a ndéantar foráil dó faoin mír seo agus féadfar déileáil léi faoi na nósanna imeachta smachta comhaontaithe.

10.2 Féadfar íocaíocht as saoire bhreoiteachta fhéindeimhnithe a mhionathrú nó a tharraingt siar, tar éis próiseas cuí, i gcásanna ina bhfuil líon míchuí neamhláithreachtaí agus go ndruidtear leis an uaslíon laethanta nó go nglactar é bliain i ndiaidh bliana.

10.3 Ní bhainfidh múinteoir leas as tréimhse saoire breoiteachta féindeimhnithe lom láithreach tar éis saoire breoiteachta deimhnithe.

11. Saoire Breoiteachta Deimhnithe

11.1 Sa chás go bhfuil múinteoir as láthair ar shaoire bhreoiteachta leanúnach atá níos faide ná an líon údaraithe laethanta a leagtar amach in Aguisín B den Chaibidil seo, tá teastas dochtúra ag teastáil.

Sa chás go dteipeann ar mhúinteoir teastas dochtúra a chur ar fáil don bhfostóir i leith neamhláithreachta ar shaoire bhreoiteachta de réir na scéime, ba cheart don bhfostóir dul i dteagmháil leis an múinteoir chun a chur in iúl go ndéanfar, sa chás go

dteipeann air/uirthi na cáipéisí leighis riachtanacha a chur isteach agus tar éis próiseas cuí, an tsaoire a thaifeadadh mar thréimhse saoire bhreoiteachta neamhcheadaithe agus íocaíocht leis an múinteoir a tharraingt siar go dtí go bhfillfidh sé/sí ar dhualgas nó go ndéanfaidh sé/sí de réir na scéime agus féadfar déileáil léi faoi na nósanna imeachta smachta comhaontaithe.

11.2 Le go bhfuil sé inghlactha, ní mór an teastas dochtúra a bheith

- sínithe ag liachleachtóir cáilithe atá cláraithe le Comhairle na nDochtúirí Leighis in Éirinn/sa Ríocht Aontaithe/le Comhairle Fiaclóireachta na hÉireann. I gcásanna eisceachtúla, féadfar glacadh le teastais dochtúra ó liachleachtóirí ó thíortha thar lear, mar shampla sa chás go dtagann breoiteacht ar mhúinteoir thar lear nó go bhfuil cóireáil leighis aitheanta nach bhfuil ar fáil in Éirinn á fáil ag múinteoir. Ní mór comhairle an OHS a lorg sna cásanna sin.
- tréimhse nach mó ná seachtain amháin ar fad a chlúdach de ghnáth. Mar sin féin, féadfar deimhniúchán le haghaidh tréimhsí suas go dtí mí amháin ar fad a cheadú faoi lánrogha an fhostóra.
- ábaltacht i gcomhair oibre nó a mhalairt a lua

11.3 Cé nach bhfuil sé éigeantach cineál na breoiteachta a lua ar theastas dochtúra, féadfaidh teip an fhaisnéis sin a chur san áireamh a bheith ina cúis le deacrachtaí má táthar ag iarraidh nach gcuirfear an neamhláithreacht san áireamh m.sh. gan lá dúnta scoile a chur san áireamh.

11.4 Ní mór d'fhostóir rúndacht gach faisnéise a bhaineann le taifid saoire breoiteachta na múinteoirí aonair a chosaint agus baineann sé sin le teastais dochtúra go háirithe.

12. Fógra agus Taifeadadh maidir le Saoire Breoiteachta

12.1 Ba cheart d'aon mhúinteoir atá as láthair mar thoradh ar bhreoiteacht fógra a thabhairt don bhfostóir, nó socrúcháin oiriúnacha a dhéanamh chun fógra a thabhairt don fhostóir, a luaithe is féidir ar an gcéad lá den neamhláithreacht. Ba cheart don mhúinteoir, nuair is féidir, fad dealraitheach na neamhláithreachta a chur in iúl.

12.2 Cuirfidh an scoil gach neamhláithreacht saoire bhreoiteachta in iúl don Roinn (tríd an OLCS) / don Bhord Oideachais agus Oiliúna beag beann ar cé acu a fostaíodh, nó nár fostaíodh, múinteoir ionaid. Tá sé ríthábhachtach go gcuirtear gach neamhláithreacht saoire breoiteachta in iúl don Roinn/don Bhord Oideachais agus Oiliúna go tráthúil mar go bhféadfar tuarastal a ró-íoc le múinteoir agus/nó clúdach múinteoirí ionaid do scoileanna a tharraingt siar mura ndéantar amhlaidh.

12.3 Tá ceangal ar fhostóirí nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm acu chun monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar phatrúin saoire breoiteachta.

12.4 Ba cheart don bhfostóir ráiteas mionsonraithe maidir le gach neamhláithreacht saoire breoiteachta a sholáthar do gach múinteoir ach é a bheith á iarraidh agus ba cheart tuairisc amháin ar a laghad a chur ar fáil gach bliain. Tá an fhaisnéis seo ar fáil ar an OLCS/ar an gcóras ábhartha de chuid an BOO.

13. Ró-íocaíochtaí a bhaineann le Saoire Bhreoiteachta

13.1 Sa chás go dtagann ró-íocaíocht tuarastail chun cinn ar chúis ar bith, déanfar an ró-íocaíocht a aisghabháil go hiomlán ó íocaíocht tuarastail an mhúinteora sa todhchaí de réir Imlitreach 84/2015 "Beartas agus Nósanna Imeachta chun chun Ró-íocaíochtaí Tuarastail nó Pinsin a Aisghabháil" nó, i gcás BOO, Imlitir 32/2016 "Policy and Procedures for dealing with the recovery of overpayments of salary" tar éis é a chur in iúl don OLCS/BOO.

14. Múinteoirí a atreorú chuig an OHS

14.1 Tá dualgas ar an bhfostóir faoi Alt 8 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 chun "sábháilteacht, sláinte agus leas a fhostaithe/a fostaithe ag an obair a chinntiú a oiread is féidir go réasúnach". Tá an OHS i bhfeidhm chun cabhrú leis an bhfostóir an dualgas sin a chomhlíonadh. Ní mór don bhfostóir, dá bhrí sin, an múinteoir a atreorú chuig an OHS chun críche measúnú neamhspleách, sa chás go bhfuil imní réasúnach ann faoi ábaltacht an mhúinteora tabhairt faoina dhualgais/ faoina dualgais ar bhealach atá sábháilte don mhúinteoir agus do na daltaí araon. Is é an Soláthraí OHS, arna chonrú ag an Roinn, an t-aon soláthraí aitheanta maidir le comhairle leighis neamhspleách do mhúinteoirí agus d'fhostóirí. Is ceanglas den scéim saoire breoiteachta é go gcloíonn gach duine atá páirteach sa scéim sin agus a bhaineann leas as an scéim sin leis an measúnacht leighis a dhéanann an OHS.

14.2 Agus atreorú á dhéanamh aige, ba cheart don bhfostóir cloí le Lámhleabhar na nGnáthnósanna Imeachta Oibriúcháin de chuid na Seirbhíse Sláinte Ceirde.

14.3 Is mar seo a leanas atá na critéir le haghaidh múinteoirí a atreorú chuig an OHS:

- Neamh-lánroghnach: aon mhúinteoir ar shaoire bhreoiteachta ag a bhfuil neamhláithreacht leanúnach nó carnach 4 seachtaine (28 lá) ar saoire bhreoiteachta i dtréimhse rollach 12 mhí de sheirbhís mhúinteoireachta.
- Lánroghnach: Múinteoirí a bhfuil údair réasúnacha imní ina dtaobh a bhaineann lena n-ábaltacht i gcomhair oibre de réir leighis.

14.4 Tá ceangal ar an múinteoir comhoibriú leis an OHS agus dul i dteagmháil léi. Cé nach gá a bheith i láthair ag roinnt mhaith de na measúnachtaí, is faoin OHS a chinneadh cé na cúinsí ina bhféadfar ceangal a chur ar mhúinteoir freastal ar mheasúnacht leighis agus/nó a shocrú go dtarchuirtear tuairisc chuimsitheach (ó dhochtúir freastail an mhúinteora) ó dhochtúir go dochtúir faoi bhráid an OHS.

15. Filleadh ar Dualgas

15.1 Táthar ag súil leis go mbeadh múinteoir ábalta de réir leighis chun dualgais iomlána a atosú tar éis tréimhse saoire breoiteachta sa dóigh is nach spreagfadh atosú dualgais athiompú go breoiteacht.

15.2 Ní mór do mhúinteoir atá ag beartú dualgas a atosú roimh an dáta atá sonraithe ar a theastas/a teastas dochtúra teastas ábaltachta óna dhochtúir/dochtúir freastail a chur ar fáil roimh dháta an atosaithe. In éagmais an teastais sin, cuirfear an tréimhse iomlán mar atá taifeadta ar an teastas dochtúra/na teastais dochtúra san áireamh mar shaoire bhreoiteachta. Ní ghlacfar le teastais ábaltachta a thabharfar ag dáta ina dhiaidh sin mar fhianaise ar oiriúnacht dualgais.

15.3 Roimh dó/di atosú ar dhualgas, ní mór do mhúinteoir atá neamhláithreach ar shaoire bhreoiteachta íoctha ar feadh 4 seachtaine as a chéile nó níos mó, nó atá neamhláithreach ar feadh aon tréimhse TRR/saoire bhreoiteachta neamhíoctha nó tréimhse níos giorra sa chás go bhfuil foras réasúnach imní ag an bhfostóir cáipéisí dochtúra a chur isteach lena sonraítear go bhfuil sé/sí in inmhe dualgais. Ní mór don bhfostóir deimhniúchán lena sonraítear go bhfuil an múinteoir ábalta filleadh ar dualgas a fháil ón OHS freisin.

15.4 Sa chás go bhfuil múinteoir neamhláithreach ar shaoire bhreoiteachta agus nár fhill sé/sí ar dualgas ar feadh tréimhse réasúnach roimh thréimhse dúnadh scoile agus ina diaidh, measfar an múinteoir a bheith ar shaoire bhreoiteachta ar feadh na tréimhse iomláine ach amháin

- má sholáthraíonn an múinteoir teastas dochtúra lena sonraítear go bhfuil sé/sí ábalta dualgais iomlána a atosú roimh an tréimhse dúnadh scoile nó lena linn agus
- má fuarthas comhairle an OHS maidir le hábaltacht an mhúinteora chun dualgais iomlána a atosú agus maidir le cé acu ba cheart, nó nár cheart, an tréimhse dúnadh scoile nó aon chuid di a chur as áireamh agus
- má mheas an OHS an tréimhse um fhilleadh ar dhualgas a bheith réasúnach, agus aird á tabhairt ar na cúinsí leighis i gcásanna aonair.

16. Cóiríocht Réasúnta

16.1 Éilíonn na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta ar fhostóirí bearta réasúnta a ghlacadh chun cóiríocht a thabhairt i dtaobh riachtanais fostaithe faoi mhíchumas. Is é a bhíonn i gceist le cóiríocht réasúnta de ghnáth ná mionathrú áirithe ar thascanna/struchtúr poist nó timpeallacht an áit oibre a chuirfeadh ar chumas an fhostaí sin a chuid oibre a dhéanamh ina hiomláine agus leas a bhaint as chomhdheiseanna fostaíochta. Déanfaidh fostóir coigeartuithe réasúnta do mhúinteoirí faoi mhíchumas nó a fuair míchumas chun go bhfaighidh siad cóiríocht

réasúnta d'fhonn éascú dóibh filleadh ar an obair. Níl oibleagáid ar fhostóirí áfach, cóireáil nó áiseanna speisialta a chur ar fáil má théann an costas thar fóir nó má tá sé díréireach. Ba chóir don bhfostóir, i dteannta leis an múinteoir agus an OHS, féachaint ar roghanna cuí a chumasaíonn an múinteoir, m. sh. (ní liosta samplaí iomlán é seo):

- Coigeartuithe réasúnta a dhéanamh ar fhoirgneamh na scoile agus/nó spás oibre
- Trealamh ábhartha a cheannach nó trealamh atá ann cheana féin a mionathrú
- Filleadh páirteach ar an obair mar atá sonraithe thíos

17. Filleadh Páirteach ar an Obair (PRW)

17.1 Tá foráil ann chun éascaíocht a dhéanamh do mhúinteoir atá ag téarnamh ó bhreoiteacht aistriú go dualgais iomlána thar tréimhse ama teoranta chomhaontaithe. Ní teidlíocht a bhíonn ag duine go huathoibríoch é PRW agus tá sé faoi réir molta ón OHS agus faomhadh an fhostóra.

17.2 Faoi dheireadh na tréimhse seo táthar ag súil go mbeidh oiriúnacht de réir leighis bainte amach ag an múinteoir ar leor é gur féidir leis/léi tabhairt faoina d(h)ualgas iomlán ar bhonn lánaimseartha.

17.3 Ba chóir don bhfostóir a chinntiú go nglacfar gach beart réasúnta chun an socrú PRW a éascú. Ba chóir don bhfostóir cinntí maidir le PRW a thaifeadadh.

17.4 Cuirfear tús leis an socrú PRW faofa ar dháta comhaontaithe. Beidh tréimhse chruinn socraithe PRW bunaithe ar chomhairle ón OHS agus tá sé ceadaithe i gcomhair tréimhse uasta téarma scoile amháin. D'fhéadfadh PRW tosú am ar bith sa téarma scoile ach ní mhairfidh sé níos faide ná deireadh an téarma sin. D'fhéadfadh an múinteoir filleadh ar dhualgas iomlán ón PRW go luath ar dháta comhaontaithe faoi réir faomhadh an OHS agus faoi réir comhaontú an fhostóra.

17.5 Ní mór don múinteoir a bhaineann leas as PRW gealltanas a thabhairt go gcomhlíonfaidh sé/sí a c(h)uid dualgas de réir an chonartha ar feadh 2 lá scoile gach seachtain ar a laghad. Íocfar an ráta pá iomlán leis an múinteoir as na laethanta a chuirtear isteach.

17.6 Ní mór na laethanta eile nach n-oibríonn an múinteoir le linn PRW (deirí seachtaine san áireamh) a thaifeadadh mar Shaoire Bhreoiteachta tríd an OLCS/córas BOO lena mbaineann. Is leor moladh an OHS i gcomhair PRW mar fhianaise don bhfostóir chun na neamhláithreachtaí Saoire Breoiteachta seo a thaifeadadh. Cuirfear an ráta cuí pá breoiteachta/TRR i bhfeidhm de réir téarmaí na Scéime Saoire Breoiteachta mar atá mínithe sa Chaibidil seo.

17.7 Maidir le múinteoirí a bhí ar Saoire Bhreoiteachta roimh an 1 Meán Fómhair 2014 agus a fhilleann ar a ndualgas faoi PRW, déileálfar le Saoire Bhreoiteachta ar bith ina dhiaidh sin de réir téarmaí na Scéime Saoire Breoiteachta.

17.8 Tá de cheart ag an bhfostóir faomhadh comhaontaithe PRW ar bith a tharraing siar mura bhfuil sé ag oibriú chun leasa is fearr na ndaltaí/na scoile.

17.9 Is féidir múinteoir ionaid a fhostú agus íocfaidh an Roinn/BOO é/í chun iarmhéid na laethanta ar a bhfuil an múinteoir a bhaineann leas as PRW as láthair ar saoire bhreoiteachta.

17.10 Is féidir neamhláithreachtaí ar saoire bhreoiteachta (pá iomlán agus leathphá) a áireamh go hiomlán chun gach críche lena n-áirítear sinsearacht, socrú cearta painéil agus aoisliúntas. Níl neamhláithreachtaí ar Luach Saothair Athshlánúcháin Sealadach (TRR) ináirithe chun críche aoisliúntais agus breisíochta.

17.11 Beidh foráil PRW do mhúinteoirí faoi réir athbhreithnithe thar na scoilbhlianta 2017/18 agus 2018/19.

18. Forálacha maidir le Breoiteacht a bhaineann le Toircheas

18.1 Sna Rialacháin um Bainistiú na Seirbhíse Poiblí (Saoire Bhreoiteachta) 2014, I.R. 124 de 2014, mar atá leasaithe ag Na Rialacháin um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Saoire Bhreoiteachta) (Leasú), 2015, I.R. Uimh. 384, leagtar amach na forálacha a bhaineann leis an ngaolmhaireacht idir breoiteacht a bhaineann le toircheas agus na teorainneacha saoire breoiteachta.

18.2 Má tá múinteoir atá neamhábalta de réir leighis i gcomhair oibre de bharr breoiteachta a bhaineann le toircheas, ní bhfaighidh sí níos lú ná leathphá, ar feadh na tréimhse saoire breoiteachta a bhaineann le toircheas sula dtéann sí ar saoire mháithreachais. Ní bhíonn sé sin ag brath ar cé acu a shroich, nó nár shroich, sí an uasteorainn leathphá de bharr saoire breoiteachta roimhe sin.

18.3 Déantar foráil sna rialacháin mar a leanas:

- Socrú idirlinne a dhéanann lascaine ar gach PRSL a tógadh roimh thús Scéime Saoire Breoiteachta na Seirbhíse Poiblí (PSSLS) ar 1 Meán Fómhair 2014 d' fhonn rochtain ar saoire bhreoiteachta íoctha a dheimhniú faoin scéim reatha.
- Socrú leanúnach mar a gcuirtear saoire bhreoiteachta a bhaineann le toircheas sna 4 bliana roimhe sin chun sochair ar leathphá, faoi réir ag na teorannacha foriomlána neamhthoirchis le haghaidh saoire breoiteachta.

18.4 Tráth a fhaigheann siad teastas dochtúra ina luaitear gur le toircheas a bhaineann an bhreoiteacht, ba cheart d'fhostóirí an neamhláithreacht a chur isteach mar "bhreoiteacht a bhaineann le toircheas" ar an OLCS/BOO lena mbaineann. Baineann an socrú le breoiteacht amháin a tharlaíonn le linn toirchis agus sula dtosaíonn Saoire Mháithreachais.

18.5 Léirítear conas a oibreoidh na socruithe sna cásanna atá leagtha amach in Aguisín C den gCaibidil seo.

19. Coigeartú Tuarastail

19.1 I gcásanna inar ídíodh an teidlíocht i chuig tuarastal breisíoch sula n-atosaítear ar dhualgas, ní thabharfar tuarastal ar ais ach ón dáta ar a measann an OHS go bhfuil an múinteoir ábalta dualgais iomlána a atosú. Bíonn sé sin ag brath freisin ar an múinteoir ag atosú dualgais iarbhír ar an gcéad lá ar féidir leis/léi tar éis dheimhniú an OHS.

19.2 Ba cheart aon bheart a bhfuil sé riachtanach tuarastal múinteora a choigeartú dá bharr a chur in iúl don Roinn/BOO láithreach.

20. Stádas le linn Saoire

20.1 Tá neamhláithreachtaí ar saoire bhreoiteachta íoctha (pá iomlán nó leathphá) ináirithe go hiomlán chun gach críche, lena n-áirítear sinsearacht, cinneadh na gceart painéil srl. Níl neamhláithreachtaí ar Luach Saothair Athshlánúcháin Sealadach (TRR) ináirithe chun críche aoisliúntais agus breisíochta.

21. Socruithe ÁSPC

21.1 I gcás ranníocóirí ÁSPC Aicme A, ní mór don scoil nó don múinteoir an Teastas Leasa Shóisialaigh MC1 a chur faoi bhráid na rannóige párolla ábhartha den Roinn seo/de Bhord Oideachais agus Oiliúna tar éis tréimhse 6 lá leantacha de shaoire bhreoiteachta lena atreorú ag an rannóg párolla ábhartha chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí. Tá sé sin riachtanach chun rialacháin ÁSPC a chomhlíonadh Nóta Eolais Eanáir 2016.

22. Oiriúnacht leighis agus Ról na Comhairle Múinteoireachta

22.1 Is faoin gComhairle Mhúinteoireachta atá sé déileáil le hoiriúnacht leighis i ndáil le duine a chur ar Chlár na Múinteoirí, é a chur ar fhionraí nó é a bhaint.

23. Scor de bharr Drochshláinte

23.1 Féadfaidh múinteoir a mheastar a bheith neamhábalta de réir leighis chun leanúint ar aghaidh ag múineadh sa bhfadtéarma a bheith i dteideal sochair áirithe phinsin faoin Scéim Pinsean do mhúinteoirí.

24. Múinteoirí atá ar Saoire Neamhláithreachta ar feadh níos mó ná dhá scoilbhliain iomlána

24.1 Ceanglófar ar mhúinteoir a bhí ar chead neamhláithreachta fadtéarmach de chineál ar bith ar feadh níos faide ná dhá scoilbhliain iomlána dul faoi mheasúnú leighis agus is gá go measann an OHS go bhfuil sé/sí ábalta ó thaobh leighis de sula bhfilleann sé/sí.

25. Faisnéis Bhreise

25.1 Chun Ionstraim Reachtúil Uimh. 124 de 2014 a rochtain, cliceáil ar an nasc seo a leanas: Ionstraim Reachtúil 124

Chun teacht ar dhoiciméad Prótacail um Bhreoiteacht Chriticiúil na Seirbhíse Poiblí, cliceáil ar an nasc seo a leanas: Prótacal na Seirbhíse Poiblí maidir le Breoiteacht Chriticiúil

Aguisín A

Cás 1 - Gnáthbhreoiteacht

Is mar seo a leanas atá taifead saoire breoiteachta Sheáin:

Ó	Go	Líon laethanta	Sonraí
12 Bealtaine 15	22 Bealtaine 15	11 lá	Breoiteacht dheimhnithe
1 Meán Fómhair 16	16 Samhain 16	77 lá	Breoiteacht dheimhnithe
	IOMLÁN	88 lá	

Tá Saoire Bhreoiteachta ag Seán ón 2 Deireadh Fómhair 2017 go 9 Deireadh Fómhair 2017 (8 lá).

- Ag féachaint siar ar 4 bliana - níor sroicheadh 183 lá Saoire Breoiteachta
- Ag féachaint siar ar bhliain amháin - níor sroicheadh 92 lá Saoire Breoiteachta

Gheobhaidh Seán pá iomlán i leith na 8 lá Agus úsáid á baint as an iarbhreithniú déach, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar bhliain amháin den taifead saoire breoiteachta siar go dtí an 3 Deireadh Fómhair 2016, níor úsáideadh ach 45 lá den saoire bhreoiteachta. Dá bhrí sin, tá sé i dteideal 8 lá ar phá iomlán a fháil.

Cás 2 - Gnáthbhreoiteacht

Is mar seo a leanas atá taifead saoire breoiteachta Áine:

Ó	Go	Líon laethanta	Sonraí
12 Ean 15	20 Feabh 15	40 lá	Breoiteacht dheimhnithe
1 Noll 15	15 Noll 15	15 lá	Breoiteacht dheimhnithe
1 Mar 16	5 Iúil 16	127 lá	Breoiteacht dheimhnithe
	IOMLÁN	182 lá	

Téann Áine ar shaoire bhreoiteachta dheimhnithe ón 2 Deireadh Fómhair 2017 go dtí 31 Deireadh Fómhair 2017 (30 lá).

- Ag féachaint siar ar 4 bliana - níor sroicheadh 183 lá Saoire Breoiteachta
- Ag féachaint siar ar bhliain amháin - níor sroicheadh 92 lá Saoire Breoiteachta

Déanfar pá iomlán a íoc le hÁine i dtaobh 1 lá. Agus úsáid á baint as an iarbhreithniú déach, tá 182 lá tógtha ag Áine cheana féin sa tréimhse rollach 4 bliana agus, dá bhrí sin, tá 1 lá de shaoire bhreoiteachta íoctha fágtha aici. Ós rud é nach raibh aon saoire bhreoiteachta aici sa 12 mhí go dtí an 2 Deireadh Fómhair 2016, tá rochtain aici ar phá iomlán don lá sin. Má chomhlíonann Áine na critéir i leith TRR, déanfar íocaíocht i leith an 29 lá eile de réir an ráta sin.

Cás 3 - Gnáthbhreoiteacht

Is mar seo a leanas atá taifead saoire breoiteachta Sheosaimh:

Ó	Go	Líon laethanta	Sonraí
10ú Samh 14	22ú Noll 14	43 lá	Breoiteacht dheimhnithe
1ú Noll 15	15ú Noll 15	15 lá	Breoiteacht dheimhnithe
1ú Mar 16	4ú Iúil 2014	126 lá	Breoiteacht dheimhnithe
	IOMLÁN	184 lá	

Téann Seosamh ar shaoire bhreoiteachta dheimhnithe ó 2 D. Fómhair 2017 go dtí 31 D. Fómhair 2017 (30 lá).

Ag féachaint siar thar 4 bliana tá 183 lá sroichte

Ós rud é gur sáraíodh an teorainn 183 lá sa tréimhse rollach 4 bliana, féadfar TRR a íoc le Seosamh má chomhlíonann sé na critéir.

Cás 4 - Breoiteacht Chriticiúil

Is mar seo a leanas atá saoire bhreoiteachta Mháire:

Ó	Go	Líon laethanta	Sonraí
12 Samh 15	23 Samh 15	12 lá	Breoiteacht dheimhnithe
1 Noll 15	15 Noll 15	15 lá	Breoiteacht dheimhnithe
	IOMLÁN	27 lá	

Téann Máire ar saoire bhreoiteachta dheimhnithe ó 2 D. Fómhair 2017 go dtí 30 Márta 2017 (180 lá).
Déanann Máire iarratas ar bhreoiteacht chriticiúil agus ceadaítear an t-iarratas sin.

- Ag féachaint siar ar 4 bliana - níor sroicheadh 365 lá Saoire Breoiteachta
- Ag féachaint siar ar 1 bhliain - níor sroicheadh 183 lá Saoire Breoiteachta

Íocfar pá iomlán le Máire as an 180 lá ós rud é gurb é atá sna teorainneacha iarbhreithnithe dhéach a i gcás breoiteachta criticiúla ná 365 lá chun cinneadh an bhfuil rochtain ag an múinteoir ar shaoire bhreoiteachta le pá nó nach bhfuil agus 183 lá chun cinneadh cén ráta pá a bheidh ann.

Cás 5 - Breoiteacht Chriticiúil

Is mar seo a leanas atá saoire bhreoiteachta Eoin:

Ó	Go	Líon laethanta	Sonraí
12 Bealtaine 15	23 Meith 15	43 lá	Breoiteacht dheimhnithe
1 Noll 15	15 Noll 15	15 lá	Breoiteacht dheimhnithe
1 Mar 16	20 Meith 16	112 lá	Breoiteacht dheimhnithe
	IOMLÁN	170 lá	

Téann Eoin ar saoire bhreoiteachta dheimhnithe ón 2 D. Fómhair 2017 go dtí 30 Aibreán 2018 (211 lá).
Déanann Eoin iarratas ar bhreoiteacht chriticiúil agus ceadaítear an t-iarratas sin.

- Ag féachaint siar ar 4 bliana - níor sroicheadh 365 lá Saoire Breoiteachta
- Ag féachaint siar ar 1 bhliain - níor sroicheadh 183 lá Saoire Breoiteachta

Roimh thús na saoire seo, bhí 170 lá ag Eoin sa tréimhse rollach 4 bliana ach ní raibh aon saoire bhreoiteachta aige sa tréimhse rollach 1 bhliana siar go dtí Deireadh Fómhair 2015 agus, dá bhrí sin, déanfar pá iomlán a íoc leis i leith 183 lá. Fágann sé sin gur 353 lá an líon iomlán laethanta saoire breoiteachta atá ann sa tréimhse rollach 4 bliana. Déanfar leathphá a íoc leis i leith an 12 lá atá fágtha agus, má tá sé cáilithe, íocfar an 16 lá deiridh de réir TRR.

Aguisín B

Tá deimhniúchán dochtúra ag teastáil sa chás go sáraítear na teorainneacha seo a leanas

Bunscoileanna agus Scoileanna na mBord Oideachais agus Oiliúna

Féadfaidh múinteoirí incháilithe saoire bhreoiteachta 3 lá scoile i ndiaidh a cheile a thógáil gan teastas dochtúra a chur ar fáil.

Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha

Féadfaidh múinteoirí incháilithe saoire bhreoiteachta 4 lá scoile i ndiaidh a chéile a thógáil gan teastas dochtúra a chur ar fáil.

Aguisín C

Cás 1 - Saoire Bhreoiteachta a bhaineann le Toircheas (PRSL) (roimh MF 14) Socrú Idirlinne

Tá taifead saoire breoiteachta Mháire mar seo a leanas:

Ó	Go	Líon laethanta	Sonraí
1 D. Fómh. 2012	31 Ean 2013	123	Saoire Bhreoiteachta a bhaineann le toircheas
8 Noll 2013	15 Noll 2013	8	Breoiteacht dheimhnithe
3 Mar 2014	5 Bealt 2014	64	Breoiteacht dheimhnithe
	IOMLÁN	195	

Téann Máire ar saoire bhreoiteachta dheimhnithe ó 1ú Meán Fómh. 2015 go 30 Meán Fómh. 2015 (30 lá)

- Ag féachaint siar thar 4 bliana - tá 183 lá sáraithe
  PRSL Socrú Idirlinne- *Lascainítear gach PRSL roimh thiomsú na scéime*
  Iomlán Nua 4 bliana (nach PRSL é) = 72 *(195 - 123)*
- Ag féachaint siar thar 4 bliana - níor sroicheadh 183 lá Saoire Breoiteachta
- Ag féachaint siar thar bliain amháin - níor sroicheadh 92 lá Saoire Bhreoiteachta

Íocfar pá iomlán le Máire i leith 30 lá. Ar 1 Meán Fómh. 2015 tá taifead 72 lá saoire breoiteachta (lúide PRSL ábhartha) ag Máire in 4 bliana / 0 lá in 1 bhliain. Fanann an neamhláithreacht 30 lá i Meán Fómh. 2015 faoin dá thairseach iarbhreithnithe déach, agus dá bhrí sin tá Máire i dteideal lánphá bhreoiteachta i leith na neamhláithreachta 30 lá.

Cás 2 (PRSL) (Iar-Meán Fómh. '14) Socrú Leanúnach

Mar a luaitear i Rialachán 20 de Bhainistiú na Seirbhíse Poiblí (Saoire Bhreoiteachta):
Cuirfear gach neamhláithreacht PRSL reatha chun sochair ag leathráta pá laistigh de na *gnáth-theorainneacha saoire breoiteachta.*

Níl Rialachán 20 **IOMCHUÍ ACH I gCÁS**:

- Go bhfuil an tairseach saoire breoiteachta íoctha 4 bliana sroichte ag múinteoir (183 nó 365 lá).
- Nuair nach neamhláithreacht dheimhnithe PRSL í an neamhláithreacht reatha.
- Go bhfuil neamhláithreacht dheimhnithe PRSL cheana féin ag an múinteoir tar éis 1 Meán Fómh. 2014.

Tá an taifead saoire breoiteachta seo a leanas ag Rachel:

Ó	Go	Líon laethanta	Sonraí
15 Feabh. 2013	19 Feabh. 2013	5	Breoiteacht dheimhnithe
1 Samh 2013	31 Mar 2014	151	Breoiteacht dheimhnithe
20 Bealt 2013	20 Bealt 2013	1	Saoire Bhreoiteachta Fhéin-deimhnithe
1 D. Fómh. 2014	1 Samh 2014	32	Saoire Bhreoiteachta a bhaineann le toircheas
2 Samh 2014	1 Noll 2014	30	Saoire Bhreoiteachta a bhaineann le Toircheas Leathphá
	IOMLÁN	219	

Téann Rachel ar saoire bhreoiteachta dheimhnithe ó 1ú Ean 2016 go 29ú Feabh 2016 (60 lá).

- Ag féachaint siar thar 4 bliana - tá 183 lá sáraithe

  Socrú Leanúnach PRSL - *Gach PRSL curtha chun sochair ag leathphá (laistigh de ghnáth-theorainneacha saoire breoiteachta)*

  Iomlán nua 4 bliana (nach – PRSL é) = 157 *(219 - 62)*
- Ag féachaint siar thar 4 bliana - níor sroicheadh 183 lá saoire breoiteachta (iarmhéid 26 lá)
- *Ní bhaineann an t-iarbhreithniú 1 bhliain le hábhar mar gur socrú LEATHPHÁ amháin an tsaoire bhreoiteachta íoctha faoin socrú seo.*

Íocfar leathphá le Rachel ar feadh 26 lá, rud a thugann iomlán a saoire breoiteachta 'neamh-PRSL' go 183 lá i dtréimhse 4 bliana. Íocfar iarmhéid na neamhláithreachta seo (34 lá) (faoi réir ag na critéir teidlíochta cuí) ag Luach Saothar Sealadach Athshlánúcháin (TRR).

CAIBIDIL A CEATHAIR - TEIDLÍOCHTAÍ UM CHOSAINT MHÁITHREACHAIS

(Ba chóir an méid seo a léamh i dteannta leis an Réamhrá, Forálacha Ginearálta do gach Scéim, agus na Sainmhínithe)

1. Teidlíochtaí um Chosaint Mháithreachais

1.1 Tá gach múinteoir atá ag súil le breith agus a saolaítear leanbh di, nó a shroicheann an 24ú seachtain dá toircheas, i dteideal 26 seachtain saoire máithreachais agus 16 seachtain saoire máithreachais neamhíoctha de bhreis air sin.

1.2 Cuirfear tús, de ghnáth, le saoire mháithreachais ar an lá a roghnaíonn an múinteoir atá ag súil le breith, mura moltar le deimhniú dochtúra go dtosóidh an tsaoire ar dháta áirithe. Ach ní féidir, áfach, leis an dáta tosaithe a bheith ag tráth níos déanaí ná 2 sheachtain roimh dheireadh na seachtaine a bhfuiltear ag súil le breith an linbh agus caithfear ceithre seachtaine a thógáil tar éis deireadh na seachtaine a mbéarfar an leanbh. Chun na críche seo, féachtar ar an Satharn mar dheireadh na seachtaine. Féadfaidh múinteoirí aird a thabhairt freisin ar rialacha na Roinne Coimirce Sóisialaí nach dtosaíonn incháilitheacht maidir le sochar mháithreachais de ghnáth go dtí an 24ú seachtain den toircheas agus críochnaíonn nuair a thagann deireadh leis an tsaoire mháithreachais. Tá tuilleadh mionsonraí maidir le rialacháin na Roinne Coimirce Sóisialaí le fáil díreach ón Roinn sin.

1.3 Má tharlaíonn an bhreith i seachtain sula gcuireann an múinteoir tús leis an tsaoire mháithreachais ansin ní mór tús a chur leis an tsaoire mháithreachais láithreach agus caithfear an fostóir a chur ar an eolas.

1.4 Má tharlaíonn an bhreith tar éis an dáta a rabhthas ag súil leis agus má tá níos lú na 4 seachtaine de shaoire mháithreachais fanta, ansin caithfear an fostóir a chur ar an eolas agus cuirfear síneadh leis an tsaoire mháithreachais lena chinntiú go dtógfar 4 seachtain de shaoire mháithreachais tar éis na breithe.

2. Saoire Reachtúil Neamhíoctha Bhreise

2.1 Tá sé de rogha ag múinteoir saoire mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise a thógáil go ceann 16 seachtaine eile ar a mhéid, ag tosú an lá díreach tar éis don tsaoire mháithreachais a bheith críochnaithe.

2.2 D'fhéadfadh múinteoir a bhaineann leas as an tsaoire mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise a bheith i dteideal creidmheasanna ÁSPC. Ní mór don múinteoir agus don bhfostóir iarratas SW1 ar Chreidiúintí Saoire Máithreachais atá ar fáil ón Roinn Coimirce Sóisialaí a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Is ar an múinteoir agus ní ar an bhfostóir atá an fhreagracht iarratas a dhéanamh ar na creidmheasanna seo.

3. Saoire Neamhreachtúil Neamhíoctha bhreise go deireadh na scoilbhliana

3.1 Féadfaidh múinteoir a mbeidh saoire mháithreachais agus saoire mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise tógtha aici iarratas a dhéanamh ar shaoire mháithreachais neamhreachtúil neamhíoctha bhreise go deireadh na scoilbhliana.

3.2 I gcomhthéacs na saoire seo glactar leis go gciallaíonn deireadh na scoilbhliana an 31 Lúnasa. Mar shampla, dá dtiocfadh deireadh le gach cineál saoire eile dá dtagraítear thuas faoin 4 Bealtaine, agus dá mba mhian leis an múinteoir atá i gceist fanacht ón scoil i gcomhair a bhfuil fágtha den scoilbhliain, seachas filleadh ar feadh tréimhse gairide, ansin leanfar leis an tsaoire mháithreachais neamhreachtúil neamhíoctha bhreise go dtí an 31 Lúnasa agus an lá sin san áireamh.

3.3 Ní hionann an tsaoire seo agus teidlíocht reachtúil agus tá sé faoi réir ag cead scríofa a fháil ón bhfostóir sé seachtaine ar a laghad sula mbíonn sé i gceist leas a bhaint as an tsaoire seo.

4. An t-ord ina gcaithfear saoire a thógáil

4.1 Is iad seo a leanas na socruithe oird do theidlíochtaí máithreachais:

a) Saoire Mháithreachais (26 seachtaine)

b) Aon saoire mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise (uasmhéid de 16 seachtaine)

c) Saoire mháithreachais neamhreachtúil neamhíoctha bhreise go deireadh na scoilbhliana (go 31ú Lúnasa)

4.2 Nuair a bhíonn gach cineál saoire gaolmhaire úsáidte go hiomlán, de réir mar is iomchuí do gach duine aonair, ansin is ionann an chéad lá oibre eile agus an dáta a bhfuil sé beartaithe ag an múinteoir filleadh.

5. Nósanna Imeachta Iarratais do Mhúinteoirí

5.1 Ba chóir do mhúinteoirí iarratas a dhéanamh chuig a bhfostóir ar shaoire mháithreachais íoctha agus neamhíoctha araon ar a laghad 6 seachtaine roimh thús na saoire ar an bhfoirm iarratais fhorordaithe atá i gceangal le hAguisín A den chaibidil seo.

5.2 Tá an t-iarrthóir freagrach as Foirm MB1 a chomhlánú agus ba chóir di a chinntiú go gcomhlánaíonn an scoil/BOO cuid an fhostóra sula seoltar ar aghaidh chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí an fhoirm ar a laghad 6 seachtaine roimh an dáta tosaithe NÍOR chóir an fhoirm MB1 a sheoladh chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna.

6. Nósanna Imeachta OLCS mar is cuí agus ríomha d'Fhostóirí

6.1 Ní mór d'fhostóirí neamhláithreachtaí a chur isteach ar an OLCS ar a laghad 6 seachtaine roimh dháta tosaithe na saoire máithreachais.

6.2 Tá an nós imeachta i ndáil le taifeadadh a dhéanamh ar neamhláithreacht saoire máithreachais ar an OLCS i gceangal le hAguisín B den chaibidil seo.

6.3 Tá sampla de bhileog oibre ríomha saoire mháithreachais i gceangal le hAguisín C den chaibidil seo.

7. Socruithe Íocaíochta agus Sochar Máithreachais

7.1 Ní teidlíocht reachtúil é go leantar d'íocaíocht phá le linn saoire máithreachais agus tá sé ag brath ar chomhlíonadh téarmaí agus coinníollacha na scéime.

7.2 Ba chóir beart ar bith a gcaithfear coigeartú ar phá múinteora a dhéanamh dá thoradh a chur in iúl don Roinn/BOO láithreach.

7.3 De réir rialachán na Roinne Coimirce Sóisialaí eiseofar Sochar Máithreachais ar bith atá le n-íoc ag an Roinn Coimirce Sóisialaí le ranníocóirí ÁSPC ag an ráta iomlán (Aicme A) go díreach chuig an múinteoir faoi chaibidil. I dtosach báire cuirfidh an Roinn/BOO asbhaint ón tuarastal i bhfeidhm atá coibhéiseach le huasráta seachtainiúil an Sochar Máithreachais atá iníoctha leis an múinteoir.

7.4 De réir rialachán na Roinne Coimirce Sóisialaí níl teidlíocht ag ranníocóirí ag an ráta leasaithe (Aicme D) chuig Sochar Máithreachais. Dá bhrí sin ní chuirtear asbhaint i bhfeidhm ar a tuarastal agus coinnítear iad ag a ngnáthráta pá.

7.5 Más níos lú ná an t-uasmhéid é méid an tsochair atá iníoctha leis an múinteoir, nó mura bhfuil teidlíocht ag duine chuig aon Sochar Máithreachais, ba chóir é seo a chur in iúl dá rannóg phárolla láithreach chun a chinntiú go bhfuil na coigeartaithe tuarastail i gceart. Is féidir athruithe ar asbhaint uathoibríoch a dhéanamh ar choinníoll go soláthraíonn an múinteoir cóip d'fhógra scríofa ón Roinn Coimirce Sóisialaí den ráta sochair iarbhír is infheidhme don bpárolla lena mbaineann, más ann dó. Déanfar asbhaintí, nuair is iomchuí, gach coicís le linn na tréimhse saoire íoctha go dtí uasmhéid 26 seachtaine i leith saoire mháithreachais. Má dhéantar taifeadadh deireanach ar neamhláithreachtaí caithfear aon riaráistí atá dlite a asbhaint as an tuarastal tar éis dáta an fhógra.

7.6 Beidh íocaíocht an tsochair mháithreachais ina hioncam incháinithe.

8. Am saor le haghaidh coinní cúram réamhbhreithe, coinní iarbhreithe agus chun freastal ar ranganna réamhbhreithe.

8.1 Tá múinteoirí atá ag súil le leanbh i dteideal am saor ón obair a fháil, gan caillteanas pá, chun:

a) freastal ar choinní liachta a bhaineann le cúram réamhbhreithe,

b) freastal ar shraith amháin ranganna réamhbhreithe le linn slí bheatha oibre, seachas na 3 rang deiridh sa tsraith sin, agus

c) freastal ar choinní dochtúra a bhaineann le cúram iarbhreithe laistigh de 14 seachtain den bhreith.

8.2 Má chailleann múinteoir atá ag súil le leanbh ranganna réamhbhreithe áirithe i sraith ansin ceadaítear di, le linn toirchis nó toircheas ina dhiaidh sin, freastal a dhéanamh ar ranganna comhionanna leis na ranganna a chaill sí.

8.3 Bíonn athair ionchasach i dteideal am saor a fháil ón obair, gan caillteanas pá, le freastal ar an dá rang réamhbhreithe deiridh i sraith ar a mbíonn an mháthair atá ag súil le leanbh ag freastal.

8.4 Ba chóir fógra coicíse a thabhairt i leith gach neamhláithreacht a dtagraítear dóibh sa chuid seo agus ba chóir deimhniú iomchuí a sholáthar.

9. Sláinte agus Sábháilteacht múinteoirí atá ag súil le leanbh, múinteoirí iarbhreithe agus múinteoirí atá ag tabhairt cothú cíche

9.1 Faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 (I.R. 10.1 Uimh. 299 de 2007) tá sé d'oibleagáid ar an bhfostóir, chomh luath is a thugann an múinteoir fógra go bhfuil sí torrach, aon riosca ar leithligh san áit oibre a mheas agus a chinntiú nach mbeidh an múinteoir atá ag súil le leanbh, an múinteoir iarbhreithe nó an múinteoir atá ag tabhairt cothú cíche (laistigh de thréimhse 26 seachtaine i diaidh breith an linbh) á gcur i mbaol ag oibreáin, próisis nó coinníollacha a dhéanfaidh dochar do shábháilteacht nó do shláinte an mhúinteora atá torrach agus/nó leanbh atá ag forbairt.

9.2 Ba chóir an múinteoir a chur ar an eolas maidir le torthaí an mheasúnaithe riosca agus maidir leis na bearta atá le tógáil. Tá an socrú mionsonraithe maidir le freagrachtaí an fhostóra agus an mhúinteora faoi seach maidir le saoire sláinte agus sábháilteachta le fáil in Ailt 17 – 20 den Acht um Chosaint Mháithreachais 1994.

9.3 Sa chás go n-aithnítear riosca agus nach féidir fáil réidh leis, ní mór bearta cosanta agus coisctheacha a ghlacadh le sláinte aon mhúinteora lena mbaineann na forálacha sin a chosaint, ar nós:

a) athrú sealadach ar thimpeallacht oibre an mhúinteora atá i gceist chun go seachnaítear nochtadh don riosca, nó

b) sa chás nach féidir athrú den sórt sin a dhéanamh, an múinteoir a aistriú chuig obair oiriúnach eile, nach bhfuil riosca i gceist léi, nó

c) sa chás nach bhfuil obair eile den sórt sin ar fáil, agus tar éis dul i gcomhairle leis an OHS agus deimhniú a fháil uaidh, saoire sláinte agus sábháilteachta a thabhairt don mhúinteoir. Tá an múinteoir i dteideal, má iarrtar é, teastas a fháil ina luaitear na cúiseanna ar tugadh saoire di. Ní mór go dtabharfadh an teastas seo dáta tosaithe agus dáta ionchasach deiridh na saoire. Is féidir Saoire Sláinte agus Sábháilteachta Máithreachais a dheonú maidir le níos mó ná aon tréimhse amháin, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a bhfuil breac-chuntas tugtha orthu i 9.1 agus 9.2 thuas i leith gach ceann de na tréimhsí atá i gceist.

9.4 Soláthraítear teastas samplach riosca sa sceideal leis na Rialacháin um Chosaint Mháithreachais (Deimhniú Saoire Sláinte agus Sábháilteachta) 1995 (I.R. Uimh. 19 de 1995).

9.5 Tiocfaidh deireadh le Saoire Sláinte agus Sábháilteachta nuair:

a) a thosóidh an múinteoir lena mbaineann ar saoire mháithreachais, nó

b) nach fostaí a thuilleadh í an múinteoir lena mbaineann Cuid III den Acht um Chosaint Mháithreachais, 1994 (m.sh. tugann sí fógra don bhfostóir nach bhfuil sí ag súil le leanbh, nár rugadh leanbh di le ceithre seachtaine déag anuas nó nach bhfuil sí i bhfoisceacht 26 seachtaine do dháta na breithe ná nach raibh sí ag tabhairt cothú cíche, mar a shainmhínítear san Acht); nó

c) a thagann deireadh leis an riosca

9.6 Ba chóir ceisteanna sonracha maidir le saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta a chur ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA), www.hsa.ie, atá in ann comhairle, cabhair agus spreagadh atá dírithe ar chosc a chur ar thimpistí a bhaineann le hobair agus sábháilteacht, sláinte agus leasa ceirde ag an obair a chur chun cinn.

9.7 Beidh múinteoir a íocann ranníocaíochtaí ÁSPC ag an ráta leasaithe (Aicme D) agus nach bhfuil aon teidlíocht aici i leith sochar Sláinte agus Sábháilteachta ón RCS, i dteideal pá iomlán an t-achar a bhíonn sí ar shaoire sláinte agus sábháilteachta Íocfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna tuarastal iomlán leis an múinteoir a íocann ÁSPC ag an ráta iomlán (Aicme A) agus atá i dteideal Sochar Sláinte agus Sábháilteachta ón RCS don chéad 21 lá, agus ina dhiaidh sin, íocfar tuarastal iomlán léi lúide aon sochar a íocann an RCS léi. Foirm HSB1 .

10. Saoire Atharthachta: Teidlíocht saoire múinteoirí fir i gcás bhás na máthar fad a bhíonn sí ar saoire mháithreachais

10.1 I gcás go mbásaíonn an mháthair laistigh de 40 seachtain de bhreith linbh bheo, tá múinteoir fir arb é athair an linbh é i dteideal saoire mar seo a leanas:

a) má bhásaíonn an mháthair roimh dheireadh na 24ú seachtaine i ndiaidh na seachtaine inar rugadh an leanbh, tá an t-athair i dteideal saoire íoctha suas go dtí an 24ú seachtain. Ag deireadh na tréimhse sin, tá sé i dteideal cur isteach ar 16 seachtain bhreise i ndiaidh a chéile de shaoire neamhíoctha a thosaíonn láithreach nó

b) má bhásaíonn an mháthair tar éis na 24ú seachtaine i ndiaidh na seachtaine inar rugadh an leanbh, tá an t-athair i dteideal saoire neamhíoctha suas go dtí an 40ú seachtain i ndiaidh na seachtaine inar rugadh an leanbh.

10.2 Beidh feidhm freisin leis an socrú oird maidir le saoire an athar a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith i mír 4:

a) Saoire Atharthachta (an t-aistriú chuig an athair d'aon chuid de theidlíocht saoire mháithreachais na máthar atá fagtha suas go dtí an 24ú seachtain tar éis na seachtaine inar rugadh an leanbh).

b) Saoire Atharthachta reachtúil neamhíoctha bhreise (an t-aistriú chuig an athair d'aon chuid de shaoire neamhíoctha bhreise na máthar atá fágtha suas go dtí an 40ú seachtain tar éis na seachtaine inar rugadh an leanbh).

c) Saoire Atharthachta neamhreachtúil neamhíoctha bhreise go dtí deireadh na scoilbhliana (31 Lúnasa)

10.3 Ba chóir go dtosódh an tsaoire de ghnáth laistigh de 7 lá den teagmhas atá mar chúis le teidlíocht an athar i leith saoire ach ba chóir don fhostóir rogha a fheidhmiú ó thaobh imthosca an duine aonair. Chun leas a bhaint as an teidlíocht saoire ní gá don athair sna himthosca sin ach iarratas i scríbhinn a chur chuig a fhostóir. Chomh luath agus is féidir go réasúnach, ba chóir cóip de theastas báis na máthar agus cóip de theastas breithe an linbh a thabhairt don bhfostóir.

11. Teidlíocht saoire a chur ar atráth i gcás go gcoinnítear an leanbh san ospidéal

11.1 Sa chás go gcoinnítear an leanbh san ospidéal, is féidir iarratas a dhéanamh ar an bhfostóir:

a) Saoire Mháithreachais

b) saoire mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise

c) Saoire Atharthachta

d) Saoire Atharthachta reachtúil neamhíoctha bhreise a chur ar atráth

11.2 Ní féidir saoire mháithreachais a chur ar atráth ach amháin tar éis 14 seachtaine ar a laghad den tsaoire a bheith imithe in éag, a gcaithfidh ceithre seachtaine díobh a bheith glactha i ndiaidh na seachtaine inar rugadh an leanbh. Leis an tsaoire a chur ar atráth ní mór don mhúinteoir a bhí as láthair filleadh ar a cuid dualgas sa scoil le linn tréimhse an atrátha.

11.3 Ní mór iarratas ar shaoire a chur ar atráth a dhéanamh i scríbhinn chuig an bhfostóir agus ní mór deimhniú ón ospidéal ina bhfuil an leanbh coinnithe a chur leis. Ní mór don fhostóir an múinteoir a chur ar an eolas is scríbhinn maidir leis an gcinneadh chomh luath agus is féidir. Má chuirtear an tsaoire ar atráth, caithfidh an fostóir agus an múinteoir teacht ar chomhaontú maidir leis an dáta le filleadh ar obair.

11.4 Ní mór an Roinn/BOO agus an RCS a chur ar an eolas láithreach má tá an múinteoir le filleadh ar an obair le coigeartú pá a éascú agus le deireadh a chur le haon sochar ón RCS agus le híocaíocht an mhúinteora ionaid a thabhairt chun críche.

11.5 Ní mór an tsaoire atá curtha ar atráth a thógáil in aon tréimhse leanúnach ag tosú tráth nach déanaí ná 7 lá tar éis an linbh a scaoileadh abhaile as an ospidéal. Is é an tréimhse uasta chun saoire a chur ar atráth ná 6 mhí.

11.6 Ní mór don mhúinteoir litir nó doiciméad iomchuí nó doiciméad eile ón ospidéal nó ó dhochtúir an linbh a chur ar fáil don fhostóir ag deimhniú an dáta a scaoilfear an linbh abhaile ón ospidéal.

11.7 Má thagann breoiteacht ar an múinteoir tar éis filleadh ar an obair agus sula dtógann sé/sí an tsaoire atrátha, breithneofar gur ar an gcéad lá den neamhláithreacht mar gheall ar bhreoiteacht a chuir sé/sí tús leis an tsaoire a cuireadh ar atráth ach amháin má chuireann an múinteoir in iúl don bhfostóir nach mian leis/léi tús a chur leis an tsaoire a cuireadh ar atráth. Má tharlaíonn sé sin forghéillfidh sé/sí an tsaoire a cuireadh ar atráth agus déileálfar leis an neamhláithreacht mar shaoire bhreoiteachta. Ba chóir na nósanna imeachta i ndáil le saoire bhreoiteachta a leanúint, lena n-áirítear teastas dochtúra a thabhairt isteach nuair is cuí.

12. Foirceannadh saoire máithreachais reachtúil neamhíoctha breise/Saoire Atharthachta i gcás breoiteacht na máthar/an athar.

12.1 Is féidir iarratas ar shaoire mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise, nó ar shaoire athar reachtúil neamhíoctha bhreise a chur ar ceal i scríbhinn ar chúis ar bith, tráth nach déanaí ná 4 seachtaine roimh an dáta a bhfuil an tsaoire seo le tosú. Má tá an spriocdháta 4 seachtaine imithe in éag caillfear an teidlíocht chun an tsaoire a chur ar ceal. I gcás breoiteachta féadfar iarratas foirmiúil a dhéanamh chuig an bhfostóir fós áfach, fiú amháin má tá tréimhse na saoire seo tosaithe, leis an tsaoire sin a chur ar ceal i bhfabhar neamhláithreacht saoire breoiteachta deimhnithe.

12.2 Tá an rogha ag an bhfostóir iarratas den sórt sin ar an tsaoire a chur ar ceal, a cheadú. Má cheadaítear an tsaoire, ní mór don bhfostóir agus don múinteoir teacht ar chomhaontú maidir le dáta foirceanta na saoire sin. Ní féidir an dáta a chomhaontaítear a bheith níos luaithe ná an chéad lá breoiteachta deimhnithe ná níos déanaí ná an dáta a mbeadh deireadh tagtha leis an tsaoire fhoirceanta. Beidh feidhm ansin leis na gnáth-nósanna imeachta i ndáil le saoire bhreoiteachta. Ní bheidh an múinteoir i dteideal an tsaoire mháithreachais neamhíoctha bhreise a thógáil nó aon chuid di nár tógadh tráth a dtosaíonn an tsaoire bhreoiteachta.

12.3 Chun an coigeartú pá riachtanach a éascú, ní mór an Roinn/BOO a chur ar an eolas láithreach go bhfuil an múinteoir ar saoire bhreoiteachta anois.

Féach Litir Chiorcláin 0060/2018 - Sosanna Cothú Cíche do Mhúinteoirí Cláraithe i mBunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna Aitheanta

13. Soláthar i leith cothú cíche a thabhairt

13.1 Tá an múinteoir atá tar éis filleadh ar an obair laistigh de thréimhse sé seachtaine is fiche i ndiaidh bhreith an linbh i dteideal uair an chloig in aghaidh an lae chun cothú cíche a thabhairt don leanbh. Féadfar an t-am saor, gan pá a chailleadh, a ghlacadh mar seo a leanas:

a) sos amháin 60 nóiméad, nó

b) dhá shos 30 nóiméad an ceann, nó

c) trí shos 20 nóiméad an ceann

13.2 Ní mór don mhúinteoir a cháilíonn don soláthar sin an fostóir a chur ar an eolas i scríbhinn go bhfuil sé i gceist aici sosanna den sórt sin a thógáil. Ba chóir fógra 4 seachtaine a thabhairt roimh fhilleadh ar obair tar éis saoire a bhaineann le máithreachas faoi théarmaí agus coinníollacha Fostaíochta do Mhúinteoirí Cláraithe i mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna Aitheanta. Caithfear cóip de theastas breithe an linbh a chur isteach leis an iarratas ar shosanna cothú cíche. Is ceist don phríomhoide é na socruithe is gá a dhéanamh leis an múinteoir chun sosanna cothú cíche a éascú.

14. Ceapacháin ar Théarma Seasta/Cuspóir Sheasta

14.1 Beidh teidlíochtaí iomlána saoire máithreachais ag an múinteoir atá ar chonradh téarma seasta/conradh cuspóir seasta le linn téarma an chonartha. Níor chóir go mbeadh aon tionchar ar cheadú nó ar thógáil teidlíochta saoire máithreachais ar cheapachán ar théarma seasta/cuspóra socraithe nó ar athnuachan ceapacháin den sórt sin.

14.2 Tiocfaidh deireadh le teidlíocht a bhaineann le máithreachas ar dhul in éag an chonartha mura leanann conradh 'ceann i ndiaidh a chéile' an conradh sin i bpost múinteoireachta ceadaithe atá maoinithe ag airgead atá á sholáthar ag an Oireachtas.

15. Conarthaí Ionadaíochta

15.1 Is féidir múinteoir ionaid a fhostú i leith gach neamhláithreachta atá clúdaithe faoi théarmaí na caibidle seo, ar de thréimhse lá amháin ar a laghad iad. Ba chóir go ndéanfadh conarthaí a bhronntar chun neamhláithreacht a chlúdach a bhfuil breac-chuntas tugtha orthu sa chaibidil seo tagairt shoiléir a dhéanamh go bhféadfadh imthosca a bheith ann nuair a chaithfí conradh ionadaíochta a fhoirceannadh i gcás go bhfillfeadh an múinteoir a bhí as láthair ar dhualgais tráth níos luaithe ná mar a bhíothas ag súil leis. (m.sh. cuireann an múinteoir atá as láthair cuid dá saoire mháithreachas ar atráth mar gheall go bhfuil an leanbh nua-bheirthe coinnithe san ospidéal).

16. Stádas le linn Saoire

16.1 Meastar múinteoir atá as láthair ar aon chineál saoire dá dtagraítear dóibh sa chaibidil seo, seachas saoire mháithreachais neamhreachtúil neamhíoctha bhreise, a bheith fostaithe ag an am sin. Tá neamhláithreacht íoctha ináirithe go hiomlán chun gach críche, lena n-áirítear, sinsearacht, breithniú cearta painéil srl. Tá saoire mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise ináirithe chun gach críche, seachas aoisliúntas. Níl neamhláithreacht ar shaoire mháithreachais neamhreachtúil neamhíoctha bhreise go deireadh na scoilbhliana ináirithe chun críche ar bith, fabhrú saoire bhliantúil san áireamh.

17. Poist Fhreagrachta Fholmha

17.1 Ba chóir go gcuirfí múinteoir atá as láthair de bharr ceann ar bith de na cineáil saoire atá clúdaithe faoi théarmaí na caibidle seo ar an eolas maidir le Poist Fhreagrachta atá le líonadh sa scoil.

18. Fostaíocht le linn Saoire Máithreachais

18.1 Níl cead ag múinteoirí a bheith rannpháirteach in aon fhostaíocht íoctha le linn dóibh a bheith ar saoire mháithreachais. D'fhéadfaí Sochar Máithreachais a fhoirceannadh faoi rialacháin an RCS sa chás go rachfaí i mbun fostaíochta le linn a bheith ar saoire mháithreachais. D'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar aon íocaíocht tuarastail ón Roinn/BOO i gcás go ndéantar foirceannadh ar Shochar Máithreachais a eascraíonn as neamhchomhlíonadh théarmaí scéim an RCS.

19. Filleadh ar Dhualgas

19.1 Ba chóir don bhfostóir ráiteas i scríbhinn a thabhairt don múinteoir atá as láthair maidir lena neamhláithreacht agus an dáta a bhfuiltear ag súil go bhfillfidh an múinteoir ar a dualgais. Ba chóir don múinteoir atá le filleadh ar obair fógra scríofa a

thabhairt don bhfostóir ceithre seachtain roimh an dáta a bhfuil sé i gceist aici filleadh ar an ionad oibre ag deimhniú go bhfuil sé beartaithe aici filleadh ar a dualgais ón dáta sin.

Aguisín A

Foirm Iarratais ar Theidlíochtaí Saoire Máithreachais

NÁ cuirtear Foirmeacha Iarratais/Doiciméadú Tacaíochta isteach chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna. Comhlánaítear an Fhoirm Iarratais seo ina hiomláine agus coinnítear í sa scoil/BOO i dteannta doiciméadaithe ábhartha eile chun críche taifid agus iniúchta.

Is féidir an fhoirm seo a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar shaoire mháithreachais agus/nó ar shaoire mháithreachais reachtúil agus/nó ar shaoire mháithreachais neamhreachtúil neamhíoctha. Ba chóir í a chomhlánú agus a sheoladh isteach 6 seachtaine ar a laghad sula dtosaíonn an tsaoire.

Sa chás go n-íocann an t-iarrthóir ranníocaíochtaí ÁSPC cuirtear isteach foirmeacha MB 1 & 2 chuig an RCS. Tá an fhoirm seo ar fáil ón RCS nó ar líne ag: www.welfare.ie

IARRATAS AR:

□ Saoire Mháithreachais □ Saoire Mháithreachais reachtúil neamhíoctha □ Saoire Mháithreachais neamhreachtúil gan phá *Cuir tic mar is cuí le do thoil:*

Ainm: _____ Scoil: _____

Uimhir Rolla: _____ Uimhir Theagmhála: _____ UPSP: _____

Dáta tuartha na breithe (DTB) _____/_____/_____

(Ní mór teastas dochtúra ag deimhniú dáta tuartha na breithe a chur faoi iamh)

Is mian liom tús a chur le mo shaoire mháithreachais an _____/_____/_____

Luaigh líon na laethanta saoire máithreachais reachtúil neamhíoctha breise a bheidh le tógáil (más ann):

_____ (Laethanta as a chéile agus deirí seachtaine le cur san áireamh)

Saoire Mháithreachais Reachtúil Neamhíoctha Bhreise ó _____ go _____ (na dátaí seo san áireamh)

Féadfaidh múinteoir a mbeidh saoire mháithreachais agus saoire mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise tógtha aici iarratas a dhéanamh ar 'shaoire mháithreachais neamhreachtúil neamhíoctha bhreise go dtí deireadh na scoilbhliana'.

Saoire Mháithreachais Neamhreachtúil Neamhíoctha Bhreise go dtí deireadh na scoilbhliana ó _____ go dtí an 31 Lúnasa _____.

Is mian liom iarratas a dhéanamh ar an tsaoire thuas de réir *Téarmaí & Coinníollacha Fostaíochta do Mhúinteoirí Cáilithe i mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna Aitheanta Eagrán 2.*

Síniú an mhúinteora: _____ *Dáta:* _____

Ceadú agus Fíorú an Fhostóra

Deimhním go bhfuil an tsaoire thuas ceadaithe agam de réir *Téarmaí & Coinníollacha Fostaíochta do Mhúinteoirí Cáilithe i mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna Aitheanta Eagrán 2*, agus go bhfuil na doiciméid seo a leanas coinnithe ar chomhad agam chun críche iniúchta:

1) Gach iarratas ar theidlíochtaí saoire mháithreachais.
2) Teastas a thaispeánann dáta tuartha na breithe.
3) Cóip chomhlánaithe de na Foirmeacha MB1 agus 2

*Síniú:*_____ *Dáta:* _____

(Thar ceann an Fhostóra)

Ráiteas Príobháideachais Cosanta Sonraí

An phríomhchúis go n-iarrann an Roinn sonraí pearsanta ort ná chun d'iarratas ar Shaoire Atharthachta a phróiseáil. Na sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú, is féidir go malartófar iad idir d'fhostóir agus an Roinn. Gheofar an Fógra Príobháideachais ina bhfuil tuilleadh eolais ar an bhfoirm iarratais seo ag: https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/gdpr/gdpr.html. Gheofar sonraí iomlána bheartas Cosanta Sonraí na Roinne, ina leagtar amach an úsáid a bhainfimid as do shonraí pearsanta mar aon le heolas ar do chearta mar ábhar sonraí ag https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/. Gheofar sonraí an bheartais seo i gcóip chrua, leis, ó Théarmaí & Coinníollacha Múinteoirí/Cúntóirí Riachtanas Speisialta, An Roinn Oideachais & Scileanna, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659, ach é a iarraidh.

Aguisín B
Nósanna Imeachta a bhaineann le Saoire Mháithreachais a Thaifeadadh ar an OLCS

1) Cliceáil 'cuir leis' faoi Saoire ar an gclár OLCS

2) Cuir isteach dáta tosaithe agus dáta críochnaithe na saoire.
   - Cliceáil 'ar aghaidh'

3) Roghnaigh an ball foirne atá ar saoire
   - Roghnaigh an catagóir saoire – Saoire Teaghlaigh agus
   - Roghnaigh fochatagóir na saoire – Saoire Mháithreachais
   - Ba chóir go dtaispeánfadh an líon iomlán laethanta sa réimse 182 (26 seachtaine) maidir le saoire mháithreachais.
   - Cliceáil 'ar aghaidh'

4) Cuir isteach dáta tuartha na breithe
   - Fíoraigh deimhniú Foirmeacha MB 1 & 2

Eolas chun Cuidiú le Fostóirí Foirm MB2 a Chomhlánú

- Tá liosta seachtainí ÁSPC na bliana reatha agus na bliana roimhe sin ar taispeáint ar an OLCS chun cuidiú le cuid an fhostóra de na Foirmeacha MB1 & 2 a chomhlánú.
- Sa chás go raibh líon iomlán de 52 seachtain ÁSPC don bhliain chánach roimhe sin agus go raibh an múinteoir fostaithe go leanúnach ó shin, ansin is 52 seachtain an líon iomlán seachtainí atá le cur isteach. Sa chás go bhfuil líon iomlán na seachtainí níos lú ná 52 agus go bhfuil conradh ag an múinteoir go dtí dáta tosaithe a saoire mháithreachais is é líon iomlán na seachtainí ná suim seachtainí ÁSPC na bliana cánach roimhe sin móide seachtainí ÁSPC na bliana cánach reatha go dtí dáta tosaithe a saoire máithreachais.
- Cuir isteach Uimhir Chláraithe an Fhostóra, sínigh, cuir isteach an dáta agus cuir stampa air dá réir.

  Is í 0081300S Uimhir Chláraithe an Fhostóra do Mhúinteoirí Iarbhunscoile.

  Is í 4000099H Uimhir Chláraithe an Fhostóra do Mhúinteoirí Bunscoile.

  - Cliceáil 'Cuir Deimhniú Leis'
  - Cuir isteach dáta tosaithe agus dáta críochnaithe an Teastais (Ní mór go mbeadh an dáta seo ag teacht le dáta Tosaithe agus dáta Críochnaithe na Saoire Máithreachais)
  - Cliceáil 'cuir leis' (Cruthófar uimhir Theastais agus ba chóir an uimhir sin a thaifeadadh ar chúl an iarratais agus an t-iarratas a chomhdú ansin.)
  - Cliceáil 'ar aghaidh'
  - Cliceáil 'cuir leis', Taispeánfar teachtaireacht dearbhaithe.

Tabhair ar Aird: Saoire Mháithreachais Bhreise (Neamhíoctha)
Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird nach féidir neamhláithreacht Saoire Mháithreachais Neamhíoctha a chur isteach ar an OLCS go dtí an chéad lá oibre eile i ndiaidh an fhógra i leith na Saoire Mháithreachais. Ní mór go bhfíoródh an Roinn an tSaoire Mháithreachais ar dtús ar mhaithe le tús a chur le hasbhaintí ó thuarastal.

Aguisín C (i)

Bileog Oibre Shamplach chun Saoire Mháithreachais a Ríomh

Sampla atá bunaithe ar dháta tuartha na breithe (DTB) den 15 Bealtaine 2017; saoire mháithreachais 26 seachtaine, ag tosú an 2 Bealtaine 2017; agus ansin 112 lá saoire reachtúla neamhíoctha agus ansin saoire neamhreachtúla neamhíoctha go deireadh na scoilbhliana.

(1) Dáta tuartha na breithe (DTB)	15 Bealtaine 2017
(2) Dáta Tosaithe (nach mór a bheith 2 sheachtain ar a laghad roimh dheireadh na seachtaine a bhfuiltear ag súil le breith an linbh)	2 Bealtaine 2017 (Sa sampla seo an dáta tosaithe is déanaí a cheadófaí ná 8ú Bealtaine 2017)
(3) Dáta Deiridh na Saoire Máithreachais (26 seachtaine ón 2 Bealtaine 2017)	30 Deireadh Fómhair 2017
(4) Saoire Mháithreachais Reachtúil Neamhíoctha (uasmhéid 16 seachtaine = 112 lá)	Sa sampla seo tá 112 lá saoire neamhíoctha le tógáil ón 31 Deireadh Fómhair 2017 go dtí 19 Feabhra 2018 agus na laethanta sin san áireamh
(5) Dáta Fillte tar éis Saoire Máithreachais Reachtúla Neamhíoctha	20 Feabhra 2018
(6) Tá rogha breise ag múinteoirí Saoire Mháithreachais Neamhreachtúil Neamhíoctha a thógáil go deireadh na scoilbhliana (31 Lúnasa)	Sa sampla seo roghnaíonn an múinteoir an rogha seo a thógáil, is é sin Saoire Neamhreachtúil Neamhíoctha ón 20 Feabhra 2018 go dtí 31 Lúnasa 2018
(7) Dáta deiridh chun filleadh ar dualgas	1 Meán Fómhair 2018

Aguisín C (ii)

Bileog Oibre chun Saoire Mháithreachais a ríomh i gcomhair Neamhláithreachtaí Múinteora

Ainm:		Uimh. PSP:
(1) Dáta tuartha na breithe (DTB)	Ní mór don iarrthóir Teastas Dochtúra a sholáthar chun é seo a dheimhniú.	Dáta:
(2) Tosach	An dáta a mbeidh an tsaoire mháithreachais le tosú (nach mór a bheith 2 sheachtain ar a laghad roimh dheireadh na seachtaine a bhfuiltear ag súil le breith an linbh).	Dáta:
(3) Dáta Deiridh	Comhair 26 seachtaine ón dáta tosaithe (182 lá)	Dáta:
(4) Saoire Mháithreachais Reachtúil Neamhíoctha (a thosaíonn díreach i ndiaidh Gnáthshaoire Mháithreachais agus tá déirí seachtaine san áireamh)	An méid saoire neamhíoctha atá iarrtha (go huasmhéid 16 seachtain = 112 lá).	Dáta: Ó: _____ Go: _____
(5) Dáta Fillte Sealadach	Aimsigh an chéad lá oibre eile a thagann i ndiaidh deireadh na tréimhse Saoire Máithreachais Reachtúla Neamhíoctha.	Dáta: Mura dtógtar saoire a bhfuil breac-chuntas tugtha air ag (6) thíos is é seo an dáta le filleadh ar obair.
(6) Tá rogha breise ag múinteoirí Saoire Mháithreachais Neamhreachtúil Neamhíoctha a thógáil go dtí deireadh na scoilbhliana	Is é atá i gceist le deireadh na scoilbhliana an chéad 31 Lúnasa tar éis an dáta ag uimhir (5) thuas.	Má bhaineann saoire reachtúil neamhíoctha ansin ritheann sé ón dáta ag uimhir (5) go 31 Lúnasa. Ó: _____ go 31 Lún _____
(7) Dáta deiridh chun filleadh ar dualgas	Is ionann é sin agus an chéad lá oibre a bheidh ann tar éis na tréimhse ag uimhir (6) thuas.	Dáta deiridh fillte:

CAIBIDIL A CUIG - SCÉIM SAOIRE ATHARTHACHTA

(Ba chóir an méid seo a léamh i dteannta leis an Réamhrá, Forálacha Ginearálta do gach Scéim, agus na Sainmhínithe)

1. Saoire Atharthachta

1.1 Is é is Saoire Atharthachta an ná tréimhse aonair saoire íoctha 2 sheachtain as a chéile atá ar fáil don thuismitheoir lena mbaineann nuair a bheirtear/uchtaítear leanbh, agus más é an 1ú Meán Fómhair 2016 nó dáta ina dhiaidh sin an dáta breithe/dáta socrúcháin.

Tagraíonn an téarma tuismitheoir lena mbaineann do mhúinteoir (seachas máthair an linbh) ar duine díobh seo a leanas é/í:

- athair an linbh
- céile/páirtí sibhialta/comháitritheoir na máthar breithe nó an tuismitheora a uchtaíonn an leanbh
- céile/páirtí sibhialta/comháitritheoir le huchtaitheoir fir aonair an linbh
- tuismitheoir an linbh faoi Alt 5 den Acht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015 más leanbh atá ginte ó dheontóir é an leanbh.

1.2 Tá Saoire Atharthachta ar fáil i leith marbh-bhreith tar éis 24 seachtaine toirchis.

1.3 Tugtar an tsaoire chun deis a thabhairt don tuismitheoir lena mbaineann cúram a thabhairt nó cabhrú chun cúram a thabhairt don leanbh nó tacaíocht a thabhairt don máthair nó do thuismitheoir uchtaithe an linbh lena mbaineann, de réir mar is cuí, nó iad araon.

1.4 Is féidir tús a chur le Saoire Atharthachta am ar bith ón dáta breithe nó ón dáta socrúcháin go dtí 26 seachtaine ina dhiaidh an dáta sin, ach amháin má théann an leanbh san óspidéal agus má chuirtear an tsaoire siar.

1.5 Is féidir leis an bhfostóir múinteoir ionaid a cheapadh ar íocann an Roinn/BOO é/í le linn don tuismitheoir lena mbaineann a bheith as láthair ar Saoire Atharthachta, agus ní mór seo a eochrú leis an OLCS/córas BOO ábhartha.

1.6 Meastar tuismitheoir lena mbaineann atá ar Saoire Atharthachta a bheith i mbun fostaíochta chun gach críche ag an am sin, luach saothair agus aoisliúntas san áireamh. Dá bhrí sin atá an neamhláithreacht ináirithe ina hiomláine chun gach críche eile lena n-áirítear sinsearacht, rochtain ar an bpainéal athimlonnaithe, dul ar aghaidh ar an scála tuarastail breisíoch agus fógra a fháil maidir le poist fhreagrachta.

1.7 Níl cead ag tuismitheoir lena mbaineann atá as láthair ar Saoire Atharthachta tabhairt faoi mhúinteoireacht de shaghas ar bith ná faoi aon shaghas fostaíochta íoctha eile.

2. Teidlíocht chuig Saoire Atharthachta

2.1 Is féidir tús a chur le Saoire Atharthachta ar an dáta siúd a roghnaíonn an tuismitheoir lena mbaineann. Féadfar tús a chur leis an tsaoire seo am ar bith ón dáta breithe nó dáta socrúcháin an linbh go tréimhse 26 seachtaine ina dhiaidh sin.

2.2 I gcás breitheanna iolracha nó má uchtaítear níos mó ná leanbh amháin ag an am céanna tá feidhm i gcónaí le tréimhse uasta 2 sheachtain as a chéile.

2.3 Go ginearálta ní bheidh ach duine amháin ar tuismitheoir é lena mbaineann i ndáil le leanbh, incháilithe chun Saoire Atharthachta a fháil maidir leis an leanbh sin.

2.4 Beidh múinteoir atá ar níos lú ná iomlán na n-uaireanta agus ar tuismitheoir lena mbaineann é incháilithe chun Saoire Atharthachta a fháil ar bhonn pro ráta.

2.5 Ní féidir le múinteoir leas a bhaint as Saoire Atharthachta má tá leas á bhaint acu/má bhain sé leas as Saoire Uchtála i leith an linbh céanna ach amháin más féidir an tsaoire a aistriú ar bhás don tuismitheoir eile.

3. Fógra, Iarratas agus Taifeadadh Saoire Atharthachta

Tá dhá chéim i gceist chun iarratas a dhéanamh ar Shaoire Athar

3.1 **Céim 1** - *Fógra i Scríbhinn*
Ní mór don tuismitheoir lena mbaineann a chur in iúl don bhfostóir go bhfuil beartaithe aige Saoire Atharthachta a thógáil. Caithfear é seo a dhéanamh tráth nach déanaí ná 4 seachtaine roimh thosach na saoire sin agus na rudaí seo a leanas a chur ar fáil don bhfostóir chun gur féidir iad a iniúchadh:

I gcás breithe:

- cóip den teastas dochtúra mar a thugann an mháthair ar fáil dá fostóir nó teastas cuí eile ó liachleachtóir cláraithe a dheimhníonn an toircheas agus a shonraíonn dáta breithe tuartha an linbh lena mbaineann nó
- cóip den teastas breithe má thugtar fógra i ndiaidh na breithe.

I gcás uchtaithe:

- Fógra/ordú oifigiúil socrúcháin i gcás uchtaithe
- Cóip den teastas socrúcháin má thugtar fógra tar éis dáta an tsochrúcháin
- i gcás uchtaithe ón iasacht ní mór don múinteoir a uchtaíonn *Fógra Oiriúnachta agus Incháilitheachta* a fháil ó Údarás Uchtála na hÉireann roimh dháta an tsocrúcháin. Ba chóir don múinteoir a uchtaíonn dearbhú i scríbhinn maidir leis an socrúchán a thabhairt dá fhostóir a luaithe agus is féidir tar éis dáta an tsocrúcháin.

3.2 **Céim 2** - *An fhoirm Iarratais a chomhlánú*
Ní mór don tuismitheoir lena mbaineann an Fhoirm Iarratais ag Aguisín A a chomhlánú a luaithe agus is féidir, agus tráth nach déanaí ná 7 lá i ndiaidh tús na

saoire, agus í a chur ar aghaidh chuig an bhfostóir mar aon le cóip den teastas breithe/ordú socrúcháin oifigiúil an linbh.

3.3 Má chuirtear lá an tsocrúcháin siar nó má tá an lá breithe i ndiaidh an dáta atá roghnaithe ag an tuismitheoir lena mbaineann sa bhfógra chuig an bhfostóir, de réir mar atá an cás, beidh an tuismitheoir i dteideal dáta eile a roghnú ar a dtosóidh an tSaoire Atharthachta.

3.4 Is féidir leis an tuismitheoir lena mbaineann an fógra chuig an bhfostóir a tharraing siar i scríbhinn tráth nach déanaí ná 4 seachtain roimh thús na saoire sin.

3.5 Má tá lá na breithe i seachtain atá 4 seachtaine nó níos mó roimh an dáta breithe tuartha cuirfidh an tuismitheoir lena mbaineann an fostóir ar an eolas láithreach bonn agus meastar go bhfuil an tréimhse fhógartha comhlíonta ag an tuismitheoir lena mbaineann má tá an tsaoire le tógáil ag an am sin. Ní mór an fógra foirmiúil i scríbhinn a thabhairt laistigh de 7 lá ó lá na breithe.

3.6 Ní mór don scoil an tSaoire Atharthachta a thaifeadadh chuig an Roinn tríd an OLCS/córas BOO ábhartha.

4. Ceapacháin ar Théarma Seasta/Cuspóra Socraithe

4.1 Beidh teidlíochtaí iomlána Saoire Atharthachta ag an múinteoir atá ar chonradh téarma seasta/conradh cuspóra socraithe le linn téarma an chonartha. Níor chóir go mbeadh aon tionchar ar cheadú nó ar thógáil teidlíochta Saoire Atharthachta ar cheapachán ar théarma seasta/cuspóra socraithe nó ar athnuachan ceapacháin den sórt sin.

4.2 Tiocfaidh deireadh le teidlíocht a bhaineann le hatharthacht ar dhul in éag an chonartha mura leanann conradh 'ceann i ndiaidh a chéile' an conradh sin i bpost múinteoireachta ceadaithe atá maoinithe ag airgead atá á sholáthar ag an Oireachtas.

5. Teidlíocht chuig Saoire Atharthachta má fhaigheann an Tuismitheoir lena mbaineann bás

5.1 Sa chás go bhfaigheann an tuismitheoir lena mbaineann a bhfuil teidlíocht aige chuig an tsaoire atharthachta bás laistigh de thréimhse 28 seachtaine i ndiaidh breith nó socrúchán an linbh agus roimh dó leas a bhaint as an tsaoire atharthachta nó as cuid di, aistreofar an tsaoire chuig an tuismitheoir a mhaireann. Ciallaíonn sin:-

- i gcás linbh a uchtaítear nó a bheifear ag uchtú, tuismitheoir uchtaíoch an linbh lena mbaineann nó
- i ngach cás eile, máthair an linbh i ndáil leis an leanbh a bhfuair a thuismitheoir lena mbaineann bás.

5.2 Ina leithéid de chúinsí agus sa chás gur múinteoir é an tuismitheoir a mhaireann, ní mór dó/di an fostóir a chur ar an eolas i scríbhinn, ach gan é seo a dhéanamh níos déanaí ná an lá a dtosaíonn an atharthacht aistrithe:-

- faoi bhás an tuismitheora lena mbaineann
- go bhfuil beartaithe aige/aici an tsaoire atharthachta aistrithe a thógáil
- fad na saoire a bhfuil teidlíocht acu chuici, dar leis/léi agus
- má iarrann an fostóir é, cóip den teastas báis a chur ar fáil.

5.3 Más rud é go bhfuil teidlíocht ag an tuismitheoir a mhaireann chuig saoire mháithreachais tosóidh tréimhse saoire atharthachta aistrithe díreach tar éis do gach saoire mháithreachais a bheith críochnaithe. Más saoire uchtála atá i gceist, díreach tar éis do gach saoire uchtála lena mbaineann a bheith críochnaithe.

6. Saoire Athar a chur siar de dheasca breoiteachta

6.1 I gcás breoiteacht a bheith ar an tuismitheoir lena mbaineann díreach roimh thosach na saoire atharthachta is féidir an saoire atharthachta a chur siar.

6.2 Ní mór don tuismitheoir lena mbaineann an fostóir a chur ar an eolas láithreach agus fógra i scríbhinn a chur ar fáil a chuireann in iúl go bhfuil an tsaoire curtha siar de dheasca breoiteachta agus an deimhniú leighis cuí a chur faoi iamh. Déileálfar le neamhláithreachtaí mar seo faoi mar a dhéileáiltear le neamhláithreacht ón dualgas de dheasca breoiteachta.

6.3 Is féidir an tsaoire a cuireadh siar a thógáil laistigh de 7 lá tar éis é a bheith deimhnithe go bhfuil an tuismitheoir lena mbaineann in ann dul i mbun dualgais nó ar dháta eile a chomhaontaítear idir an tuismitheoir lena mbaineann agus an fostóir, ar choinníoll nach gcríochnóidh an tsaoire a cuireadh siar níos déanaí ná 28 seachtaine i ndiaidh dáta breithe nó socrúcháin an linbh.

7. Saoire Athar a chur siar de bharr go dtéann an Leanbh chuig an Ospidéal

7.1 Sa chás go gcuirtear an leanbh chuig an ospidéal, is féidir iarratas a dhéanamh chuig an bhfostóir go gcuirfí an tsaoire atharthachta siar.

7.2 Ní mór iarratas ar shaoire a chur siar a dhéanamh i scríbhinn chuig an bhfostóir agus ní mór deimhniú ón ospidéal ina bhfuil an leanbh coinnithe a chur faoi iamh. Ní mór don bhfostóir an tuismitheoir lena mbaineann a chur ar an eolas i scríbhinn a luaithe agus is féidir tar éis an cinneadh a bheith glactha. Má chuirtear an tsaoire siar ní mór don tuismitheoir lena mbaineann dul ar ais i mbun dualgais sa scoil le linn na tréimhse ar cuireadh an tsaoire siar inti agus caithfidh an fostóir agus an tuismitheoir lena mbaineann an dáta a bhfillfidh an múinteoir ar an obair a chomhaontú.

7.3 Ní mór don tuismitheoir lena mbaineann litir nó doiciméad iomchuí eile ón ospidéal nó ó dhochtúir an linbh a chur ar fáil don bhfostóir ag deimhniú an dáta a scaoilfear an linbh abhaile ón ospidéal.

7.4 Tógfar an tsaoire a cuireadh siar mar thréimhse leanúnach a thosaíonn tráth nach déanaí ná 7 lá tar éis don leanbh a bheith scaoilte abhaile ón ospidéal nó ó dháta eile a d'fhéadfaí a chomhaontú idir an tuismitheoir lena mbaineann agus an fostóir.

8. Foirceannadh na Saoire Athar

8.1 Is féidir leis an bhfostóir saoire athar a fhoirceannadh trí fógra i scríbhinn a chur chuig an múinteoir má tá cúiseanna réasúnta an go bhfuiltear ag baint úsáide as an tsaoire chun críche eile seachas cúram an linbh nó chun tacú le tuismitheoir uchtaíoch nó le máthair an linbh.

8.2 Ba chóir na cúiseanna le foirceannadh na saoire a mhíniú sa bhfógra scríofa agus an dáta a shonrú ar a gcaithfidh an múinteoir filleadh ar an obair.

9. Socruithe Pá agus Sochar Atharthachta

9.1 Ní teidlíocht reachtúil é go leantar d'íocaíocht phá le linn saoire atharthachta agus tá sé ag brath ar chomhlíonadh téarmaí agus coinníollacha na scéime.

9.2 Ba chóir beart ar bith a gcaithfear coigeartú ar phá an tuismitheora lena mbaineann a dhéanamh dá thoradh a chur in iúl don Roinn/BOO láithreach.

9.3 De réir rialachán ÁSPC/Atharthachta na RCS níl teidlíocht chuig Sochar Atharthachta ag ranníocóirí ÁSPC ag an ráta leasaithe (Aicme D). Dá bhrí sin ní chuirtear asbhaint i bhfeidhm ar a tuarastal agus coinnítear iad ag a ngnáthráta pá.

9.4 De réir rialachán na RCS eiseofar Sochar Athar ar bith atá iníoctha ag an RCS le ranníocóirí ÁSPC ag an ráta iomlán (Aicme A) go díreach chuig an tuismitheoir lena mbaineann faoi chaibidil. Cuirfidh an Roinn/BOO laghdú tuarastail i bhfeidhm atá coibhéiseach le huasráta seachtainiúil an Sochar Atharthachta atá iníoctha leis an tuismitheoir lena mbaineann.

9.5 Tá an t-iarrthóir freagrach as foirm PB 1 a chomhlánú agus ba chóir dó a chinntiú go gcomhlánaíonn an scoil cuid an fhostóra foirm PB 2 sula seoltar ar aghaidh chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí í ar a laghad seachtain amháin roimh an dáta tosaithe. **NÍOR** chóir an fhoirm PB1 a sheoladh chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna.

9.6 Más níos lú ná an t-uasmhéid é méid an tsochair atá iníoctha leis an tuismitheoir lena mbaineann, nó mura bhfuil teidlíocht ag múinteoir chuig aon Sochar Atharthachta, ba chóir é seo a chur in iúl don rannóg phárolla láithreach chun a chinntiú go bhfuil na coigeartaithe tuarastail i gceart. Is féidir athruithe ar asbhaint uathoibríoch a dhéanamh ar choinníoll go soláthraíonn an tuismitheoir lena mbaineann cóip d'fhógra scríofa ón Roinn Coimirce Sóisialaí den ráta sochair iarbhír is infheidhme don bpárolla cuí, más ann dó. Déanfar asbhaintí, más cuí, le linn tréimhse na Saoire Atharthachta. Má dhéantar taifeadadh deireanach ar neamhláithreachtaí caithfear aon riaráistí atá dlite a asbhaint as an tuarastal tar éis dáta an fhógra.

9.7 Ioncam incháinithe is ea Sochar Atharthachta.

Aguisín A

Foirm Iarratais ar Shaoire Atharthachta

NÁ cuirtear Foirmeacha Iarratais/Doiciméadú Tacaíochta isteach chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna. Comhlánaítear an Fhoirm Iarratais seo ina hiomláine agus coinnítear í sa scoil/BOO i dteannta doiciméadaithe ábhartha eile chun críche taifid agus iniúchta.

Ba chóir an fhoirm seo a chomhlánú laistigh de 7 lá ó thús na Saoire Atharthachta.

Má íocann an t-iarrthóir ranníocaíochtaí ÁSPC den Aicme A ba chóir Foirm PB 1 a chur isteach chuig an RCS.

Le comhlánú ag an Tuismitheoir lena mbaineann:

Ainm: _____ Uimh. Teagmhála: _____

Uimhir Rolla: _____ Scoil: _____

UPSP: _____

Dáta breithe an linbh: _____ /_____/_____

Dáta socrúcháin an linbh: _____/_____/_____
(i gcás uchtála)

Ba mhaith liom tús a chur le saoire atharthachta ar: ____/_____/____ **go** ____/_____/_____

Is mian liom iarratas a dhéanamh ar an tsaoire thuas de réir na scéime atá leagtha amach sna *Téarmaí & Coinníollacha Fostaíochta do Mhúinteoirí Cáilithe i mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna Aitheanta – Eagrán 2.*

Síniú an Tuismitheora lena mbaineann: _____ ***Dáta:*** _____

Ceadú agus Fíorú an Fhostóra

Deimhním go bhfuil an tsaoire thuas ceadaithe agam de réir *Téarmaí & Coinníollacha Fostaíochta do Mhúinteoirí Cáilithe i mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna Aitheanta - Eagrán 2*, agus go bhfuil na doiciméid seo a leanas coinnithe ar chomhad agam chun críche iniúchta:

1) Fógra scríofa go bhfuil beartaithe Saoire Atharthachta a ghlacadh agus an deimhniú ábhartha: ☐
2) Iarratas ar Shaoire Atharthachta: ☐
3) Deimhniú a thaispeánann dáta breithe/socrúcháin an linbh: ☐

Síniú: _____ ***Dáta***: _____
(Thar ceann an Fhostóra)

Ráiteas Príobháideachais Cosanta Sonraí

An phríomhchúis go n-iarrann an Roinn sonraí pearsanta ort ná chun d'iarratas ar Shaoire Atharthachta a phróiseáil. Na sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú, is féidir go malartófar iad idir d'fhostóir agus an Roinn. Gheofar an Fógra Príobháideachais ina bhfuil tuilleadh eolais ar an bhfoirm iarratais seo ag: https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/gdpr/gdpr.html. Gheofar sonraí iomlána bheartas Cosanta Sonraí na Roinne, ina leagtar amach an úsáid a bhainfimid as do shonraí pearsanta mar aon le heolas ar do chearta mar ábhar sonraí ag https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/. Gheofar sonraí an bheartais seo i gcóip chrua, leis, ó Théarmaí & Coinníollacha Múinteoirí/Cúntóirí Riachtanas Speisialta, An Roinn Oideachais & Scileanna, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659, ach é a iarraidh.

CAIBIDIL A SÉ – TEIDLÍOCHTAÍ SAOIRE UCHTÁLA

(Ba chóir an méid seo a léamh i dteannta leis an Réamhrá, Forálacha Ginearálta do gach Scéim, agus na Sainmhínithe)

1. Teidlíochtaí Saoire Uchtála

1.1 Is é atá i gceist le Saoire Uchtála ná tréimhse 24 seachtaine as a chéile ó dháta socrúcháin an linbh leis an múinteoir uchtála.

1.2 Deonaítear Saoire Uchtála do mhúinteoirí ar máithreacha a uchtaíonn iad nó d'uchtaitheoirí fir aonair. D'fhéadfadh athair a uchtaíonn ach nach uchtaitheoir fir aonair é a bheith i dteideal Saoire Uchtála i gcúinsí áirithe. Féach mír 11 chun sonraí na forála seo a léamh.

1.3 Chun cáiliú i gcomhair Saoire Uchtála ní mór an t-uchtú, is cuma cé acu, uchtáil ón iasacht nó sa tír seo, a bheith déanta foirmiúil ag **Údarás Uchtála na hÉireann** arb é an comhlacht neamhspleách reachtúil é atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas uchtála thar ceann an Stáit.

1.4 Más uchtú baile atá i gceist ní mór *Teastas Socrúcháin* ón Údarás Uchtála a thabhairt don bhfostóir. Sa teastas seo cuirtear in iúl dáta an tsocrúcháin, inscne agus aois an linbh a uchtaítear agus ainm agus seoladh an tuismitheora a uchtaíonn é, agus déantar é seo tráth nach déanaí ná ceithre seachtaine i ndiaidh an tsocrúcháin.

1.5 Más uchtú ón iasacht atá i gceist ní mór don múinteoir a uchtaíonn *Dearbhú Oiriúnachta agus Incháilitheachta* ón Údarás Uchtála a fháil. Sa teastas seo cuirtear in iúl dáta an tsocrúcháin, inscne agus aois an linbh a uchtaítear agus ainm agus seoladh an tuismitheora a uchtaíonn é, agus déantar é seo roimh dáta an tsocrúcháin. Ba chóir don múinteoir a uchtaíonn dearbhú i scríbhinn maidir leis an socrúchán a thabhairt dá fhostóir a luaithe agus is féidir tar éis dáta an tsocrúcháin.

2. Saoire uchtála Reachtúil bhreise gan phá

2.1 Tá mar rogha ag múinteoir a uchtaíonn saoire uchtála reachtúil bhreise gan phá ar feadh 16 seachtaine as a chéile ar a mhéid.

2.2 I gcás uchtuithe ón iasacht is féidir cuid den tsaoire uchtála reachtúil bhreise gan phá nó an tsaoire ar fad a thógáil roimh an dáta socrúcháin, d'fhonn deis a thabhairt don

múinteoir a uchtaíonn freastal ar chruinnithe agus/nó ranganna a reáchtáiltear lasmuigh den Stát nó chun críche aithne cheart a chur ar an leanbh. Ní mór tréimhse saoire uchtála reachtúil bhreise gan phá a thógtar faoin bhforáil seo a chríochnú tráth nach déanaí ná an lá deiridh díreach roimh lá an tsocrúcháin. Is féidir a bhfuil fágtha de shaoire uchtála reachtúil bhreise gan phá a thógáil díreach i ndiaidh deireadh na Saoire Uchtála.

2.3 D'fhéadfadh go bhfuil teideal ag múinteoir a bhaineann leas as saoire uchtála reachtúil bhreise gan phá chuig 'creidmheasanna ÁSPC'. Comhlánaigh an 'tIarratas ar Chreidmheasanna Saoire Uchtála' atá ar fáil ón RCS (PRSI Credit Form) agus iarr ar d'fhostóir í a chomhlánú agus a chur ar ais chuig rannóg fostóirí na RCS.

3. Saoire Uchtála Neamhreachtúil Bhreise gan Phá go deireadh na scoilbhliana

3.1 Féadfaidh múinteoir uchtála, nuair a thagann deireadh le saoire uchtála agus le saoire uchtála reachtúil bhreise gan phá, iarratas a dhéanamh ar shaoire uchtála neamhreachtúil bhreise gan phá go deireadh na scoilbhliana.

3.2 I gcomhthéacs na saoire seo, meastar gurb é is brí le 'deireadh na scoilbhliana' an 31 Lúnasa. Mar shampla, dá dtiocfadh deireadh le gach cineál eile saoire dá dtagraítear thuas faoin 4 Bealtaine, agus dá dteastódh ón múinteoir fanacht ón scoil go deireadh na scoilbhliana, ansin ní mór go leanfaidh an tsaoire neamhreachtúil bhreise gan phá ar aghaidh go dtí an 31 Lúnasa, agus an lá seo san áireamh.

3.3 Ní hionann an tsaoire seo agus teidlíocht reachtúil agus tá sé faoi réir ag cead scríofa a fháil ón bhfostóir sé seachtaine ar a laghad sula mbíonn sé i gceist leas a bhaint as an tsaoire seo.

4. An t-ord ina gcaithfear saoire a thógáil

4.1 Is iad seo a leanas na socruithe seicheamhaithe le haghaidh teidlíochtaí uchtála:

a) I gcás uchtálacha ón iasacht, féadfar cuid den tsaoire uchtála reachtúil bhreise gan phá (uasmhéid 16 seachtaine), nó an tsaoire sin ar fad, a thógáil roimh shocrúchán an linbh

b) Saoire uchtála (24 seachtaine)

c) Saoire uchtála reachtúil bhreise gan phá suas le huasmhéid 16 seachtaine. (I gcás uchtálacha ón iasacht, ciallaíonn sé sin aon teideal atá fágtha de na 16 seachtaine nár úsáideadh cheana roimh an uchtú)

d) Saoire uchtála neamhreachtúil bhreise gan phá go dtí deireadh na bliana scoile (an 31 Lúnasa).

4.2 Nuair atá leas bainte as gach cineál saoire gaolmhaire, de réir mar is cuí i gcás gach duine ar leith, ansin is é an chéad lá oibre eile an dáta a bhfilleann an múinteoir uchtála ar an obair.

5. Nósanna Imeachta Iarratais do Mhúinteoirí

5.1 Ba cheart do mhúinteoirí uchtála iarratas ar shaoire uchtála le pá agus gan phá araon a dhéanamh chuig a bhfostaí 6 seachtaine ar a laghad sula dtosaíonn siad ar an tsaoire agus sin ar an bhfoirm iarratais fhorordaithe atá ceangailte den gcaibidil seo in Aguisín A.

5.2 Tá an t-iarrthóir freagrach as foirm AB1 a chomhlánú (Foirm na Roinne Coimirce Sóisialaí i gcomhair Sochar Uchtála) agus ba cheart dó a chinntiú go gcomhlánaíonn an Bord Bainistíochta/BOO cuid an fhostóra roimh í a chur ar aghaidh chuig an RCS 6 seachtaine ar a laghad roimh an dáta tosaithe. NÍ CEART an fhoirm AB1 a chur chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna.

5.3 D'fhéadfadh múinteoir a bhaineann leas as an tsaoire mháithreachais reachtúil neamhíoctha bhreise a bheith i dteideal creidmheasanna ÁSPC. Ní mór don múinteoir agus don bhfostóir an t-iarratas ar Chreidmheasanna Saoire Uchtála atá ar fáil ón RCS a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chuig an RCS. Is ar an múinteoir agus ní ar an bhfostóir atá an fhreagracht iarratas a dhéanamh ar na creidmheasanna seo.

6. Nósanna Imeachta OLCS mar is cuí agus Ríomha d'Fhostóirí

6.1 Ní mór d'fhostóirí asláithreachtaí a thaifeadadh ar OLCS 6 seachtaine ar a laghad roimh an dáta tosaithe le haghaidh saoire uchtála.

6.2 Tá an nós imeachta chun asláithreacht saoire uchtála a thaifeadadh ar OLCS i gceangal in Aguisín B a ghabhann leis an gcaibidil seo.

6.3 Tá cás saoire uchtála samplach agus bileog ríomha shamplach i gceangal in Aguisín C a ghabhann leis an gcaibidil seo.

7. Socruithe Pá agus Sochar Uchtála

7.1 Ní teideal reachtúil é leanúint den tuarastal a fháil le linn saoire uchtála agus braitheann sé ar théarmaí agus coinníollacha comhaontaithe na scéime seo a chomhlíonadh.

7.2 Ba chóir beart ar bith a gcaithfear coigeartú ar phá múinteora a dhéanamh dá thoradh a chur in iúl don Roinn/BOO láithreach.

7.3 Faoi na rialacháin RCS, níl aon teideal ag ranníocóirí ÁSPC de réir an ráta mhodhnaithe (Aicme D) chuig Sochar Uchtála. Dá bhrí sin ní chuirtear asbhaint i bhfeidhm ar a tuarastal agus coinnítear iad ag a ngnáthráta pá.

7.4 Faoi na rialacháin RCS, déanfar aon Sochar Uchtála is iníoctha ag an RCS le ranníocóirí ÁSPC de réir an ráta iomláin (Aicme A) a eisiúint go díreach chuig an múinteoir atá i gceist. Ar dtús, déanfaidh an Roinn/BOO asbhaint as an tuarastal a bheidh ar cóimhéid leis an ráta seachtainiúil uasta de Shochar Uchtála is iníoctha leis an múinteoir.

7.5 Más lú an méid Sochair is iníoctha leis an múinteoir ná an t-uasmhéid, nó mura bhfuil teideal ag duine chuig aon Sochar Uchtála, ba cheart dó/di an méid sin a chur in iúl dá rannóg párolla láithreach chun a chinntiú go bhfanann sé/sí ar an tuarastal cuí. Féadfar athruithe a dhéanamh ar an asbhaint uathoibríoch ar choinníoll go ndéanann an múinteoir cóip den bhfógra i scríbhinn ón RCS maidir leis an ráta Sochair iarbhír is infheidhme, más aon ráta é, a thabhairt don rannóg párolla iomchuí. Déanfar asbhaintí, más cuí, gach coicís le linn na tréimhse saoire le pá suas le huasmhéid 24 seachtaine le haghaidh saoire uchtála. Má dhéantar taifeadadh go déanach ar neamhláithreachtaí caithfear aon riaráistí atá dlite a asbhaint as an tuarastal tar éis dáta an fhógra.

7.6 Déileálfar le sochar uchtála mar ioncam incháinithe.

8. Am saor le haghaidh Ranganna, Cruinnithe agus Cuairteanna Réamh-Uchtála laistigh den Stát

8.1 Tá múinteoir a uchtaíonn i dteideal am saor a fháil ón obair, gan pá a chailliúint, chun freastal ar ranganna nó cruinnithe réamh-uchtála arna reáchtáil laistigh den Stát agus a bhfuil oibleagáid orthu freastal orthu mar chuid den phróiseas uchtála.

8.2 Ba chóir fógra coicíse a thabhairt i leith gach neamhláithreachta a dtagraítear dóibh sa chuid seo agus ba chóir deimhniú iomchuí a sholáthar.

9. Saoire Atharthachta: Teideal chuig Saoire Uchtála i gcás an mháthair uchtála d'fháil bháis

9.1 I gcás go bhfaigheann an mháthair uchtála bás aon tráth roimh a cuid saoire uchtála nó lena linn, tagann an t-athair uchtála chun bheith i dteideal ar a mbeidh fágtha den tsaoire a fháil.

9.2 Ba cheart don athair uchtála é a chur in iúl dá fhostóir a luaithe agus is féidir go bhfuil sé ar intinn aige saoire uchtála agus/nó saoire uchtála reachtúil/neamhreachtúil bhreise gan phá a thógáil.

9.3 Ba cheart an Deimhniú Socrúcháin, nó an Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta, a sholáthar don bhfostóir laistigh de 4 seachtaine tar éis socrúchán an linbh/tar éis tosú ar an tsaoire.

9.4 Ba cheart go dtosóidh an tsaoire de ghnáth laistigh de 7 lá tar éis an teagmhais is cúis le teideal an athar nó ar lá an tsocrúcháin; cibé acu is déanaí. Chun leas a bhaint as a theideal saoire, féadfaidh an t-athair sa chás sin iarratas a dhéanamh i scríbhinn chuig a fhostóir. A luaithe agus is féidir go réasúnta, ba cheart cóip de dheimhniú báis na máthar a sholáthar don fhostóir.

9.5 Beidh feidhm freisin leis an socrú oird maidir le saoire an athar a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith i gCuid 4:

a) Saoire Atharthachta (aon iarmhéid a bheidh fágtha de theideal saoire uchtála 24 seachtaine na máthar a aistriú chuig an athair)

b) Saoire Atharthachta reachtúil bhreise gan phá (aon iarmhéid a bheidh fágtha de shaoire reachtúil bhreise 16 seachtaine na máthar gan phá a aistriú chuig an athair)

c) Saoire Atharthachta neamhreachtúil bhreise gan phá go dtí deireadh na scoilbhliana (an 31 Lúnasa).

10. Saoire a chur siar, cás ina bhfuil an leanbh san ospidéal san áireamh

10.1 I gcás go gcuirtear siar an dáta socrúcháin, féadfar dáta tosaithe na saoire uchtála a chur siar freisin, ar choinníoll go gcuirfear dáta nua an tsocrúcháin in iúl don bhfostóir a luaithe is féidir.

10.2 I gcás an leanbh a bheith san ospidéal, féadfar iarratas a dhéanamh chuig an bhfostóir chun aon cheann díobh seo a leanas a chur siar:

a) Saoire uchtála

b) Saoire uchtála reachtúil bhreise gan phá

c) Saoire Atharthachta

d) Saoire Atharthachta reachtúil bhreise gan phá

10.3 Má chuirtear saoire siar, ní mór don múinteoir atá as láthair filleadh ar dhualgais sa scoil le linn na tréimhse ina bhfuil an tsaoire curtha siar. Ní mór iarratas ar shaoire a chur siar a dhéanamh i scríbhinn chuig an bhfostóir agus ní mór deimhniú ón ospidéal ina bhfuil an leanbh a chur faoi iamh. Ní mór don bhfostóir an múinteoir a chur ar an eolas i scríbhinn maidir leis an gcinneadh chomh luath agus is féidir. Má chuirtear an tsaoire siar, caithfidh an fostóir agus an múinteoir teacht ar chomhaontú maidir leis an dáta le filleadh ar obair.

10.4 Ní mór fógra a thabhairt láithreach don Roinn/ BOO agus don RCS má tá an múinteoir le filleadh ar an obair chun cúrsaí pá a choigeartú agus chun go scoirfear d'aon sochar ón RCS agus chun íocaíocht leis an múinteoir ionaid a thabhairt chun críche.

10.5 Ní mór an tsaoire atá curtha siar a thógáil in aon tréimhse leanúnach ag tosú tráth nach déanaí ná 7 lá tar éis an linbh a scaoileadh abhaile as an ospidéal. 6 mhí an tréimhse uasta a fhéadfar saoire a chur siar.

10.6 Ní mór don múinteoir litir nó doiciméad iomchuí eile ón ospidéal nó ó dhochtúir an linbh a chur ar fáil don bhfostóir ag deimhniú an dáta a scaoilfear an linbh abhaile ón ospidéal.

10.7 Má éiríonn an múinteoir breoite tar éis filleadh ar an obair agus sula dtógann sé/sí an tsaoire a cuireadh siar, measfar gur thosaigh sé/sí ar an tsaoire a cuireadh siar ar an gcéad lá atá sé/sí as láthair mar gheall ar an mbreoiteacht mura gcuireann an múinteoir in iúl don bhfostóir nach mian leis/léi tosú ar an tsaoire a cuireadh siar. Má tharlaíonn sé sin forghéillfidh sé/sí an tsaoire a cuireadh ar atráth agus déileálfar leis an neamhláithreacht mar shaoire bhreoiteachta. Ba chóir na nósanna imeachta i ndáil le saoire bhreoiteachta a leanúint, lena n-áirítear teastas dochtúra a thabhairt isteach nuair is cuí.

11. Foirceannadh socrúcháin

11.1 Más rud é, ar chúis seachas mar gheall ar bhás an linbh, go bhfoirceanntar socrúchán le múinteoir sula mbeidh an tsaoire uchtála nó an tsaoire uchtála reachtúil/neamhreachtúil bhreise gan phá caite, ní mór don múinteoir fógra a thabhairt i scríbhinn don bhfostóir maidir leis an dáta foirceannta laistigh de 7 lá.

12. Saoire uchtala/Saoire Atharthachta reachtúil bhreise gan phá a fhoirceannadh i gcás an mháthair/an t-athair a bheith breoite

12.1 Is féidir iarratas ar shaoire uchtála reachtúil bhreise gan phá, nó ar shaoire athar reachtúil bhreise gan phá a tharraing siar i scríbhinn, ar chúis ar bith, tráth nach déanaí ná 4 seachtaine roimh an dáta a bhfuil an tsaoire sin ceaptha tosú. Má tá an spriocdháta 4 seachtaine a ndéantar foráil dó san Acht thart caillfear an teidlíocht chun an tsaoire a tharraing siar. I gcás breoiteachta féadfar iarratas foirmiúil a dhéanamh chuig an bhfostóir fós áfach, fiú amháin má tá tréimhse na saoire seo tosaithe, leis an tsaoire sin a chur ar ceal i bhfabhar neamhláithreacht saoire breoiteachta deimhnithe.

12.2 Tá an rogha ag an bhfostóir iarratas den sórt sin ar an tsaoire a chur ar ceal, a cheadú. Má cheadaítear é, ní mór don bhfostóir agus don múinteoir teacht ar chomhaontú maidir le dáta foirceanta na saoire sin. Ní féidir an dáta a chomhaontaítear a bheith níos luaithe ná an chéad lá breoiteachta deimhnithe ná níos déanaí ná an dáta a mbeadh deireadh tagtha leis an tsaoire fhoirceanta. Beidh feidhm ansin leis na gnáthnósanna imeachta i ndáil le saoire bhreoiteachta. Ní bheidh an múinteoir i dteideal an tsaoire uchtála reachtúil bhreise gan phá ná aon chuid di nár tógadh faoi thús na saoire breoiteachta a thógáil ina dhiaidh sin.

12.3 Chun aon choigeartú riachtanach ar phá a éascú, ní mór fógra a thabhairt láithreach don Roinn/BOO go bhfuil an múinteoir ar saoire bhreoiteachta anois.

13. Ceapacháin Téarma Sheasta/Ceapacháin Cuspóra Socraithe

13.1 Beidh ag múinteoir atá ar conradh fostaíochta téarma shocraithe/cuspóra socraithe na teidlíochtaí iomlána chuig saoire uchtála le linn téarma an chonartha. Ní ceart go ndéanfadh sé difear do cheapachán téarma shocraithe ná d'athnuachan ceapacháin den sórt sin a athnuachan má dheonaítear nó má thógtar teidlíochtaí chuig saoire uchtála.

13.2 Scoirfidh teidlíochtaí chuig saoire uchtála ar dheireadh a bheith leis an gconradh mura leanann conradh i ndiaidh a chéile an conradh sin i bpost múinteoireachta ceadaithe a mhaoinítear le hairgead a sholáthraíonn an tOireachtas.

14. Conarthaí Ionadaíochta

14.1 Is féidir múinteoir ionaid a fháil i gcomhair gach asláithreachta a thagann faoi réim théarmaí na caibidle seo agus a mhaireann lá amháin ar a laghad. Ba cheart tagairt shoiléir a bheith i gconarthaí a bhronntar chun asláithreachtaí a léirítear sa chaibidil seo a chumhdach go bhfuil imthosca ann ina bhféadfadh gur ghá an ceapachán ionaid

a fhoirceannadh i gcás go bhfilleann an múinteoir atá as láthair ar a chuid dualgas nó ar a cuid dualgas níos luaithe ná mar a síleadh i dtosach. (m.sh.i gcás go ndéanann múinteoir atá as láthair cuid den tsaoire uchtála a chur siar mar gheall ar an leanbh a bheith san ospidéal).

15. Stádas le linn Saoire

15.1 Maidir le múinteoir atá as láthair ar cheann de na cineálacha saoire dá dtagraítear sa chaibidil seo, ach amháin saoire uchtala neamhreachtúil bhreise gan phá, meastar go raibh sé/sí i bhfostaíocht an tráth sin. Tá neamhláithreacht íoctha ináirithe go hiomlán chun gach críche, lena n-áirítear, sinsearacht, breithniú cearta painéil srl. Tá saoire uchtála reachtúil bhreise gan phá ináirithe chun gach críche ach luach saothair agus aoisliúntas. Níl asláithreacht ar shaoire uchtála neamhreachtúil bhreise gan phá go deireadh na scoilbhliana ináirithe chun aon chríche, fabhrú saoire bliantúla san áireamh.

16. Poist Fhreagrachta Fholmha

16.1 Ba chóir go gcuirfí múinteoir atá as láthair de bharr ceann ar bith de na cineálacha saoire atá clúdaithe faoi théarmaí na caibidle seo ar an eolas maidir le Poist Fhreagrachta atá le líonadh sa scoil.

17. Fostaíocht le linn a bheith ar Saoire Uchtála

17.1 Ní ceadmhach do mhúinteoirí gabháil d'aon fhostaíocht íoctha le linn dóibh a bheith ar saoire uchtála. Faoi rialacháin RCS, féadfar Sochar Uchtála a fhoirceannadh i gcás go nglactar le fostaíocht íoctha le linn a bheith ar saoire uchtála. D'fhéadfadh gur ghá aon íocaíocht tuarastail ón Roinn/BOO seo a athbhreithniú i gcás Sochar Uchtála a fhoirceannadh mar gheall ar neamhchomhlíonadh théarmaí na scéime RCS.

18. Filleadh ar Dhualgas

18.1 Ba cheart don bhfostóir ráiteas i scríbhinn a sholáthar don múinteoir atá as láthair maidir leis an asláithreacht agus maidir leis an dáta a meastar go bhfillfear ar dhualgais. Ba chóir don múinteoir atá le filleadh ar obair fógra scríofa a thabhairt don bhfostóir ceithre seachtaine roimh an dáta a bhfuil sí chun filleadh ar an ionad oibre ag deimhniú go bhfuil sé beartaithe aici filleadh ar a dualgais ón dáta sin.

Aguisín A

Foirm Iarratais le haghaidh Teidlíochtaí Saoire Uchtála

NÁ cuirtear Foirmeacha Iarratais/Doiciméadú Tacaíochta isteach chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna. Comhlánaítear an Fhoirm Iarratais seo ina hiomláine agus coinnítear í sa scoil/BOO i dteannta doiciméadaithe ábhartha eile chun críche taifid agus iniúchta.

Féadfar í a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar shaoire uchtála agus/nó ar shaoire uchtála reachtúil bhreise gan phá agus/nó ar shaoire uchtála neamhreachtúil bhreise gan phá. Ba chóir í a chomhlánú agus a sheoladh isteach 6 seachtaine ar a laghad sula dtosaíonn an tsaoire.

Má íocann an t-iarrthóir ranníocaíochtaí ÁSPC den Aicme A, ba cheart foirm AB1 a chur isteach chuig an RCS. Tá an fhoirm sin ar fáil ó RCS nó ar líne ag: www.welfare.ie IARRATAS MAIDIR LE:

Cuir tic mar is cuí:

□ Saoire Uchtála □ Saoire Uchtála Reachtúil Bhreise gan Phá

□ Saoire Uchtála Neamhreachtúil Bhreise gan Phá

Ainm: _____ Uimh. Teagmhála:_____ UPSP:_____

Scoil: _____ Uimh. Rolla: _____

Dáta measta an tsocrúcháin _____/_____/_____

(Ba cheart deimhniú socrúcháin a chur isteach a luaithe is féidir go réasúnta. I gcás uchtála ón iasacht, ba cheart dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta a sholáthar roimh thosú ar an tsaoire)

I gcás uchtála ón iasacht, má tá aon chuid den tsaoire uchtála reachtúil bhreise gan phá le tógáil roimh shocrúchán an linbh, cuir isteach dátaí anseo le do thoil: _____go _____

Is mian liom Saoire Uchtála 24 seachtaine a thógáil ón_____ go _____ (cuir isteach dátaí)

Luaigh an líon laethanta (más ann) de shaoire uchtála reachtúil bhreise gan phá atá le tógáil tar éis na saoire uchtála: _____ (laethanta comhleanúnacha agus deirí seachtaine san áireamh).

Saoire uchtála reachtúil bhreise gan phá ón _____ go _____(cuir isteach dátaí san áireamh)

Féadfaidh múinteoir atá tar éis saoire uchtála agus saoire uchtála reachtúil bhreise gan phá, de réir mar is cuí, a chríochnú cur isteach ar shaoire uchtála neamhreachtúil bhreise gan phá go deireadh na scoilbhliana.

Saoire uchtála neamhreachtúil bhreise gan phá go deireadh na scoilbhliana ón _____ go dtí an 31 Lúnasa _____

Is mian liom cur isteach ar an tsaoire thuas de réir *Téarmaí & Coinníollacha Fostaíochta do Mhúinteoirí Cáilithe i mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna Aitheanta - Eagrán 2.*

Síniú an mhúinteora: _____ Dáta: _____

Ceadú agus Fíorú an Fhostóra

Deimhním go bhfuil an tsaoire thuas ceadaithe agam de réir *Téarmaí & Coinníollacha Fostaíochta do Mhúinteoirí Cáilithe i mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna Aitheanta - Eagrán 2*, agus go bhfuil na doiciméid seo a leanas coinnithe ar chomhad agam chun críche iniúchta:

1) Gach iarratas ar theidlíochtaí chuig saoire uchtála.
2) Deimhniú socrúcháin (dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta, más cuí).
3) Cóip d'fhoirm AB1 agus í comhlánaithe.

Síniú: _____ Dáta: _____

(Thar ceann an Fhostóra)

Ráiteas Príobháideachais Cosanta Sonraí

An phríomhchúis go n-iarrann an Roinn sonraí pearsanta ort ná chun d'iarratas ar Shaoire Atharthachta a phróiseáil. Na sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú, is féidir go malartófar iad idir d'fhostóir agus an Roinn. Gheofar an Fógra Príobháideachais ina bhfuil tuilleadh eolais ar an bhfoirm iarratais seo ag: https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/gdpr/gdpr.html. Gheofar sonraí iomlána bheartas Cosanta Sonraí na Roinne, ina leagtar amach an úsáid a bhainfimid as do shonraí pearsanta mar aon le heolas ar do chearta mar ábhar sonraí ag https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/. Gheofar sonraí an bheartais seo i gcóip chrua, leis, ó Théarmaí & Coinníollacha Múinteoirí/Cúntóirí Riachtanas Speisialta, An Roinn Oideachais & Scileanna, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659, ach é a iarraidh.

Aguisín B

Nósanna imeachta a bhaineann le Saoire Uchtála a Thaifeadadh ar OLCS

1) Cliceáil 'cuir leis' faoi Saoire ar roghchlár OLCS

2) Cuir isteach dáta tosaithe agus dáta críochnaithe na saoire.
   - Cliceáil Ar aghaidh

3) Roghnaigh an ball foirne atá ar saoire
   - Roghnaigh an catagóir saoire – Saoire Teaghlaigh agus
   - Roghnaigh an fho-chatagóir saoire – Saoire Uchtála

   Ba cheart gur 168 (24 seachtaine) an líon iomlán laethanta i leith saoire uchtála.
   - Cliceáil 'ar aghaidh'

4) Cliceáil ar Cuir páiste leis agus cuir na mionsonraí isteach
   - Cliceáil Cuir leis

<u>Faisnéis chun Cuidiú le Fostóirí Foirm AB1 a Chomhlánú</u>

- Taispeántar liosta de na seachtainí ÁSPC maidir leis an mbliain reatha agus an bhliain roimhe sin ar OLCS chun cuidiú le comhlánú chuid an fhostóra d'fhoirm AB1.

- Sa chás go raibh líon iomlán 52 sheachtain ÁSPC sa bhliain chánach roimhe sin agus go raibh an múinteoir fostaithe go leanúnach ó shin, ansin is é 52 sheachtain líon iomlán na seachtainí atá le cur isteach. Más lú ná 52 an líon iomlán seachtainí agus go bhfuil conradh ag an múinteoir suas go dáta tosaithe na saoire uchtála, is é an líon iomlán seachtainí comhshuim na seachtainí ÁSPC sa bhliain chánach roimhe sin agus na seachtainí ÁSPC sa bhliain chánach reatha go dáta tosaithe na saoire uchtála.

- Cuir isteach Uimhir Chláraithe chuí an Fhostóra, agus cuir síniú, dáta agus stampa uirthi dá réir sin

Is í 0081300S Uimhir Chláir an Fhostóra do Mhúinteoirí Iarbhunscoile.

Is í 4000099H Uimhir Chláir an Fhostóra do Mhúinteoirí Bunscoile.

- Gliogáil ar cuir leis. Taispeántar teachtaireacht daingniúcháin.

<u>Tabhair ar Aird: Nóta: Saoire Uchtála Bhreise (Gan Phá)</u>

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach féidir asláithreachtaí Saoire Uchtála gan Phá a thaifeadadh ar OLCS go dtí an chéad lá oibre eile tar éis fógra a thabhairt maidir le Saoire Uchtála. Ní mór don Roinn/BOO an tSaoire Uchtála a fhíorú i dtosach d'fhonn tosú ar asbhaintí ón tuarastal.

Aguisín C (i)

Sampla Ríomh Saoire Uchtála

Tá an sampla bunaithe ar dháta socrúcháin arb é an 20ú Meán Fómhair 2016 é agus ar úsáid iomlán an 112 lá de shaoire uchtála reachtúil bhreise gan phá (a dtógtar cuid di roimh an dáta socrúcháin agus cuid di tar éis na saoire uchtala); agus saoire neamhreachtúil bhreise gan phá ansin go dtí deireadh na scoilbhliana.

(1) Saoire Uchtála Reachtúil Bhreise gan Phá (uasmhéid 16 seachtaine=112 lá) Uchtáil ón iasacht: I gcás gur gá Saoire Uchtála Reachtúil Bhreise gan Phá a thógáil roimh an dáta socrúcháin, chun críocha cruinnithe lasmuigh den Stát nó chun aithne a chur ar an leanbh atá le huchtáil, féadfar cuid den tSaoire Uchtala Reachtúil Bhreise gan Phá, nó an tsaoire sin iomlán, a thógáil roimh an dáta socrúcháin.	Sa sampla seo, tógtar 11 lá roimh an dáta socrúcháin chun aithne a chur ar an leanbh i gcás uchtála ón iasacht: Ón 9 Meán Fómhair go dtí an 19 Meán Fómhair 2016 = 11 lá Fágtar 101 lá as an leithdháileadh 112 lá saoire uchtála reachtúil bhreise gan phá
(2) Dáta Tosaithe le haghaidh 24 seachtaine Saoire Uchtála (is ionann agus an dáta suímh)	20 Meán Fómhair 2016
(3) Dáta deiridh na Saoire Uchtála (lá deiridh na saoire)	6 Márta 2017 (tá an dáta sep 24 seachtaine tar éis an 20 Meán Fómhair)
(4) Saoire Uchtála Reachtúil Bhreise gan Phá (uasmhéid 16 seachtaine =112 lá)	Sa sampla seo, tógadh 11 lá cheana roimh an suíomh [féach (1) thuas], agus fágann sé sin go bhfuil suas le 101 lá le tógáil anois. Tógtar iomlán an 101 lá sa chás seo. Ón 7 Márta 2017 go dtí an 15 Meitheamh 2017, na laethanta seo san áireamh
(5) Dáta sealadach chun filleadh ar dhualgas tar éis Saoire uchtála Reachtúil bhreise gan phá	16 Meitheamh 2017 (mura dtógtar aon saoire eile, is é seo an dáta ar cheart don múinteoir filleadh ar dhualgais sa scoil)
(6) Tá rogha bhreise ag múinteoirí Saoire Uchtála Neamhreachtúil Bhreise gan Phá a thógáil go deireadh na scoilbhliana (an 31 Lúnasa)	Sa sampla seo, roghnaíonn an múinteoir leas a bhaint as an rogha maidir le saoire neamhreachtúil: Ón 16 Meitheamh 2017 go dtí an 31 Lúnasa 2017
(7) Dáta deiridh chun filleadh ar dhualgais	1ú Meán Fómhair 2017

Aguisín C (ii)

Leathanach 2 de 2

BILEOG OIBRE MAIDIR LE SAOIRE UCHTÁLA

AINM:		Uimh. PSP:_____
(1) Saoire uchtála Reachtúil Bhreise gan phá	Uchtáil ón iasacht: Ní mór don iarrthóir cóip den *dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta* a thabhairt don bhfostóir chun a theideal/a teideal chun na saoire a bhunú. I gcás gur gá Saoire Uchtála Reachtúil Bhreise gan Phá a thógáil roimh an dáta socrúcháin, chun críocha cruinnithe lasmuigh den Stát nó chun aithne a chur ar an leanbh atá le huchtáil, féadfar cuid den tSaoire Uchtala Reachtúil Bhreise gan Phá, nó an tsaoire sin iomlán, a thógáil roimh an dáta socrúcháin.	Dátaí: Ó:_____ Go:_____ Líon laethanta a tógadh _____
(2)Dáta Tosaithe/ Dáta Socrúcháin	Tosaíonn 24 seachtaine de Shaoire Uchtála ón dáta a shocraítear an leanbh. Uchtáil bhaile: ba cheart *deimhniú socrúcháin*, ina dtugtar an dáta socrúcháin oifigiúil/an dáta socrúcháin tuartha a sholáthar don bhfostóir a luaithe agus is féidir go réasúnach. Uchtáil ón iasacht: Ní mór cóip den *dearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta*, mar aon le sonraí an tsocrúcháin, a thabhairt don bhfostóir a luaithe agus is féidir go réasúnach.	Dáta:
(3) Dáta deiridh Saoire Uchtála:	Comhair 24 seachtaine ón dáta tosaithe (168 lá)	Dáta:
(4) Saoire Uchtála Reachtúil Bhreise gan phá	Is é 16 seachtaine (112 lá) an méid saoire gan phá a gcuirtear isteach uirthi faoi réir an uasmhéid reachtúil saoire gan phá atá ceadaithe: Má úsáideadh cuid den tsaoire sin roimh an socrúchán ansin níl fágtha le tógáil anois ach an t-iarmhéid nár úsáideadh den leithdháileadh 16 seachtaine.	Dátaí: Ó:_____ Go:_____
(5) Dáta Fillte Sealadach	Socraigh an chéad lá oibre eile atá tar éis deireadh na tréimhse Saoire Uchtála Reachtúil Bhreise gan Phá	Dáta: Mura mbaintear leas as an tsaoire a mínítear ag (6) thíos, ansin is é seo an dáta fillte ar an obair
(6) Tá rogha bhreise ag múinteoirí Saoire Uchtála Neamhreachtúil Bhreise gan Phá a thógáil go deireadh na scoilbhliana	Is é atá i gceist le deireadh na scoilbhliana an chéad 31 Lúnasa eile tar éis an dáta ag uimhir (5) thuas	Má tá feidhm ag saoire neamhreachtúil gan phá, ansin leanann sí ar aghaidh ón dáta ag (5) thuas go dtí an 31 Lúnasa _____ go 31 Lúnasa _____
(7) Dáta deiridh chun filleadh ar dhualgais	Is é a bheidh sa dáta sin an chéad lá oibre tar éis na tréimhse ag (6) thuas	Dáta Fillte Deiridh:

CAIBIDIL A SEACHT - TEIDLÍOCHTAÍ SAOIRE TUISMITHEORA

(Ba chóir an méid seo a léamh i dteannta leis an Réamhrá, Forálacha Ginearálta do gach Scéim, agus na Sainmhínithe)

1. Teidlíochtaí Saoire do Thuismitheoirí

1.1 Is ionann saoire do thuismitheoirí agus tréimhse saoire neamhíoctha atá ar fáil do thuismitheoirí chun críocha cúraim leanaí. Foráiltear dó faoi na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí 1998 agus 2006 agus i Rialacháin (Saoire do Thuismitheoirí) An Aontais Eorpaigh 2013 (I.R. Uimh. 81 de 2013).

1.2 Meastar go bhfuil an múinteoir atá ar saoire do thuismitheoirí fostaithe chun gach críche ag an am sin seachas do luach saothair agus aoisliúntas. Dá bhrí sin tá an neamhláithreacht ináirithe go hiomlán chun gach críche eile, lena n-áirítear sinsearacht, rochtain ar an bpainéal ath-imlonnaithe, forchéimniú ar an scála tuarastail incrimintigh agus fógra maidir le poist fhreagrachta.

1.3 Níl cead ag an múinteoir atá as láthair ar saoire do thuismitheoirí a bheith rannpháirteach in aon chineál eile múinteoireachta ná in aon chineál fostaíochta íoctha eile, mar go bhfuil, faoi théarmaí na nAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, an tsaoire beartaithe go sonrach do chúram leanaí.

2. Teidlíocht chuig Saoire do Thuismitheoirí

2.1 Tá múinteoir i dteideal 18 seachtaine saoire do thuismitheoirí i leith gach aon linbh suas go dtí 13 bliain d'aois nó 16 bliain d'aois i gcás leanbh faoi mhíchumas agus/nó breoiteacht fhadtéarmach.

Chun críocha na nAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí:

- *"ciallaíonn míchumas go bhfuil lagú marthanach coirp, céadfa, meabhairshláinte nó intleachtúil ar an leanbh sa chaoi a fhágann go bhfuil an leibhéal cúraim a theastaíonn ón leanbh níos mó ná an leibhéal cúraim a theastaíonn ó leanaí den aois chéanna nach bhfuil aon lagú den sórt sin orthu."*

- *"ciallaíonn breoiteacht fadtéarmach breoiteacht a fhágann go bhfuil an leibhéal cúraim a theastaíonn ón leanbh níos mó ná an leibhéal cúraim a theastaíonn ó leanaí den aois chéanna nach bhfuil aon breoiteacht fhadtéarmach den sórt sin orthu."*

Níl aon oibleagáid, áfach, an tsaoire iomlán 18 seachtaine a thógáil. Féadfaidh iarrthóirí a bhfuil 14 seachtaine tógtha acu roimhe seo iarratas a dhéanamh anois ar 4 seachtaine breise ar an gcoinníoll go gcomhlíonann siad an critéar teidlíochta i gcónaí.

2.2 Tá teidlíocht ar leithligh ag gach aon tuismitheoir i ndáil le saoire do thuismitheoirí a thógáil óna phost/óna post agus tá saoire den chineál sin ar fáil do gach aon tuismitheoir a chomhlíonann aon cheann de na critéir seo a leanas:

a) tuismitheoir nádúrtha

b) tuismitheoir uchtála

c) tuismitheoir a uchtaíonn

d) múinteoir a ghníomhaíonn *in loco parentis* i leith linbh

2.3 Má tá múinteoir ag gníomhú *in loco parentis* is faoin bhfostóir atá sé a bheith deimhin de gur iomchuí é Saoire Tuismitheora a dheonú.

Ciallaíonn in loco parentis nach mór don mhúinteoir atá ag déanamh iarratais ar shaoire do thuismitheoirí a bheith freagrach ó thaobh dlí de as leanbh nó an critéar go bhfuil sé nó sí ag feidhmiú go gníomhach mar thuismitheoir don leanbh ar bhonn leanúnach a chomhlíonadh.

3. Incháilitheacht

3.1 D'fhéadfadh múinteoir a bheith incháilithe i leith saoire do thuismitheoirí má tá aon bhliain amháin d'fhostaíocht leanúnach tugtha chun críche aige/aici leis a bhfostóir óna bhfuil an tsaoire á tógáil. Tarscaoiltear an ceanglas seo i gcás múinteora atá ath-imlonnaithe go héigeantach isteach i scoil ar an gcoinníoll go bhfuil aon bhliain amháin d'fhostaíocht leanúnach tugtha chun críche sa scoil ina raibh sé/sí fostaithe roimhe seo sular ath-imlonnaíodh é/í.

3.2 In imthosca nach mbeidh, ar an lá deiridh chun tús a chur le tréimhse saoire do thuismitheoirí, níos lú ná aon bhliain amháin ach níos mó ná trí mhí de sheirbhís mhúinteoireachta leanúnach ag an múinteoir leis an bhfostóir ón fhostaíocht óna bhfuil an tsaoire á tógáil, beidh an múinteoir i dteideal saoire do thuismitheoirí ar feadh tréimhse seachtaine amháin in aghaidh gach míosa d'fhostaíocht leanúnach a bheidh tugtha chun críche aige/aici leis an bhfostóir ag tráth tosaithe na saoire.

3.3 Níl cead ag múinteoir atá ar phainéal ath-imlonnaithe nó atá le cur ar phainéal ath-imlonnaithe iarratas a dhéanamh ar shaoire do thuismitheoirí tar éis deireadh na scoilbhliana sa scoil ina bhfuil a phost/a post á tharraingt siar.

3.4 Tiocfaidh deireadh leis an teidlíocht saoire do thuismitheoir ar dhul in éag an chonradh fostaíochta agus gan athnuachan a bheith déanta ar an gconradh sin.

4. Patrún i leith Saoire do Thuismitheoirí

4.1 Féadfaidh múinteoir leas a bhaint as saoire do thuismitheoirí i mbloic d'aon seachtain amháin ar a laghad agus suas go huasmhéid de 18 seachtaine. Tabhair ar aird le do thoil nach mór go mbeidh gach tréimhse de shaoire do thuismitheoirí 7 lá ar a laghad i ndiaidh a chéile lena n-áirítear deirí seachtaine, tréimhsí ina mbíonn an scoil dúnta agus laethanta nach bhfuil an múinteoir cláraithe ar an tráthchlár le freastal agus a tharlóidh laistigh den tréimhse sin.

4.2 Sa chás go ndéanann múinteoir iarratas ar shaoire do thuismitheoirí ar feadh tréimhse 6 seachtaine nó níos mó, is 6 seachtaine an tréimhse íosta nach mór don bhfostóir a dheonú seachas i gcásanna ina ndéantar saoire do thuismitheoirí a chur ar atráth nó a dhiúltú mar atá leagtha amach in ailt 8 agus 9 thíos.

5. Patrún Speisialta in Imthosca Eisceachtúla

5.1 Féadfaidh múinteoir, in imthosca eisceachtúla, leas a bhaint as saoire do thuismitheoirí i bhfoirm laethanta aonair sa chás go bhfuil fadhbanna leighis áirithe ag leanbh agus go bhfuil ar an tuismitheoir freastal ar ospidéal, ar chlinic nó ar choinne teiripe leis an leanbh ar bhonn rialta.

5.2 In imthosca den sórt sin ní mór deimhniú maidir leis an neamhláithreacht a fháil ón ospidéal nó clinic agus é a chur ar aghaidh chuig an bhfostóir agus ní mór é a choinneáil ar chomhad pearsanta an mhúinteora.

6. Teorainneacha Ama maidir le Saoire do Thuismitheoirí

6.1 Tiocfaidh deireadh le teidlíocht i leith saoire do thuismitheoirí

- tráth nach déanaí ná an lá a bheidh 13 bliain d'aois slánaithe ag an leanbh, nó
- i gcás linbh uchtaithe atá idir 11 agus 13 bliain d'aois, tráth nach déanaí ná dhá bhliain ó dháta an ordú uchtála

- i gcás linbh faoi mhíchumas nó breoiteacht fhadtéarmach, tráth nach déanaí ná an lá a mbeidh 16 bliain d'aois slánaithe ag an leanbh.

6.2 Ní fhéadfaidh saoire do thuismitheoirí do níos mó ná leanbh amháin in aon tréimhse 12 mhí a dhul thar 18 seachtaine gan cead ón bhfostóir seachas i gcás ilbhreithe (cúpla, triúr leanbh in éineacht srl.) nuair a bhíonn teidlíocht reachtúil ag an múinteoir níos mó na 18 seachtaine a thógáil in aon tréimhse 12 mhí.

7. Saoire do Thuismitheoirí a chur ar atráth ag an bhFostóir

7.1 Féadfar saoire do thuismitheoir a chur ar atráth sa chás go ndéanfadh deonú na saoire ag an am sin dochar mór d'oibriú na scoile agus de ghnáth ní fhéadfar an tsaoire a chur ar atráth ach aon uair amháin. Sampla de chúis a bheadh ag fostóir le saoire do thuismitheoirí a chur ar atráth ná dá mbeadh deacracht múinteoir ionaid a fháil do thréimhse na neamhláithreachta.

In gcúinsí den sórt seo tá sé mar oibleagáid ar an bhfostóir:

- dul i gcomhairle leis an múinteoir roimh aon chinneadh a dhéanamh maidir leis an tsaoire a chur ar atráth
- sa chás go meastar cur ar atráth a bheith riachtanach, ní mór fógra i scríbhinn a thabhairt don múinteoir tráth nach déanaí na 4 seachtaine roimh an dáta a bhfuil sé beartaithe tús a chur leis an tsaoire
- a chinntiú nach bhfuil an cur ar atráth níos faide na 6 mhí ón *dáta bunaidh* a raibh sé i gceist tús a chur leis an tsaoire do thuismitheoirí
- dáta nua a chomhaontú don tsaoire iarchurtha a bheadh le tógáil ag tráth a mbeadh an múinteoir ag obair murach sin
- a chinntiú nach gceadaítear aon chur ar atráth eile nó ina dhiaidh sin ach amháin ar fhorais ina n-imríonn sé tionchar ar athrú séasúrach.
- a chinntiú go síníonn an dá pháirtí na doiciméid dearbhaithe nua (féach alt 12 thíos) lena gcomhaontaítear glacadh leis na dátaí nua ar an tuiscint gur féidir tuilleadh leasaithe a dhéanamh air sin sa chás go bhfuil comhaontú idir an dá pháirtí.

7.2 Sa chás, mar thoradh iomlán ar an tsaoire a chur ar atráth, go dtéann an leanbh thar an tairseach aoise, ní chailltear an teidlíocht chun saoire do thuismitheoirí. Ba chóir an tsaoire a thógáil chomh luath agus is féidir tar éis deireadh a bheith tagtha leis an tréimhse um chur ar atráth ar dháta cruinn a bheidh comhaontaithe ag an dá pháirtí.

8. Diúltú Saoire do Thuismitheoirí a dheonú

8.1 Sa chás go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go mb'fhéidir nach bhfuil an múinteoir i dteideal saoire do thuismitheoirí, féadfaidh an fostóir saoire den sórt sin a dhiúltú.

8.2 In gcúinsí den sórt seo tá sé mar oibleagáid ar an bhfostóir

- fógra a thabhairt don múinteoir i scríbhinn maidir leis na cúiseanna a bhaineann leis an diúltú atá beartaithe agus cuireadh a thabhairt dó/di uiríoll a dhéanamh i ndáil leis an ábhar laistigh de 7 lá.

- aon uiríll ón múinteoir a bhreithniú sula ndéantar an cinneadh deiridh cibé an tsaoire a dhiúltú nó gan í a dhiúltú.

- Sa chás go ndiúltaíonn an fostóir an tsaoire ag deireadh an lae ansin ní mór an múinteoir a chur ar an eolas i scríbhinn maidir leis an gcinneadh agus achoimre a thabhairt maidir leis na forais leis an tsaoire a dhiúltú.

9. Saoire do Thuismitheoirí a Aistriú

9.1 Faoi réir ag cead an fhostóra, is féidir 14 seachtaine den teidlíocht saoire do thuismitheoirí 18 seachtaine a aistriú chuig tuismitheoir eile an linbh ábhartha, ar an tuiscint go bhfuil an tuismitheoir eile fostaithe ag an bhfostóir céanna. Ag teacht le Treoir 2010/18/AE ón gComhairle, ní mór do gach aon tuismitheoir 4 seachtaine as a theidlíocht/a teidlíocht 18 seachtaine a choinneáil ar mhaithe lena úsáid/lena húsáid pearsanta féin. Ní féidir na 4 seachtaine sin a aistriú faoin Treoir sin chuig tuismitheoir eile agus ní féidir ach leis an tuismitheoir lenar thosaigh an teidlíocht leas a bhaint as sin. Ciallaíonn sé sin go bhféadfaidh tuismitheoir amháin leas a bhaint as saoire 32 seachtaine agus gur féidir leis an tuismitheoir eile leas a bhaint as na 4 seachtaine eile nuair atá an dá thuismitheoir ag obair sa scoil chéanna.

10. Iarratas an Mhúinteora

10.1 Ba chóir do mhúinteoir iarratas a dhéanamh chuig a fhostóir/a fostóir ar shaoire do thuismitheoirí 6 seachtaine ar a laghad roimh thosú na saoire ar fhoirm iarratais fhorordaithe atá i gceangal le hAguisín A den chaibidil seo.

11. Doiciméad Dearbhaithe an Fhostóra

11.1 Ba chóir don bhfostóir agus an tsaoire do thuismitheoirí á deonú, an doiciméid dearbhaithe atá i gceangal le hAguisín B den chaibidil seo a ullmhú i gcomhar leis an múinteoir 4 seachtaine roimh thús a chur leis an tsaoire. Is ionann an doiciméad sin agus comhaontú dlíthiúil idir an dá pháirtí. Féadfaidh an múinteoir an t-iarratas sin a aisghairm ag tráth ar bith sula síníonn an dá pháirtí an doiciméad dearbhaithe.

12. Dearbhú a sheoladh chuig an Roinn/An BOO

12.1 Ní mór don scoil fógra a thabhairt don Roinn tríd OLCS/ córas an BOO lena mbaineann tráth nach déanaí ná 4 seachtaine roimh thosach na saoire. Mar gur saoire neamhíoctha atá sa tsaoire do thuismitheoirí, d'fhéadfadh ró-íocaíocht tuarastail leis an múinteoir lena mbaineann a bheith mar thoradh ar mhoill mhíchuí ó thaobh taifeadadh a dhéanamh ar an tsaoire. Ní mór aon ró-íocaíocht a eascraíonn ar an mbealach sin a fháil ar ais ón múinteoir.

13. Múinteoir Ionaid

13.1 Sa chás go bhfuil múinteoir ionaid le fostú déanfar conradh (téarma socraithe) críche sonraithe a thairiscint dó/di agus ní mór a lua sa chonradh sin gur foras oibiachtúil atá ann go bhféadfaí an conradh a fhoirceannadh sa chás go bhfilleann an múinteoir atá ar saoire do thuismitheoirí ar fhostaíocht níos luaithe nach mar a bhíothas ag súil leis.

14. Saoire do Thuismitheoirí a Fhoirceannadh

14.1 Féadann an fostóir an tsaoire do thuismitheoirí a fhoirceannadh i gcás go mbeidh forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil an tsaoire do thuismitheoirí á húsáid ar mhaithe le críocha eile seachas aire a thabhairt don leanbh atá i gceist.

14.2 Tá sé mar oibleagáid ar an bhfostóir roimh an tsaoire a fhoirceannadh:-

- fógra i scríbhinn a thabhairt don múinteoir go bhfuil an gnó á bhreithniú agus cuireadh a thabhairt don múinteoir uiríll a dhéanamh i scríbhinn laistigh de 7 lá

- aon uiríll ón múinteoir a bhreithniú roimh an gcinneadh deiridh a dhéanamh

- fógra a thabhairt don múinteoir i scríbhinn maidir leis an gcinneadh le hachoimre ar na forais

14.3 Ba chóir go gcuirfeadh an fógra maidir leis an gcinneadh deiridh an múinteoir ar an eolas maidir lena oibleagáid/lena hoibleagáid filleadh ar an obair laistigh de 7 lá tar éis an fhógra a fháil.

15. Saoire do Thuismitheoirí a chur ar Fionraí/a chur ar Atráth mar gheall ar bhreoiteacht Múinteora

15.1 Má éiríonn an múinteoir atá i gceist breoite le linn, nó díreach roimh thréimhse comhaontaithe na saoire do thuismitheoir, sa mhéid nach bhfuil sé/sí in ann nó nach mbeidh sé/sí in ann aire a thabhairt don leanbh, is féidir:

- mura bhfuil an tsaoire tosaithe cheana féin, tógáil na saoire a chur ar atráth go dtí cibé tráth a mbeidh ar chumas an mhúinteora aire a thabhairt don leanbh, nó

- sa chás go bhfuil an tsaoire tosaithe cheana féin, tógáil iarmhéid na saoire a chur ar fionraí go dtí cibé tráth a mbeidh an múinteoir inniúil le haire a thabhairt don leanbh.

15.2 Sa chás go mbíonn sé riachtanach an tsaoire a chur ar atráth nó a chur ar fionraí mar gheall ar bhreoiteacht ní mór don mhúinteoir fógra i scríbhinn a thabhairt don bhfostóir chomh luath agus is féidir go réasúnach faoi chur ar atráth/cur ar fionraí na saoire de dheasca breoiteachta agus deimhniú iomchuí liachta a thabhairt don bhfostóir a dheimhníonn nach bhfuil ar chumas an mhúinteora aire a thabhairt don leanbh mar thoradh ar bhreoiteacht.

15.3 Ba chóir a thabhairt ar aird nach mór an chuid den tsaoire atá curtha ar fionraí, má tá leas le baint as, a thógáil chomh luath agus is féidir tar éis don mhúinteoir deimhniú a fháil go bhfuil sé/sí ábalta filleadh ar obair.

15.4 Má théann an leanbh thar an tairseach aoise, mar thoradh ar an tsaoire a bheith curtha ar fionraí mar gheall ar bhreoiteacht/neamhábaltacht an tuismitheora, tá an teidlíocht chun na saoire a thógáil fós ann agus ní mór an tsaoire a thógáil chomh luath agus is féidir.

16. An méid den tSaoire do Thuismitheoirí atá fágtha ón bhfostaíocht roimhe seo a thabhairt ar aghaidh

16.1 Faoi réir ag na gnáththeorainneacha tairsí aoise agus ceanglais seirbhíse, beidh ar chumas múinteora atá ag teacht chun na scéime seo ó fhostaíocht roimhe seo ó acmhainn mhúinteoireachta nó ó acmhainn neamhmhúinteoireachta sa chás go bhfuil leas bainte as cuid den tsaoire cheana féin

- a cheart/a ceart reachtúil i leith aon choda eile den tsaoire do thuismitheoirí nach bhfuil úsáid bainte aistí agus atá tugtha ar aghaidh chuig an bhfostaíocht nua, agus

- beag beann ar shocruithe roimhe seo, tógfaidh sé/sí an tsaoire do thuismitheoirí de réir téarmaí na caibidle seo.

17. Forluí cineálacha saoire reachtúil

17.1 Níl sé ceadaithe a bheith as láthair ar dhá chineál saoire reachtúil ag aon am amháin. Sa chás go mbíonn forluí ann (m.sh. saoire mháithreachais), féadfar an tsaoire do thuismitheoirí a chur ar atráth ar feadh tréimhse réasúnach trí chomhaontú frithpháirteach idir an fostóir agus an múinteoir.

18. Iarratas patrún/uaireanta oibre a athrú

18.1 Féadfaidh múinteoir atá ag filleadh ar obair tar éis saoire do thuismitheoirí éileamh a dhéanamh patrún/uaireanta oibre a athrú ar feadh tréimhse ama socraithe.

18.2 Ní mór éileamh den sórt sin a dhéanamh i scríbhinn chuig an bhfostóir chomh luath agus is féidir é go réasúnach, ach ag tráth nach déanaí ná sé seachtaine roimh thosach beartaithe na tréimhse ama socraithe atá i gceist, a shonraíonn an cineál athruithe atá éilithe agus dáta tosaithe agus fad na tréimhse socraithe atá éilithe.

18.3 Breithneoidh an fostóir an t-éileamh agus aird á tabhairt ar théarmaí agus coinníollacha an mhúinteora maidir le saoire agus luach saothair chomh maith le riachtanais na scoile agus an mhúinteora araon. Cuirfidh an fostóir an múinteoir ar an eolas i scríbhinn má tá an t-iarratas á dheonú nó á dhiúltú chomh luath agus is féidir go réasúnach, ach ag tráth nach déanaí ná ceithre seachtaine ón iarratas a fháil.

18.4 Sa chás go gceadaítear an t-éileamh, ní mór don dá pháirtí comhaontú scríofa a ullmhú agus a shíniú a leagan amach na socruithe oibre leasaithe, lena n-áirítear dáta tosaithe agus tréimhse na n-athruithe. Ní mór don bhfostóir an comhaontú bunaidh a choimeád ar chomhad agus cóip a thabhairt don mhúinteoir. Féadfaidh an múinteoir, ag tráth ar bith sula sínítear an comhaontú, an t-athrú ar phatrún/uaireanta oibre atá éilithe a aisghairm trí fógra a thabhairt don bhfostóir i scríbhinn.

19. Asbhaintí Deonacha

19.1 Déantar asbhaintí deonacha ó thuarastal a scor nuair a théann an múinteoir ar shaoire do thuismitheoirí. Is ar an múinteoir amháin atá ag baint leasa as an tsaoire do thuismitheoirí atá an fhreagracht a chinntiú nach dtagann deireadh le polasaithe árachais leighis, árachas leanúnachais ioncaim, ranníocaíochtaí ceardchumainn, íocaíocht comhar creidmheasa srl. Níl dliteanais ar an Roinn/BOO maidir le polasaithe d'aon chineál a dtagann deireadh leo. Is féidir tuilleadh mionsonraí maidir le hasbhaintí saorálacha a fháil ar shuíomh gréasáin na Roinne, www.education.ie faoi: Foireann Oideachais – Eolas – Párolla & Airgeadas – Asbhaintí Deonacha.

20. Socruithe Leasa Shóisialaigh

20.1 Tá rialacháin chun caomhnú taifid árachais shóisialaigh (ÁSPC) d'fhostaithe a ghlacann saoire do thuismitheoirí tugtha isteach ag an Aire Coimirce Sóisialaí. Tá eolas ar Ranníocaíochtaí a chuirtear chun sochair ar fáil ar shuíomh gréasáin na RCS. Dá bhrí sin ba chóir gach ceist maidir le socruithe Leasa Shóisialaigh agus creidmheasanna iomchuí árachais shóisialaigh (ÁSPC) d'fhostaithe a ghlacann saoire do thuismitheoirí a sheoladh díreach chun na RCS.

21. Foirm iarratais agus doiciméad dearbhaithe

21.1 Tá cóipeanna den

a) bhfoirm iarratais ar Shaoire Do Thuismitheoirí

b) doiciméad dearbhaithe

i gceangal ag Aguisín A agus B den gcaibidil seo.

Aguisín A

Iarratais ar Shaoire Do Thuismitheoirí

NÁ cuirtear Foirmeacha Iarratais/Doiciméadú Tacaíochta isteach chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna. Comhlánaítear an Fhoirm Iarratais seo ina hiomláine agus coinnítear í sa scoil/BOO i dteannta doiciméadaithe ábhartha eile chun críche taifid agus iniúchta.

(LE COMHLÁNÚ AG AN MÚINTEOIR)

Scoil: _____ Uimh. Rolla_____

Ainm: _____

Seoladh Baile: _____

_____

Uimh. Theileafóin: _____

UPSP:								

Déanaim iarratas leis seo ar shaoire do thuismitheoirí i leith:

Ainm an Linbh: _____Dáta breithe: _____

(Ba chóir teastas breithe an linbh agus, más infheidhme, fianaise maidir le dáta ordú uchtála an linbh, nó fianaise maidir le tuismitheoir atá ag gníomhú in loco parentis a bheith i dteannta an iarratais seo)

Ar bhain tú leas as saoire do thuismitheoirí i leith an linbh thuas roimhe seo? Bhain □ Níor bhain □

Má bhain, luaigh an líon seachtainí: _____

Tá sé beartaithe agam saoire do thuismitheoirí a thógáil mar a leanas:

Cuir tic

☐ In aon bhloc leanúnach amháin 18 seachtaine

☐ I dtréimhsí seachtaine ar leithligh mar a leanas

Dátaí na saoire do thuismitheoirí mar a leanas:

Ó – go:	Ó – go:	Ó – go:

Deimhním leis seo go bhfuil an t-eolas atá taifeadta sa doiciméad seo fíor agus cruinn agus go bhfuil m'iarratas ar shaoire do thuismitheoirí á chur isteach de réir na rialachán agus na nósanna imeachta atá leagtha amach i *Téarmaí & Coinníollacha Fostaíochta do Mhúinteoirí Cáilithe i mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna Aitheanta - Eagrán 2.*

Síniú an Mhúinteora: _____ Dáta: _____

Aguisín B

Doiciméad Dearbhaithe i gcomhair Saoire Do Thuismitheoirí

NÁ cuirtear Foirmeacha Iarratais/Doiciméadú Tacaíochta_ isteach chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna. Comhlánaítear an Fhoirm Iarratais seo ina hiomláine agus coinnítear í sa scoil/BOO i dteannta doiciméadaithe ábhartha eile chun críche taifid agus iniúchta.

(LE COMHLÁNÚ AG AN bhFOSTÓIR AGUS AG AN MÚINTEOIR)

Deimhním leis seo go bhfuil saoire do thuismitheoirí deonaithe do:

Ainm an Mhúinteora: _____

UPSP:								

I leith:

Ainm an linbh_____ Dáta breithe: _____

Tá an tsaoire do thuismitheoirí deonaithe de réir *Téarmaí & Coinníollacha Fostaíochta do Mhúinteoirí Cáilithe i mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna Aitheanta - Eagrán 2* mar seo a leanas:

Ó – go:	Ó – go:	Ó – go:

Síniú an Mhúinteora: _____ Dáta: _____

Síniú an Fhostóra: _____ Dáta: _____

Ní féidir aon leasú a dhéanamh ar an doiciméad dearbhaithe tar éis é a shíniú, gan comhaontú an dá pháirtí roimh ré.

Ba chóir an doiciméad seo a choimeád ar chomhad pearsanta an mhúinteora agus ba chóir don múinteoir cóip a choimeád.

Ráiteas Príobháideachais Cosanta Sonraí

An phríomhchúis go n-iarrann an Roinn sonraí pearsanta ort ná chun d'iarratas ar Shaoire Atharthachta a phróiseáil. Na sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú, is féidir go malartófar iad idir d'fhostóir agus an Roinn. Gheofar an Fógra Príobháideachais ina bhfuil tuilleadh eolais ar an bhfoirm iarratais seo ag: https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/gdpr/gdpr.html. Gheofar sonraí iomlána bheartas Cosanta Sonraí na Roinne, ina leagtar amach an úsáid a bhainfimid as do shonraí pearsanta mar aon le heolas ar do chearta mar ábhar sonraí ag https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/. Gheofar sonraí an bheartais seo i gcóip chrua, leis, ó Théarmaí & Coinníollacha Múinteoirí/Cúntóirí Riachtanas Speisialta, An Roinn Oideachais & Scileanna, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659, ach é a iarraidh.

CAIBIDIL A hOCHT - SCÉIM SOSA GHAIRME

(Ba chóir an méid seo a léamh i dteannta leis an Réamhrá, Forálacha Ginearálta do gach Scéim, agus na Sainmhínithe)

1. Scéim Sosa Gairme

1.1 Is é is sos gairme ann ná tréimhse saoire speisialta gan phá. Is iad príomhchuspóirí na scéime thíos, agus ní liosta iomlán é, ná go n-ndéanfadh fostóirí éascaíocht d'iarrthóirí, nuair is féidir, sna réimsí seo:

- Forbairt Phearsanta
- Seirbhís Dheonach Thar Lear
- Tionlacan céile/páirtí ar Phostáil Taidhleoireachta / Míleata
- Oideachas
- Ionadaíocht Phoiblí
- Cúram Leanaí/Cúram Cleithiúnaí
- Féinfhostaíocht

2. Fad an tSosa Ghairme

2.1 Is féidir le múinteoir a bheith páirteach sa scéim seo faoi réir uasmhéid 10 mbliana neamhláithreachta i gcaitheamh a g(h)airm bheatha ghairmiúil.

2.2 Tréimhse nach lú ná scoilbhliain amháin a sheasfaidh sos gairme agus is féidir cur leis ar bhonn bliantúil ar an gcoinníoll nach dtéann tréimhse iomlán an tsosa ghairme thar 5 bliana tráth amháin ar bith.

2.3 Ní ceadmhach sos gairme eile a thógáil go dtí go mbeidh tréimhse seirbhíse tugtha ag an múinteoir nach lú in achar ná tréimhse an tsosa ghairme roimhe sin. I gcás múinteora ar mhian leis/léi sos gairme a thógáil ar mhaithe le seirbhís dheonach / misinéireachta/taidhleoireachta/míleata/Oireachtais/ nó saoire staidéir a dhéanamh déanfar an ceanglas seo a tharscaoileadh.

2.4 Tosóidh sos gairme ag tús scoilbhliana agus ní cheadófar filleadh ar dhualgas sa scoil/BOO a cheadaigh an sos gairme seachas ag tús na scoilbhliana ina dhiaidh sin. I gcásanna eisceachtúla féadfaidh fostóir cead a thabhairt do mhúinteoir sos gairme a ghlacadh le linn thréimhse na scoilbhliana agus an sos gairme a chríochnú am nach luaithe ná deireadh na scoilbhliana sin. Áireofar é sin mar shos gairme bliana.

2.5 Ní féidir le tréimhse sosa ghairme dul thar

a) an dáta a chríochnóidh conradh téarma sheasta sa chás an t-iarrthóir a bheith fostaithe faoin gconradh sin nó

b) an dáta a sroichfear aois scoir éigeantach

3. Incháilitheacht

3.1 Féadfaidh múinteoir iarratas a dhéanamh ar shos gairme:

a) má bhíonn sé/sí cláraithe leis an gComhairle Múinteoireachta agus

b) má bhíonn 12 mí de sheirbhís leanúnach críochnaithe go sásúil aige/aici leis an bhfostóir atá aige/aici faoi láthair ag deireadh na scoilbhliana ina bhfuil an t-iarratas á dhéanamh.

4. Oibriú na Scéime

4.1 Ní mór do mhúinteoir atá ag lorg sosa ghairme iarratas scríofa a chur faoi bhráid an fhostóra tráth nach déanaí ná 1 Feabhra sa scoilbhliain roimh an mbliain ar mhaith leis/léi tosú ar/leanúint le sos gairme. Tabharfar sonraí soiléire san iarratas faoin gcúis bheacht atá leis an sos gairme. I gcásanna eisceachtúla féadfaidh fostóir iarratas déanach a bhreithniú.

4.2 Ní mór do mhúinteoir ar mian leis/léi cur le sos gairme iarratas a dhéanamh ar an síneadh ama sin gach bliain.

4.3 Déanfaidh an fostóir breithniú ar gach iarratas ar shos gairme nó ar shíneadh ama ar a bhonn fiúntais féin i gcomhthéacs ráiteas polasaí na scoile. Ní bheidh aon dul thar chinneadh an fhostóra.

4.4 Cuirfidh an fostóir fógra i scríbhinn chuig an múinteoir chun ceadú nó diúltú a chur in iúl faoi 1 Márta ar a dhéanaí, agus cuirfidh sé an Roinn ar an eolas tríd an OLCS/córas ábhartha BOO faoin 1 Aibreán nó roimhe sin. Lena chois sin ní mór don bhfostóir ainmneacha na múinteoirí uile atá ar sos gairme a liostáil ar an bhfoirm d'athrú bliantúil foirne, seachas scoileanna de chuid BOO.

4.5 Má dhiúltaíonn fostóir d'iarratais ar shos gairme, ní mór dó fógra i scríbhinn a thabhairt don iarrthóir chun na cúiseanna leis an diúltú sin a mhíniú.

4.6 Ag glacadh san áireamh an méid socruithe a bhíonn le déanamh ag an bhfostóir chun freastal ar shos gairme, ní ceadmhach don iarrthóir a (h)iarratas a aistarraingt i ndiaidh 14 Aibreáin. I gcásanna eisceachtúla féadfaidh an fostóir, dá lánrogha féin, aistarraingt níos déanaí ar iarratas sosa gairme a bhreithniú.

5. Múineadh le linn Sosa Ghairme

5.1 Tá cosc ar mhúinteoir a bhíonn ar sos gairme glacadh le ceapachán d'aon sórt in aon scoil sa Stát. Ní mór do scoileanna tús áite a thabhairt do mhúinteoirí cáilithe nuair a bhíonn ceapacháin do thréimhsí ionadaíochta á ndéanamh acu. I gcásanna eisceachtúla is féidir múinteoir atá ar sos gairme a fhostú ar an mbonn seo leanas:

- in Iarbhunscoil – ar feadh uasmhéid 300 uair i scoilbhliain
- i mBunscoil - ar feadh uasmhéid 90 lá i scoilbhliain

6. Ceapachán Múinteoir Ionaid

6.1 Sa chás go bhfostófar múinteoir ionaid, ní mór an post a líonadh de réir na rialacha reatha maidir le hearcú múinteoirí. Tairgfear conradh sainchuspóra (ar feadh téarma seasta) dó/di. Ní mór coinníoll a bheith i gconradh den sórt sin go bhfoirceannfar an conradh má éiríonn an múinteoir atá ar sos gairme as, má théann sé ar scor nó tráth a fhilleann sé ar an bhfostaíocht lánaimseartha, nó ar an 31 Lúnasa ina dhiaidh an conradh a bheith déanta, cibé acu is luaithe.

7. Poist Fhreagrachta

7.1 Coinneoidh múinteoir ar sos gairme a incháilitheacht ó thaobh iarratas a dhéanamh ar Phost Freagrachta a thagann chun cinn sa scoil agus tabharfaidh an fostóir fógra dó/di faoi aon fholúntas.

8. Filleadh ar Dhualgas i ndiaidh Sosa Ghairme

8.1 Ní mór do mhúinteoir fógra a thabhairt don bhfostóir faoi 1 Feabhra an bhfuil beartaithe aige/aici filleadh ar mhúinteoireacht i ndiaidh sosa ghairme ag tús na chéad scoilbhliana eile. Mura ndéantar sin d'fhéadfadh an toradh a bheith air sin go gcuirfí siar filleadh an mhúinteora ar feadh scoilbhliana eile (m.sh. sa chás go gcruthódh fógra déanach deacrachtaí conartha don bhfostóir).

8.2 Tá d'fhreagracht ar an múinteoir atá ag filleadh i ndiaidh sosa ghairme a chinntiú go bhfuil sé/sí cláraithe leis an gComhairle Múinteoireachta ar an dáta a bhfuil sé beartaithe aige/aici filleadh. Tabhair do d'aire, le do thoil, go dtógfaidh an próiseas clárúcháin leis an gComhairle Mhúinteoireachta a bhfuil grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána mar chuid de suas chuig 12 sheachtaine le linn buaicthréimhse mhí Iúil agus mhí Lúnasa. D'fhéadfadh gá a bheith le riachtanais bhreise um ghlanadh póilíní a chomhlíonadh do mhúinteoir a bhí ina chónaí thar lear. Dá bhrí sin moltar do mhúinteoirí tús a chur leis an bpróiseas clárúcháin chomh luath agus go bhfuil fógra curtha acu chuig an scoil go bhfuil sé i gceist acu filleadh ar an obair.

8.3 Déanfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde (OHS) scagthástáil ar mhúinteoir a fhilleann ó shos gairme a bhí níos faide ná dhá bhliain. Is réamhchoinníoll é chun an tuarastal a athbhunú go measann an tSeirbhís Sláinte Ceirde an múinteoir a bheith oiriúnach chun na dualgais mhúinteoireachta a chomhlíonadh sula gceadófar dó/di filleadh ar an bpost múinteoireachta.

8.4 Beidh feidhm ag téarmaí agus coinníollacha do mhúinteoirí go ginearálta, lena n-áirítear téarmaí na scéime ath-imlonnaithe atá i bhfeidhm trátha bhfilltear, i gcás múinteora a fhilleann ar na dualgais tar éis sosa ghairme.

9. Ag Éirí as le linn Sosa Ghairme

9.1 Ní mór do mhúinteoir atá ar sos gairme agus ar mian leis/léi éirí as a p(h)ost múinteoireachta fógra i scríbhinn a thabhairt don bhfostóir de réir téarmaí fostaíochta an mhúinteora. Má éiríonn múinteoir as an sos gairme le linn na scoilbhliana measfar an bhliain sin a bheith ina scoilbhliain iomlán chun críche Ailt 4 na Scéime Sosa Ghairme sa chás go dtiocfadh an múinteoir ar ais sa tseirbhís múinteoireachta ar dháta níos déanaí.

9.2 Sa chás go mainníonn múinteoir filleadh ar dhualgas i ndiaidh tréimhse ceadaithe sosa ghairme, tabharfaidh an fostóir/scoil i gcás an BOO, fógra don Roinn/BOO láithreach, ionas nach n-eiseofar tuarastal incriminteach. Déanfaidh an fostóir beart go tráthúil chun an scéal a chinntiú agus gníomh a dhéanamh dá réir.

10. Teidlíochtaí Leasa Shóisialaigh

10.1 Leanann an múinteoir ar sos gairme mar fhostaí den bhfostóir ar feadh tréimhse na neamhláithreachta agus ní hionann an neamhláithreacht agus briseadh seirbhíse chun críche ÁSPC.

10.2 Dá bhrí sin ba chóir do mhúinteoirí ar mian leo a gcuid teidlíochtaí Leasa Shóisialaigh a choinneáil ar feadh tréimhse an tsosa ghairme, dul i dteagmháil leis an Roinn Leasa Shóisialaigh chun comhairle a fháil sula dtéann siad ar sos gairme.

11. Pinsean

11.1 Ní ríomhtar tréimhse neamhláithreachta gan phá chun críche pinsin. Ach is féidir ranníocaíochtaí pinsin ar chostas iomlán achtúireach de réir na scéime pinsin ábhartha a íoc, le linn an tsosa gairme (trí shocruithe a dhéanamh le Rannóg Phinsin na Roinne/BOO roimh thús an tsosa ghairme) nó tar éis filleadh ar an obair. Tá tuilleadh eolais ar fáil faoi sheirbhís bharúlach a cheannach le haghaidh sosa ghairme ó Rannóg Phinsin na Roinne/BOO.

11.2 Nuair a cheadaítear do bhall scéim phinsin saoire neamhláithreachta fhaofa thógáil chun dul ag obair mar Oibrí Forbartha Deonach (VDW) i dtír atá i mbéal forbartha, faoi choimirce APSO/Comhlamh, féadfaidh an ghníomhaireacht sin an costas iomlán achtúireach a íoc le soláthraí pinsin na seirbhísí poiblí, faoi réir na gcoinníollacha a bhíonn i bhfeidhm ó am go chéile. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó Rannóg Phinsin na Roinne/BOO.

12. Asbhaintí Deonacha ag an bhFoinse

12.1 Tagann deireadh le hasbhaintí deonacha ón tuarastal nuair a théann múinteoir ar sos gairme. Fanfaidh sonraí na n-asbhaintí deonacha ar thaifead párolla an mhúinteora fad is a bhíonn sé/sí ar sos gairme agus mar sin tosóidh aon asbhaintí a bhí socraithe sula ndeachaigh an múinteoir ar shos gairme an athuair ar dó filleadh ar an bpárolla, mura bhfuil dáta deiridh socraithe ar iarratas an mhúinteora atá i gceist tríd an ngníomhaireacht asbhainte. Ní dhéanfaidh an Roinn/BOO seo aon asbhaintí i leith suimeanna neamhíoctha carntha i dtaobh tréimhse an tsosa ghairme.

12.2 Tá sé d'fhreagracht ar an múinteoir atá ag tógáil sosa ghairme agus ar an múinteoir sin amháin, a chinntiú nach dtéann polasaithe árachas leighis, árachas leanúnachas ioncaim, ranníocaíochtaí cheardchumainn, íocaíochtaí chomhar creidmheasa i léig. Níl aon fhreagracht ar an Roinn seo /BOO i leith polasaithe d'aon chineál a théann i léig. Is féidir tuilleadh eolais ar asbhaintí deonacha a fháil ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi: Foireann Oideachais - Seirbhísí - Párolla / Airgeadas - Asbhaintí Deonacha - Coinníollacha oibriúcháin um oibriú áise Asbhainte-ag-an-bhFoinse d'Asbhaintí Deonach - Beartas Asbhaintí Deonacha Ag An Bhfoinse

12.3 Ní mór aon iarmhéid atá le híoc ag múinteoir atá páirteach sa Scéim Rothaigh chuig an Obair nó Scéim Pas Taistil a ghlanadh roimh thosach an tsosa ghairme.

CAIBIDIL A NAOI - SCÉIM PHOSTROINNTE

(Ba chóir an méid seo a léamh i dteannta leis an Réamhrá, Forálacha Ginearálta do gach Scéim, agus na Sainmhínithe)

1. Scéim Phostroinnte

1.1 Is é is cuspóir leis an scéim phostroinnte ná cabhrú le múinteoirí a gcuid oibre a chomhcheangal le freagrachtaí nó roghanna pearsanta.

- ciallaíonn múinteoir postroinnte múinteoir a roinneann post lánaimseartha ar bhonn 50:50 nó múinteoir a bhfuil iarratas déanta aige ar a chuid uaireanta a laghdú faoi 50% den bpost lánaimseartha.

- ciallaíonn múinteoir lánaimseartha múinteoir atá faoi chonradh 28 n-uaire agus 20 nóiméad in aghaidh na seachtaine i mBunscoil agus 22 uair múinteoireachta in aghaidh na seachtaine in Iarbhunscoil.

1.2 Is faoin bhfostóir atá sé cinneadh a dhéanamh ar an socrú / na socruithe postroinnte a bhfuil sé sásta tacú leis/leo, m.sh. seachtain ag obair/seachtain as obair, seachtain dheighilte. Mar shampla, b'fhéidir go dteastaíonn obair mhúinteora phostroinnte a bheith scaipthe ar fud amchlár 5 lae in aghaidh na seachtaine ó fhostóirí iarbhunscoile. Faoi réir feidhmiú a chuid freagrachta ag an bhfostóir ina thaobh seo ba chóir socruithe amchláraithe i gcomhair postroinnte a phleanáil de réir spiorad na scéime chun éascaíocht a dhéanamh don múinteoir an oiread agus is féidir.

1.3 I gcás Bunscoileanna, a luaithe atá cinneadh déanta ag an mBord Bainistíochta postroinnt a cheadú, ba chóir na tuismitheoirí a chur ar an eolas go múinfidh múinteoirí postroinnte a bpáiste/a bpáistí sa scoilbhliain lena mbaineann. Tá ar Bhord na tuismitheoirí a chur ar an eolas a luaithe is féidir trí chruinniú speisialta a thionólfaidh an Príomhoide/Bord Bainistíochta. Ní mór do mhúinteoirí a bhfuil a gcuid iarratas ar phostroinnt cheadaithe ag Bord a bheith i láthair ag a leithéid de chruinniú. Ba chóir gan meáin eile a úsáid chun an t-eolas faoi na socruithe postroinnte a chur in iúl do na tuismitheoirí seachas an cruinniú speisialta.

2. Bunús na Scéime

2.1 Féadann múinteoir iarratas a dhéanamh ar phost lánaimseartha a roinnt ar bhonn 50:50 nó féadann sé iarratas a dhéanamh ar a chuid uaireanta a laghdú faoi 50% de mhúinteoir lánaimseartha. Is ionann sin agus 14 uaire agus 10 nóiméad in aghaidh na seachtaine i gcás múinteoir Bunscoile nó 11 uair in aghaidh na seachtaine i gcás múinteoir Iarbhunscoile,

2.2 Tá dhá rogha ar fáil i gcomhair socrú postroinnte:

a) Post lánaimseartha a roinnt: Déanann beirt mhúinteoirí lánaimseartha sa scoil céanna iarratas ar phostroinnt nó, i gcás postroinnt idirscoile (bunscoileanna amháin), ina ndéanann beirt mhúinteoirí lánaimseartha atá i scoileanna difriúla iarratas ar phostroinnt.

b) Déanann múinteoir iarratas ar phostroinnt agus bíonn an fostóir sásta múinteoir a earcú le haghaidh a bhfuil fágtha de na huaireanta atá ar fáil ar chonradh cuspóra sonraithe (téarma seasta) a mbeidh deireadh leis ag deireadh na scoilbhliana.

3. Tréimhse an Socrú Postroinnte

3.1 Is é aon scoilbhliain amháin an tréimhse íosta do shocrú postroinnte.

3.2 I gcúinsí eisceachtúla féadfaidh fostóir socrú postroinnte a údarú a thosóidh le linn na scoilbhliana agus nach gcríochnóidh níos luaithe ná deireadh na scoilbhliana céanna.

4. Incháilitheacht

4.1 Féadann múinteoir iarratas a dhéanamh ar phostroinnt má

a) tá sé/sí cláraithe leis an gComhairle Múinteoireachta agus

b) má bheidh 12 mhí seirbhíse leanúnaí leis an bhfostóir reatha curtha de aige nó aici go sásúil ag deireadh na scoilbhliana ina bhfuil iarratas á dhéanamh aige nó aici agus

c) má tá post aige nó aici don scoilbhliain dar gcionn ar mó é ná 50% de mhúinteoir lánaimseartha. (Is é sin, 14 uaire agus 10 nóiméad in aghaidh na seachtaine i gcás múinteoir Bunscoile agus 11 uair in aghaidh na seachtaine i gcás múinteoir Iarbhunscoile).

Níl postroinnt ar fáil dóibh seo a leanas:

d) i mBunscoil: Príomhoide agus Comhordaitheoir Caidreamh Scolaíocht Bhaile agus

e) in Iarbhunscoil: Príomhoide, Leas-Phríomhoide agus Comhordaitheoir Caidreamh Scolaíocht Bhaile.

f) múinteoirí ar iasacht.

5. Oibriú na Scéime

5.1 Ní mór do mhúinteoir ar mhaith leis postroinnt a dhéanamh an fhoirm iarratais fhorordaithe JS1 atá faoi iamh ag Aguisín A den gcaibidil seo a chur isteach chuig an bhfostóir ní déanaí ná an 1 Feabhra roimh an scoilbhliain ina bhfuil i gceist aige tús a chur leis an bpostroinnt nó leanúint di.

5.2 Ní mór do mhúinteoir ar mhaith leis síneadh ama a chur lena socrú postroinnte iarratas a dhéanamh ar an síneadh sin ar bhonn bliantúil.

5.3 Measfaidh an fostóir gach iarratas ar phostroinnt ar a fhiúntas féin i gcomhthéacs ráiteas beartais na scoile. Ní bheidh aon dul thar chinneadh an fhostóra.

5.4 Meastar an fostóir a óstaíonn (an scoil dá bhfuil an múinteoir sannta go sealadach chun críocha an tsocraithe phostroinnte agus i gcomhair tréimhse an tsocraithe) an múinteoir a bhaineann leas as an socrú postroinnte idirscoile (bunscoileanna amháin) mar fhostóir an bheirt mhúinteoirí postroinnte i gcomhair tréimhse na postroinne, agus ba chóir don múinteoir Foirm Chomhaontaithe a shíniú leis an bhfostóir óstach.

5.5 Féadann múinteoir ar shos gairme nó ar shaoire neamhláithreachta cheadaithe eile iarratas a dhéanamh chun filleadh ar an múinteoireacht ar bhonn postroinnte.

5.6 Eiseoidh an fostóir fógra i scríbhinn chun cead nó diúltú a thabhairt agus leagfar amach don múinteoir an bunús atá le diúltú faoin 1 Márta ar a dhéanaí.

5.7 Agus iomlán na socruithe atá le cur i ngníomh ag an bhfostóir chun riaradh a dhéanamh ar an bpost roinnte á thabhairt san áireamh ba chóir gan cead a thabhairt don iarrthóir a (h)iarratas a tharraingt siar i ndiaidh an 14 Aibreán, é sin, nó ón dáta ar a síníodh conradh an mhúinteora ionaid, cibé acu is túisce. Ba chóir seo a thabhairt san áireamh sa bhfógra a sheolann an scoil chuig an múinteoir.

5.8 I gcúinsí eisceachtúla, más féidir cóiríocht a dhéanamh don iarrthóir laistigh de na leithdháiltí foirne agus faoi réir socruithe an chonartha, d'fhéadfadh an fostóir féachaint ar iarratas ar tharraingt siar ó scéim phostroinnte agus/nó ar fhilleadh ar ais níos luaithe ar fhostaíocht lánaimseartha. Ní fhéachfar ar iarratas mar seo níos déanaí ná an 1 Samhain áfach.

5.9 Ní mór don bhfostóir ainmneacha na múinteoirí go léir a bhaineann leas as socruithe postroinnte a chur ar an bhfoirm d'athrú foirne bliantúil/ar an gcóras BOO ábhartha. Ní mór an t-iarratas ar phostroinnt a choinneáil sa scoil/BOO.

5.10 Ní mór don scoil atá ina hóstach do mhúinteoirí chun críocha postroinnte idirscoile a gcuid oibleagáidí reachtúla um ghrinnfhiosrú an Gharda Síochána a chomhlíonadh de réir an Achta um an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016 agus Ciorcláin ábhartha na Roinne.

6. Dualgais

6.1 Cinnteoidh fostóirí go bhfuil próisis chumarsáide chuí ar bun idir na múinteoirí a bhfuil post á roinnt acu chun go gcomhlíonfaidh siad dualgais an phoist.

6.2 Ní mór do mhúinteoir postroinnte a bheith ar fáil do na cruinnithe foirne agus cruinnithe tuismitheoirí ábhartha de réir beartas agus comhaontuithe na scoile.

6.3 Faoi na Socruithe Seirbhíse Poiblí reatha is pro-rata é an dualgas uaireanta breise a chur ar fáil atá ar mhúinteoirí i mbun postroinnte.

7. Pá/Comhaireamh Seirbhíse

7.1 Más cuí, geobhaidh múinteoirí i mbun postroinnte luach saothair arb ionann é agus 50% den bpost lánaimseartha, liúntais cáilíochta san áireamh (is é sin, Ard-Dioplóma, Bunchéim, Máistreacht, Dochtúireacht, Ard Teastas Gaeilge).

7.2 Má tá liúntas i dtaobh ról poist ag múinteoir, m. sh. ag múineadh trí Ghaeilge/Dioplóma in Oideachas Speisialta/Dioplóma do Mhúinteoirí i Sainchatagóir Mhíchumais, d'fhéadfadh go gcaillfeadh an múinteoir na liúntais seo faoin socrú postroinnte.

7.3 Comhairítear gach bliain seirbhíse postroinnte a thugtar mar bhliain amháin seirbhíse chun críocha ardú céime agus chun críocha breisíochta.

8. Obair Bhreise ag Múinteoir Postroinnte

8.1 Níl cead ag múinteoirí postroinnte

a) tabhairt faoi aon mhúineadh ionadaíochta

b) feidhmiú mar chúntóir riachtanais speisialta sa scoil ina bhfuil sé nó sí fostaithe nó i scoil ar bith eile ná

8.2 Níl cead ag múinteoir postroinnte tabhairt faoi fhostaíocht lasmuigh gan chomhaontú an fhostóra. Is faoin bhfostóir atá sé cinneadh a dhéanamh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil fostaíocht ar bith dá shórt ag teacht salach ar a gcumas a gcuid dualgas mar fhostaí na scoile a chomhlíonadh. Má mheastar a leithéid de choimhlint a bheith ann coinneoidh an fostóir an cead siar.

9. Ceapachán Múinteoir Ionaid

9.1 Sa chás go bhfostófar múinteoir ionaid, ní mór an post a líonadh de réir na rialacha reatha maidir le hearcú múinteoirí. Tairgfear conradh sainchuspóra (ar feadh téarma seasta) dó/di. Ní mór coinníoll a bheith ina leithéid de chonradh go gcríochnóidh an conradh nuair a éiríonn an múinteoir postroinnte as, má théann sé ar scor nó má fhilleann sé ar fhostaíocht lánaimseartha, nó ar an 31 Lúnasa i ndiaidh an conradh a dhéanamh, cibé acu is túisce.

9.2 Is féidir leis an múinteoir ionaid iarratas a dhéanamh ar uaireanta ar bith atá ar fáil, ionadaíocht i scoil ar bith san áireamh, suas chuig uaslíon uaireanta post lánaimseartha.

10. Poist Fhreagrachta

10.1 *Bunscoil*

a) Má cheadaítear Leas-Phríomhoide bhunscoile i gcomhair postroinnte ní mór dó/di an post freagrachta a fhágáil mar aon leis an liúntas cuí ar feadh tréimhse an socrú postroinnte.

b) Is féidir le Príomhoide Cúnta nó le Múinteoir Dualgas Speisialta a liúntas poist fhreagrachta a choinneáil le linn dó a bheith i mbun postroinnte ar an gcoinníoll go gcinneann an fostóir gur féidir dualgais an phoist a chomhlíonadh ina n-iomláine.

c) Má chinneann fostóir nach féidir leis an múinteoir postroinnte dualgais Phríomhoide Chúnta nó post Dualgas Speisialta a chomhlíonadh ina n-iomláine is féidir Príomhoide Cúnta Gníomhach nó Múinteoir Dualgas Speisialta a cheapadh. Roinnfear an liúntas go cothrom idir an bheirt mhúinteoirí (is é sin, coinneálaí gníomhach an phoist agus an múinteoir postroinnte.) Tabharfar an liúntas ar ais do choinneálaí iarbhír an phoist nuair a fhilleann sé ar a chuid dualgas lánaimseartha.

d) Ní bhunóidh an coinneálaí poist gníomhach teideal pearsanta chuig an liúntas agus scarfaidh sé leis an teideal nuair a fhilleann an roinnteoir poist ar dhualgais lánaimseartha.

e) Is féidir le múinteoir ar Scéim Phostroinnte idirscoile iarratas a dhéanamh ar phoist fhreagrachta a thagann chun cinn sa scoil ina raibh sé, ach ní cháilíonn sé chun iarratas a dhéanamh ar pho(i)st sa scoil ina bhfuil sé/sí ag roinnt poist.

f) Má théann múinteoir ag a bhfuil liúntas post freagrachta i socrú postroinnte idirscoile ní mór dó/di an liúntas a fhágáil i gcomhair tréimhse an socrú postroinnte. Is féidir coinneálaí poist gníomhach a cheapadh, faoi réir ag an ngá leis an bpost a bheith dearbhaithe.

10.2 *Iarbhunscoil*

a) Is féidir le Príomhoide Cúnta nó le Múinteoir Dualgas Speisialta a liúntas poist fhreagrachta a choinneáil le linn dó a bheith i mbun postroinnte ar an gcoinníoll go gcinneann an fostóir gur féidir dualgais an phoist a chomhlíonadh ina n-iomláine.

b) Má chinneann fostóir nach féidir leis an múinteoir postroinnte iomlán dualgas an Phríomhoide Chúnta nó an phoist Dualgas Speisialta a chomhlíonadh caillfidh sé an liúntas ar feadh tréimhse an tsocraithe. Tabharfar an liúntas ar ais nuair a théitear ar ais i mbun na ndualgas lánaimseartha.

c) Ní bhunóidh an coinneálaí poist gníomhach teideal pearsanta chuig an liúntas agus scarfaidh sé leis an teideal nuair a fhilleann an Roinnteoir Poist ar dhualgais lánaimseartha.

10.3 *Bunscoil agus Iarbhunscoil*

a) Beidh an teidlíocht chun Post Freagrachta a líonadh agus/nó ceapachán agus íocaíocht i ndáil le Poist Fhreagrachta Ghníomhacha ag an leibhéal Bunscoile agus Iarbhunscoile de réir na gCiorclán is infheidhme agus/nó de réir rialachán eile.

10.4 Ba chóir don bhFostóir, i gcomhairle leis an bPríomhoide, athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar na poist fhreagrachta atá ag na múinteoirí postroinnte d'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar na freagrachtaí mar is cuí.

11. Foirceannadh Dualgas/filleadh ar Dhualgais

11.1 Ní mór d'fhostóirí a chinntiú go bhfuil múinteoirí atá rannpháirteach sa scéim phostroinnte ar an eolas gur féidir socrú a fhoirceannadh uair ar bith mura bhfuil sí á hoibriú chun leasa is fearr na ndaltaí.

11.2 Is é an fostóir atá freagrach as a chinntiú go gcuirtear Rannóg Phárolla na Roinne/an BOO ar an eolas roimh ré faoin dáta ar a gcríochnóidh socrú postroinnte an mhúinteora agus faoin dáta ar a gcríochnóidh fostaíocht an mhúinteora ionaid chun nach ndéanfar aon ró-íocaíocht tuarastail.

12. Saoire Mháithreachais/Saoire Uchtála

12.1 Maidir le múinteoir lánaimseartha atá ar shaoire mháithreachais/uchtála agus ar rogha leis nó léi post a roinnt sa chéad scoilbhliain eile, íocfar an ráta pá lánaimseartha suas chuig tús na chéad scoilbhliana eile. Ón bpointe sin ar aghaidh íocfar an ráta postroinnte leis an múinteoir ar feadh a bhfuil fágtha den tsaoire.

12.2 Maidir le múinteoir postroinnte atá ar shaoire mháithreachais/uchtála agus ar rogha leis nó léi filleadh ar dhualgais lánaimseartha sa chéad scoilbhliain eile, íocfar an ráta pá postroinnte suas chuig tús na chéad scoilbhliana eile. Ón bpointe sin ar aghaidh íocfar an ráta lánaimseartha leis an múinteoir ar feadh a bhfuil fágtha den tsaoire.

13. Ag Éirí as le linn Postroinnte

13.1 Ní mór do mhúinteoir atá i mbun scéim phostroinnte agus ar mhaith leis/léi éirí as an bpost múinteoireachta é seo a chur in iúl don bhfostóir i scríbhinn de réir téarmaí fostaíochta an mhúinteora.

14. Pinsean

14.1 De réir na gciorclán is infheidhme agus/nó rialachán eile cáileoidh múinteoir postroinnte i gcomhair sochair aoisliúntais ar an mbonn céanna le baill foirne lánaimseartha ach amháin go ríomhtar gach bliain seirbhíse i gcáil phostroinnte mar sheirbhís lánaimseartha sé mhíosa chun críocha aoisliúntais.

14.2 D'fhéadfadh an rogha a bheith ag múinteoir postroinnte seirbhís bharúlach a cheannach chun críocha aoisliúntais. Tá tuilleadh eolais maidir le seirbhís bharúlach a cheannach agus maidir le gnóthaí pinsin eile ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne

Scor-Pinsin nó trí teagmháil a dhéanamh leis an BOO lena mbaineann. Ba chóir ceisteanna ar bith maidir le seirbhís bharúlach a cheannach a chur isteach trí ríomhphost chuig pensions@education.gov.ie nó chuig an BOO lena mbaineann.

15. Impleachtaí maidir le hÁSPC

15.1 Ba chóir do mhúinteoirí a bhfuil de rún acu tabhairt faoi phostroinnt a chinntiú (trí theagmháil a dhéanamh leis an RCS más gá) cé acu an bhfuil nó nach bhfuil aon impleachtaí ag an bpostroinnt i dtaobh taifid a gcuid ranníocaíochtaí/sochar ÁSPC.

16. Laethanta in-Seirbhíse/Pleanála Scoile

16.1. Múinteoirí postroinnte i mbunscoileanna a bhfuil orthu freastal ar chúrsaí/laethanta pleanála scoile ar laethanta nach bhfuil siad ag múineadh, deonófar saoire in ionad na laethanta seo dóibh. Ní dheonófar saoire in ionad más cuid den ngealltanas uaireanta breise faoi na Comhaontuithe Seirbhíse Poiblí reatha é freastal an mhúinteora ar na laethanta seo.

16.2. Má táthar chun saoire in ionad a dheonú ba chóir a dheimhniú gur freastalaíodh ar chúrsa/lá pleanála scoile a thabhairt don bhfostóir i scríbhinn chun go n-iontrálfar sa OLCSL/córas BOO lena mbaineann é mar is cuí. Ní íocann an Roinn/BOO as múinteoir ionaid i gcomhair na laethanta seo.

17. Ath-imlonnú

17.1. Beidh múinteoirí postroinnte faoi réir na gcoinníollacha ath-imlonnaithe céanna le múinteoirí lánaimseartha.

AGUISÍN A

Foirm Iarratais ar Phostroinnt

NÁ cuirtear Foirmeacha Iarratais/Doiciméadú Tacaíochta isteach chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna. Comhlánaítear an Fhoirm Iarratais seo ina hiomláine agus coinnítear í sa scoil/BOO i dteannta doiciméadaithe ábhartha eile chun críche taifid agus iniúchta.

Cuid 1 (Ní mór do gach iarrthóir ar phostroinnt foirm ar leith a chomhlánú)

Ainm	
Seoladh Baile	
Uimh. Theileafóin Theagmhála:	
Seoladh ríomhphoist	
UPSP	
Uimh. Chlárúcháin leis an gComhairle Mhúinteoireachta	
Fad na seirbhíse leanúnaí leis an bhfostóir reatha	
Más Múinteoirí Téarma Sheasta atá i gceist, dáta deiridh an chonartha	
Ainm & Seoladh na Scoile	
Uimhir rolla na scoile	

Cuid 2 - Roghanna Socruithe Postroinnte

Cuir in iúl, le do thoil, cén Roghanna Postroinnte ar mhaith leat iarratas a dhéanamh orthu

Cuir tic √

☐ Iarratas ar post lánaimseartha a roinnt le múinteoir eile sa scoil céanna

Ainm an mhúinteora: _____

☐ Iarratas chun post lánaimseartha a roinnt le múinteoir eile trí Shocrú Postroinnte Idirscoile (bunscoileanna amháin)

Ainm an mhúinteora eile: _____

Ainm na Scoile eile: _____

Uimh. Rolla na Scoile eile: _____

☐ Iarratas ar post lánaimseartha a roinnt le múinteoir ionaid. (Earcóidh m'fhostóir an múinteoir ionaid)

☐ Iarratas ar uaireanta teagaisc ar lú iad ná uaireanta lánaimseartha a laghdú chuig uaireanta postroinnte agus iarrtar ar an scoil múinteoir a earcú d'iarmhéid na n-uaireanta atá ar fáil.

Cuid 3 - Mionsonraí an Socrú Postroinnte Beartaithe

Dáta tosaigh beartaithe an tsocraithe phostroinnte: _____

Cuir tic √

Is mian liomsa, an té a bhfuil a shíniú thíos:

☐ cur isteach ar phostroinnt de réir *Téarmaí & Coinníollacha Fostaíochta do Mhúinteoirí Cáilithe i mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna Aitheanta - Eagrán 2.*

☐ Tugaim toiliú gur féidir an fhaisnéis phearsanta atá tugtha agam ar an bhfoirm iarratais seo a aistriú chuig an scoil chomhpháirtíochta atá rannpháirteach sa socrú postroinnte beartaithe

☐ Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha agam sa bhFoirm Iarratais seo fíor cruinn.

Síniú an Mhúinteora (Ainmnithe i gCuid 1): _____

Dáta: _____

Cuid 4 (ní mór don bhFostóir/na Fostóirí seo a chomhlánú)

NÓTA: Ba chóir duit an t-eolas seo a leanas a thabhairt do d'aire sula gcomhlíonann tú an fhoirm. Ar bhonn an eolais atá i gCuid 1 den bhfoirm iarratais agus í comhlánaithe, ba chóir d'Fhostóir/d'Fhostóirí a chinntiú cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann na múinteoirí na critéir incháilitheachta atá leagtha amach i *Téarmaí & Coinníollacha Fostaíochta do Mhúinteoirí Cáilithe mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna Aitheanta - Eagrán 2*.

1. Is faoin bhFostóir/na Fostóirí amháin atá an cinneadh an socrú postroinnte a cheadú nó gan é a cheadú
2. Ba chóir don bhFostóir/na Fostóirí na múinteoirí a chur ar an eolas faoina gcinneadh i scríbhinn chomh luath agus is féidir ach ní níos déanaí ná an 1 Márta.
3. Má cheadaíonn an Fostóir/na Fostóirí iarratas an mhúinteora ba chóir dóibh
   (a) cuid 4 den bhfoirm iarratais seo a chomhlánú agus í a choinneáil san óstscoil/BOO agus
   (b) liosta ainmneacha na múinteoirí go léir a fuair cead tabhairt faoi phostroinnt a chur ar an bhfoirm d'athrú foirne bliantúil/ar an gcóras BOO ábhartha.

Cuir tic √

Dearbhaímse, an te a bhfuil a shíniú thíos:

☐ go bhfuil an tIarratas ar Phostroinnt seo scrúdaithe agus ceadaithe agam.

☐ go gcomhlíonann an t-iarrthóir na critéir incháilitheachta de réir na scéime atá leagtha amach sna *Téarmaí & Coinníollacha Fostaíochta do Mhúinteoirí Cáilithe i mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna Aitheanta - Eagrán 2*, agus gur cloíodh leis na rialacháin agus nósanna imeachta atá leagtha amach.

☐ go bhfuil an cinneadh curtha in iúl don mhúinteoir i scríbhinn.

Ainm: _____ (I mBloc-litreacha)

Síniú an Fhostóra (Óstscoil) _____

Seoladh: _____

Dáta: _____

Dearbhaímse, an té a bhfuil a shíniú thíos:

☐ go bhfuil an tIarratas ar Phostroinnt seo scrúdaithe agus ceadaithe agam.

☐ go gcomhlíonann an t-iarrthóir na critéir incháilitheachta de réir na scéime atá leagtha amach sna *Téarmaí & Coinníollacha Fostaíochta do Mhúinteoirí Cáilithe i mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna Aitheanta - Eagrán 2,* agus gur cloíodh leis na rialacháin agus nósanna imeachta atá leagtha amach.

☐ go bhfuil an cinneadh curtha in iúl don múinteoir i scríbhinn.

Ainm: _____ (I mBloc-litreacha)

Síniú an Fhostóra (Scoil eile) _____

Seoladh: _____

Dáta: _____ *

*Ní bhíonn gá leis an dara síniú ach amháin maidir le socrú postroinnte idirscoile (bunscoileanna amháin).

Ráiteas Príobháideachais Cosanta Sonraí

An phríomhchúis go n-iarrann an Roinn sonraí pearsanta ort ná chun d'iarratas ar Shaoire Atharthachta a phróiseáil. Na sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú, is féidir go malartófar iad idir d'fhostóir agus an Roinn. Gheofar an Fógra Príobháideachais ina bhfuil tuilleadh eolais ar an bhfoirm iarratais seo ag: https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/gdpr/gdpr.html. Gheofar sonraí iomlána bheartas Cosanta Sonraí na Roinne, ina leagtar amach an úsáid a bhainfimid as do shonraí pearsanta mar aon le heolas ar do chearta mar ábhar sonraí ag https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/. Gheofar sonraí an bheartais seo i gcóip chrua, leis, ó Théarmaí & Coinníollacha Múinteoirí/Cúntóirí Riachtanas Speisialta, An Roinn Oideachais & Scileanna, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659, ach é a iarraidh.

CAIBIDIL A DEICH – SCÉIM SHAOIRE DO CHÚRAMÓIRÍ

(Ba chóir an méid seo a léamh i dteannta leis an Réamhrá, Forálacha Ginearálta do gach Scéim, agus na Sainmhínithe)

1. Scéim Saoire do Chúramóirí

1.1 Is é is Saoire do Chúramóirí ann ná tréimhse saoire gan phá atá ar fáil do mhúinteoir chun gur féidir leis/léi cúram lánaimseartha a thabhairt do dhuine lena mbaineann.

1.2 Ní mór go measann an RCS ar dtús go bhfuil an leibhéal cúram seo ag teastáil ón duine a ndéantar iarratas ar shaoire do chúramóirí ina leith (dá dtagraítear mar an "duine lena mbaineann"). Dá bhrí sin ní mór don múinteoir iarratas a dhéanamh ar dtús ar fhoirm fhorordaithe, foirm CARB1 na RCS . Má fhaomhtar é is féidir iarratas a dhéanamh chuig an bhfostóir. I gcásanna éigeandála is féidir le fostóir iarratas a phróiseáil agus Saoire do chúramóirí a dheonú agus a bheith ag feitheamh ar fhaomhadh ón RCS. Agus saoire do chúramóirí á dheonú aige ba chóir dó deimhin a dhéanamh de go bhfuil iarratas curtha isteach chuig an RCS. Ní mór don múinteoir foirm faofa na RCS a chur isteach chuig an scoil láithreach nuair a bhfuil sí faighte ón RCS.

1.3 Meastar go bhfuil an múinteoir atá ar saoire do chúramóirí fostaithe chun gach críche ag an am sin seachas do luach saothair agus aoisliúntas. Dá bhrí sin tá an neamhláithreacht ináirithe go hiomlán chun gach críche eile, lena n-áirítear sinsearacht, rochtain ar an bpainéal ath-imlonnaithe, agus fógra maidir le poist fhreagrachta.

1.4 Ní bheidh teidlíocht ag múinteoir chuig saoire do chúramóirí má tá duine eile ar saoire do chúramóirí chun cúram agus aird lánaimseartha a thabhairt don duine céanna.

2. Incháilitheacht

2.1 Is féidir le múinteoir iarratas a dhéanamh ar shaoire do chúramóirí má tá seirbhís leanúnach bliana curtha isteach aige go sásúil leis an bhfostóir reatha.

2.2 Is féidir an riachtanas seo a tharscaoileadh sna cásanna seo a leanas:

- múinteoir a ath-imlonnaíodh go héigeantach chuig scoil ar choinníoll go bhfuil obair bliana amháin ar a laghad déanta aige sa scoil reatha sular ath-imlonnaítear é/í

- tá múinteoir a bhfuil saoire do chúramóirí á lorg aige ag múineadh i scoil a cumascadh laistigh de bhliain ón dáta a ndearnadh iarratas ar shaoire do chúramóirí

2.3 Ní féidir cead i gcomhair saoire do chúramóirí a thabhairt do mhúinteoir atá le bheith á chur ar phainéal ath-imlonnaithe nó atá ar phainéal ath-imlonnaithe ar feadh níos faide ná deireadh na scoilbhliana ina ndéanfar a p(h)ost a aistarraingt.

2.4 Má ceapadh múinteoir ar chonradh téarma sheasta agus dá mba rud é go raibh deireadh leis an bhfostaíocht tráth a n-éagann an téarma seasta sin murach go raibh sé/sí ar saoire do chúramóirí, ní chuirfear síneadh ama leis an tsaoire do chúramóirí atá níos faide ná an lá a n-éagann an téarma seasta. Ní dhéanfaidh deonú nó tógáil saoire do chúramóirí difear do dháta foirceannta ceapachán téarma sheasta.

2.5 Ní mór go measann an tSeirbhís Sláinte Ceirde múinteoir atá as láthair ar saoire breoiteachta díreach sula dtosaíonn sé/sí ar shaoire do chúramóirí a bheith oiriúnach don obair roimh dhó/dhi tús a chur le saoire do chúramóirí.

3. Oibriú na Scéime

3.1 Ba chóir do mhúinteoir iarratas ar shaoire do chúramóirí a dhéanamh chuig a f(h)ostóir 6 seachtaine ar a laghad roimh thús na saoire. Ní mór cóip den cheadú ón RCS (má tá sí ar fáil) a chur leis an bhfoirm iarratais atá i gceangal ag Aguisín A.

3.2 Ba chóir don bhfostóir agus an tsaoire do chúramóirí á deonú, an doiciméid dearbhaithe atá i gceangal le hAguisín B a chomhlánú i gcomhar leis an múinteoir 4 seachtaine roimh thús a chur leis an tsaoire.

3.3 Ní mór don bhfostóir fógra a thabhairt don Roinn tríd OLCS/córas an BOO ***tráth nach déanaí ná 4 seachtaine roimh*** thosach na saoire. Mar gur saoire neamhíoctha atá sa tsaoire do chúramóirí, d'fhéadfadh ró-íocaíocht tuarastail leis an múinteoir lena mbaineann a bheith mar thoradh ar mhoill mhíchuí ó thaobh taifeadadh a dhéanamh ar an tsaoire. Ní mór ró-íocaíocht tuarastail ar bith a dhéantar ar an gcuma seo a aisghabháil de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach in Imlitir 84/2015 "Beartas agus Nósanna Imeachta chun chun Ró-íocaíochtaí Tuarastail nó Pinsin a Aisghabháil" nó, i gcás BOO, Imlitir 32/2016 "Policy and Procedures for dealing with the recovery of overpayments of salary". Ní mór do dháta tosaigh agus dáta deiridh atá taifeadta tríd an OLCS/córas BOO a bheith ag teacht leis na dátaí atá ceadaithe ag an RCS.

4. Tréimhse na Saoire do Chúramóirí

4.1 Is é an tréimhse uasta saoire do chúramóirí is féidir a cheadú chun cúram a thabhairt do dhuine 104 seachtaine mar shaoire gan phá, agus beidh de rogha ag múinteoirí an tsaoire seo a ghlacadh mar:

- tréimhse leanúnach amháin 104 seachtaine nó
- tréimhse amháin nó níos mó tréimhsí nach sáraíonn a bhfad iomlán 104 seachtaine.

4.2 Mura dtógtar saoire do chúramóirí in aon tréimhse leanúnach amháin 104 seachtaine caithfidh tréimhse 6 seachtaine ar a laghad a bheith idir na tréimhsí saoire do chúramóirí i ndáil leis an duine céanna. Is é 13 seachtaine an riachtanas íosta reachtúil is féidir a ghlacadh in aon tréimhse amháin. Cuimsíonn seachtain 7 lá as a chéile, deirí seachtaine, laethanta dúnta scoile agus laethanta nach bhfuil an múinteoir ar an amchlár chun freastal laistigh den tréimhse sin san áireamh. D'fhéadfaí féachaint ar iarratas ar thréimhsí níos lú ar a fhiúntas féin áfach, agus iad a cheadú más féidir.

5. Saoire do Chúramóirí i leith breis is aon duine amháin lena mbaineann

5.1 Níl cead ag múinteoir a bheith ar shaoire do chúramóirí i leith breis is aon duine amháin ag aon tráth ar bith. Mar sin féin is féidir le múinteoir, aon bhabhta amháin, tús a chur le saoire i ndáil le duine eile más rud é go gcónaíonn an bheirt le chéile agus má tá faomhadh faighte ón RCS i leith an dara duine. Ina leithéid de chúinsí is féidir 208 seachtaine de shaoire do chúramóirí a ghlacadh ar an iomlán (104 seachtaine do gach duine).

5.2 Má bhain múinteoir leas as saoire do chúramóirí i leith duine amháin agus más gá dó nó di tuilleadh saoire a ghlacadh i leith duine eile, agus mura gcónaíonn an bheirt sin le chéile, caithfidh tréimhse 6 mhí a bheith thart ón dáta a raibh an tsaoire maidir leis an chéad duine thart sula bhféadfar tús a chur le tréimhse saoire eile maidir leis an dara duine. Tá feidhm ag an rialachán seo fiú amháin mura bhfuil an tréimhse uasta saoire do chúramóirí, is é sin, 104 seachtaine, glactha maidir leis an chéad duine.

6. Múinteoir Ionaid

6.1 Is féidir leis an bhfostóir múinteoir ionaid a cheapadh ar íocann an Roinn/BOO é/í le linn do mhúinteoir a bheith as láthair ar shaoire do chúramóirí, agus ní mór seo a eochrú leis an OLCS/córas BOO ábhartha.

6.2 I gconarthaí a bhronntar chun saoire do chúramóirí a chlúdach ba chóir a chur in iúl go soiléir go bhfuil cúinsí ann ina bhféadfadh gá a bheith le ceapacháin ionaid a fhoirceannadh, sa chás go bhfilleann an múinteoir atá as láthair ar a c(h)uid dualgas níos luaithe ná mar a bhíothas ag súil ar dtús.

7. Forluí Saoire

7.1 Níl sé ceadaithe a bheith as láthair ar dhá chineál saoire reachtúil ag aon am amháin.

8. Foirceannadh Saoire do Chúramóirí

8.1 Go ginearálta, bíonn deireadh le tréimhse saoire do chúramóirí ar dháta a shonraítear ar an doiciméad dearbhaithe nó má tharlaíonn na nithe seo a leanas:

- níl gá ag an duine dá dtugtar cúram leis an gcúram ná leis an aire a thuilleadh le linn tréimhse na saoire do chúramóirí nó

- faigheann an duine dá dtugtar cúram bás le linn tréimhse saoire do chúramóirí.

8.2 Sa dara cás thuas is féidir leis an múinteoir filleadh ar an dáta a sonraíodh sa doiciméad dearbhaithe nó ar dháta atá 6 seachtaine i ndiaidh dáta an bháis, cibé acu is túisce.

Má mheasann an fostóir go bhfuil ceann ar bith de na cúinsí seo a leanas i gceist:

a) Nach é an duine a bhfuil beartaithe ag an múinteoir an tsaoire do chúramóirí a ghlacadh ina leith an duine lena mbaineann nó nach é an duine sin a thuilleadh

b) Nach é an duine ar deonaíodh an tsaoire do chúramóirí ina leith agus a bhfuil an múinteoir ar saoire do chúramóirí ina leith an duine lena mbaineann nó nach é an duine sin a thuilleadh

c) Nach gcomhlíonann múinteoir a bhfuil beartaithe aige/aici saoire do chúramóirí a ghlacadh nó atá ar saoire do chúramóirí, na coinníollacha maidir le cúram agus aire lánaimseartha a thabhairt don duine lena mbaineann

d) Go bhfuil múinteoir a bhfuil beartaithe aige/aici saoire do chúramóirí a ghlacadh nó atá ar saoire do chúramóirí tar éis dul i mbun fostaíochta nó féinfhostaíochta seachas a bhfuil foráil déanta dó sna rialacháin a rinne an tAire Coimirce Sóisialaí;

is ansin a chuirfidh an fostóir an bharúil sin in iúl don RCS mar aon leis na húdair atá leis an mbarúil sin.

8.3 Má dhéanann an RCS cinneadh mar seo a leanas:

a) Nárbh é an duine ar beartaíodh múinteoir saoire do chúramóirí a ghlacadh ina leith nó a bhfuil saoire do chúramóirí glactha ina leith an duine lena mbaineann nó nach é an duine sin a thuilleadh

b) Nach gcomhlíonann an múinteoir na coinníollacha chun cúram ná aire lánaimseartha a thabhairt nó

c) Tá an múinteoir ag gabháil nó bhí sé ag gabháil d'fhostaíocht nó d'fhéinfhostaíocht seachas a bhfuil forordaithe ag an RCS (m. sh. ag obair níos mó ná an 15 uaire atá ceadaithe in aghaidh na seachtaine);

ansin beidh deireadh leis an tréimhse saoire do chúramóirí, má tá tús curtha léi, ar dháta an chinnidh sin agus fillfidh an múinteoir ar an obair. Is féidir achomharc ar bith i gcoinne an chinnidh sin a dhéanamh chuig oifigeach achomhairc na RCS.

8.4 In imthosca a bhfuil deireadh le cur le saoire do chúramóirí ar bhonn treorach ó oifigeach cinnidh nó oifigeach achomhairc na RCS is riachtanas é:

a) go n-eiseoidh an fostóir fógra i scríbhinn chuig an múinteoir maidir le filleadh ar an obair, go bhfillfear ar dáta atá réasúnach agus indéanta, le haird chuí ar gach cúinse

b) go n-eiseoidh an fostóir fógra i scríbhinn chuig an RCS nuair a fhilleann an múinteoir chuig an bhfostaíocht, go bhfuil deireadh tagtha le tréimhse na saoire do chúramóirí agus an dáta ar fhill an múinteoir

c) coinneoidh múinteoir a bhfuil fógra um fhilleadh ar an obair faighte aice an fógra sin

d) coinneoidh an fostóir cóip den bhfógra sin a tugadh do mhúinteoir

9. Obair, Oideachas/Oiliúint le linn a bheith ar Saoire do Chúramóirí

9.1 Is féidir le múinteoir tabhairt faoi mhúinteoireacht ionadaíochta, obair lasmuigh den múinteoireacht, tabhairt faoi chúrsa oiliúna nó oideachais ar choinníoll:

a) go bhfuil cead faighte ag an múinteoir ón RCS sula dtugann sé/sí faoin bhfostaíocht (múinteoireacht ionadaíochta san áireamh), sula dtugann sé/sí faoi chúrsa oiliúna nó cúrsa oideachais. Tá seo amhlaidh chun go ndeimhnítear don RCS go bhfuil dóthain soláthar á dhéanamh do chúram don duine lena mbaineann

b) nach sáraíonn líon comhiomlán na n-uaireanta fostaíochta (lena n-áirítear múinteoireacht ionadaíochta), oiliúint ná oideachas teorainn reachtúil 15 uaire in aghaidh na seachtaine

c) nach sáraíonn tuilleamh glan na fostaíochta ar fad an teorainn cheadaithe sheachtainiúil (Teorainn Sheachtainiúil na RCS) atá curtha g an RCS

9.2 Is ar an múinteoir amháin atá an fhreagracht a chinntiú nach sáraítear na teorainneacha atá leagtha amach ag 9.1 b) agus c).

9.3 Ní mór uaireanta ionadaíochta ar bith atá déanta ag múinteoir le linn dó/di a bheith ar saoire cúramóra a eochrú ar an OLCS/córas BOO (ag an scoil ina bhfuil an obair ionadaíochta á déanamh).

9.4 Níl cead ag múinteoir ionadaíocht a dhéanamh ar a phost múinteoireachta féin ach is féidir leis/léi ionadaíocht a dhéanamh ina scoil féin.

10. Asbhaintí Deonacha

10.1 Tagann deireadh le hasbhaintí deonacha ón tuarastal nuair a théann múinteoir ar saoire do chúramóirí. Is ar an múinteoir amháin atá ag baint leasa as an tsaoire do chúramóirí atá an fhreagracht a chinntiú nach dtagann deireadh le polasaithe árachais leighis, árachas leanúnachais ioncaim, ranníocaíochtaí ceardchumainn, íocaíocht comhar creidmheasa srl. Níl dliteanais ar an Roinn/BOO maidir le polasaithe d'aon chineál a dtagann deireadh leo. Is féidir tuilleadh mionsonraí maidir le hasbhaintí deonacha a fháil ar shuíomh gréasáin na Roinne, www.education.ie faoi: Foireann Oideachais – Eolas – Párolla & Airgeadas – Asbhaintí Deonacha.

11. Tuilleadh Eolais

11.1 Déantar foráil do Shaoire do Chúramóirí faoin Acht um Shaoire Chúramóra 2001.

Aguisín A

Foirm Iarratais ar Shaoire do Chúramóirí

NÁ cuirtear Foirmeacha Iarratais/Doiciméadú Tacaíochta isteach chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna. Comhlánaítear an Fhoirm Iarratais seo ina hiomláine agus coinnítear í sa scoil/BOO i dteannta doiciméadaithe ábhartha eile chun críche taifid agus iniúchta.

(LE COMHLÁNÚ AG AN MÚINTEOIR)

Scoil: _____Uimh. Rolla: _____

Ainm: _____

Seoladh Baile: _____

_____

Uimh. Theileafóin Theagmhála: _____

UPSP | | | | | | | | | |

Déanaim iarratas leis seo ar Shaoire do Chúramóirí maidir le (AINM AN DUINE LENA mBAINEANN)

_____

☐ **Tá cóip den Ráiteas Dearbhaithe ón RCS ceangailte**

Tá beartaithe agam saoire a thógáil de réir na scéime mar atá leagtha amach sna *Téarmaí & Coinníollacha Fostaíochta do Mhúinteoirí Cáilithe i mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna Aitheanta - Eagrán 2* mar seo a leanas:

Cuir tic

☐ In aon bhloc leanúnach amháin

☐ I dtréimhsí seachtaine ar leithligh mar a leanas: (6 seachtaine ar a laghad idir na tréimhsí)

Dátaí na Saoire do Chúramóirí mar a leanas:

Ó _____ go _____

Ó _____ go _____

Ó _____ go _____

Ó _____ go _____

Deimhním leis seo go bhfuil an t-eolas atá taifeadta sa doiciméad seo fíor agus cruinn agus go bhfuil m'iarratas ar shaoire do chúramóirí á chur isteach de réir an Achta um Shaoire do Chúramóirí agus na nósanna imeachta atá leagtha amach sna *Téarmaí & Coinníollacha Fostaíochta do Mhúinteoirí Cáilithe i mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna Aitheanta - Eagrán 2*

Síniú an Mhúinteora: _____ Dáta: _____

AGUISÍN B

Doiciméad Dearbhaithe i gcomhair Saoire Do Chúramóirí

(LE COMHLÁNÚ AG AN bhFOSTÓIR AGUS AG AN MÚINTEOIR)

NÁ cuirtear Foirmeacha Iarratais/Doiciméadú Tacaíochta isteach chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna. Comhlánaítear an Fhoirm Iarratais seo ina hiomláine agus coinnítear í sa scoil/BOO i dteannta doiciméadaithe ábhartha eile chun críche taifid agus iniúchta.

Deimhním leis seo go bhfuil Saoire do Chúramóirí deonaithe do:

_____

UPSP: | | | | | | | | | |

Maidir le (AINM AN DUINE LENA mBAINEANN)

_____

☐ **Tá cóip den Ráiteas Dearbhaithe ón RCS faighte**

Tá an tSaoire do Chúramóirí deonaithe de réir *Téarmaí & Coinníollacha Fostaíochta do Mhúinteoirí Cáilithe i mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna Aitheanta Eagrán 2* mar seo a leanas:

Ó _____ go _____

Ó _____ go _____

Ó _____ go _____

Ó _____ go _____

Ó _____ go _____

Síniú an mhúinteora: _____ Dáta: _____

Síniú thar ceann an fhostóra: _____ Dáta: _____

Ba chóir don múinteoir cóip den doiciméad seo a choinneáil. Ba chóir don bhfostóir an doiciméad bunaidh a choinneáil i gcomhad.
Féadfaidh an múinteoir an t-iarratas sin a aisghairm ag tráth ar bith ***sula síníonn*** an dá pháirtí an doiciméad dearbhaithe.

Ní féidir aon leasú a dhéanamh ar an doiciméad dearbhaithe tar éis é a shíniú, gan comhaontú an dá pháirtí roimh ré.

Ráiteas Príobháideachais Cosanta Sonraí

An phríomhchúis go n-iarrann an Roinn sonraí pearsanta ort ná chun d'iarratas ar Shaoire Atharthachta a phróiseáil. Na sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú, is féidir go malartófar iad idir d'fhostóir agus an Roinn. Gheofar an Fógra Príobháideachais ina bhfuil tuilleadh eolais ar an bhfoirm iarratais seo ag: https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/gdpr/gdpr.html. Gheofar sonraí iomlána bheartas Cosanta Sonraí na Roinne, ina leagtar amach an úsáid a bhainfimid as do shonraí pearsanta mar aon le heolas ar do chearta mar ábhar sonraí ag https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/. Gheofar sonraí an bheartais seo i gcóip chrua, leis, ó Théarmaí & Coinníollacha Múinteoirí/Cúntóirí Riachtanas Speisialta, An Roinn Oideachais & Scileanna, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659, ach é a iarraidh.

CAIBIDIL A hAON DÉAG - SAOIRE GAN PHÁ

(Ba chóir an méid seo a léamh i dteannta leis an Réamhrá, Forálacha Ginearálta do gach Scéim, agus na Sainmhínithe)

1. Saoire gan Phá

1.1 Ná féachtar ar Shaoire gan Phá ach amháin i gcúinsí fíor-eisceachtúla, más deimhin leis an bhfostóir go bhfuil oibleagáid an-láidir i gceist atá ina cúis le bheith as láthair ón obair. Ná úsáidtear neamhláithreachtaí faoin gceannteideal seo in ionad cineálacha saoire eile, cibé acu reachtúil nó eile, agus ná bídís athfhillteach.

1.2 Ní mór iarratais ar shaoire gan phá a bheith ceadaithe ag an bhfostóir sé seachtaine roimh an neamhláithreacht.

1.3 Ní mór don bhfostóir fógra faoi gach neamhláithreacht saoire gan phá a chur in iúl don Roinn tríd an OLCS/BOO beag beann ar cé acu a fostaíodh, nó nár fostaíodh, múinteoir ionaid. Ba chóir saoire gan phá a chur isteach tríd an OLCS/córas BOO lena mbaineann a luaithe agus is féidir tar éis dóibh a bheith ceadaithe ag an bhfostóir d'fhonn a chinntiú go ndéanfar asbhaintí ón bpá ag an tráth ceart. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach féidir neamhláithreacht saoire gan phá a athrú uair agus go bhfuil sé próiseáilte ar an OLCS.

2. Fad na Tréimhse Saoire gan Phá

2.1 Is é 10 lá scoile an t-uasmhéid saoire gan phá is féidir a ghlacadh i scoilbhliain. Íocfaidh an Roinn/BOO as ionadaíocht.

3. Eolas eile

3.1 Is ionann neamhláithreacht ar feadh coda den lá scoile agus neamhláithreacht ar feadh an lá scoile ar fad.

3.2 Beidh feidhm ag teidlíochtaí pro-ráta chuig neamhláithreachtaí faoin gcaibidil seo i leith múinteoirí atá fostaithe ar bhonn páirtaimseartha.

3.3 Déileálfar le neamhláithreacht ar bith nach bhfuil ceadaithe ag an bhfostóir faoi nósanna imeachta smachta.

3.4 Ní chuirfidh neamhláithreachtaí faoin gceannteideal seo isteach ar theidlíochtaí faoi Shaoire Reachtúil.

3.5 Ní féidir múinteoir a bhíonn as láthair ar saoire gan phá a fhostú in aon bhunscoil ná in aon iarbhunscoil aitheanta eile chun dul i mbun teagaisc in aon acmhainn ná chun dul i mbun dualgais chúntóir riachtanas speisialta.

AN ROINN OIDEACHAIS & SCILEANNA
Corr na Madadh, Co. na hIarmhí, N37 X659